Education Legislation	Education Legislation
All Publications	Department of Education publications
Department Circulars	Department Circulars
Special Education	Special Education
School Design	School Building and Design
Press Releases	Department Press Releases
Department Services	Department Services
National Educational Psychological Service	National Educational Psychological Service

An Roinn Oideachais
Department of Education

Tuarascáil Bhliantúil 2023
An Roinn Oideachais

Clár Ábhar

Brollach ón Aire 84

Ráiteas ón Ard-Rúnaí 85

Réamhrá 86

Ár Misean 89

Ár Spriocanna 90

Sprioc 1: Tacú le hoideachas ardchaighdeáin a sholáthar agus feabhas a chur ar an eispéireas foghlama chun freastal ar na riachtanais atá ag gach dalta i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta 92

1.1 An curaclam ar leibhéal na bunscoile 92

1.1.1 Curaclam Matamaitice na Bunscoile 15

1.2 An curaclam ar leibhéal na hiar-bhunscoile – an tSraith Shóisearach 93

1.3 An curaclam ar leibhéal na hiar-bhunscoile – an tSraith Shinsearach 93

1.4 An litearthacht agus an uimhearthacht 93

1.5 Tástáil náisiúnta agus idirnáisiúnta 94

1.6 An ráiteas polasaí um oideachas STEM agus an plean forfheidhmithe um oideachas STEM 95

1.7 Teangacha iasachta 95

1.8 Gaeilge 96

1.8.1 Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha 96

1.8.2 Corpoideachas trí Ghaeilge 96

1.9 Óige Ildánach 96

1.9.1 Braislí Cruthaitheacha 97

1.9.2 Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánaí 97

1.9.3 An Clár Comhpháirtíochta Múinteoirí-Ealaíontóirí agus Cónaitheachta 98

1.9.4 Ealaíona sa tSraith Shóisearach 98

1.10 Alt 29 98

1.11 Cosaint leanaí 99

1.12 Bearta chun dul i ngleic leis an mbulaíocht agus chun aghaidh a thabhairt uirthi 100

1.13 An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 100

1.14 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta 100

1.15 Tionscadal an r-mhoil Gaeltachta 101

1.16 Tacaíocht do scoileanna oileáin 101

1.17 Cláir Oideachais Múinteoirí lán-Ghaeilge 101

1.18 An Coiste Comhairleach don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 101

1.19 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 102
1.20 Polasaí nua don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht 102
1.21 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) 102
1.22 An tionscadal scoileanna beaga 104
1.23 Cáilíocht san oideachas luathbhlianta 104
1.23.1 Síolta agus Aistear a chur chun feidhme 28
1.23.2 Cáilíochtaí gairmiúla agus caighdeáin ghairmiúla – na luathbhlianta 105
1.23.3 Plean forbartha fórsa saothair d'earnáil fhoghlaim agus chúram na luathóige 105
1.24 Leithdháiltí múinteoirí 105

Sprioc 2: Comhionannas deiseanna a chinntiú san oideachas, agus a chinntiú go dtacaítear le gach dalta barr a gcumais a bhaint amach 107

2.1 Samhail Sainaitheanta DEIS 107
2.2 Meastóireacht ar an Treoirthionscadal STAR (Tacú leis an Lucht Siúil agus leis na Romaigh) de chuid na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 108
2.3 An Lárchathair Thoir Thuaidh: Treoirthionscnaimh Oideachais 109
2.4 Soláthar Oideachais Lasmuigh den Scoil 110
2.5 Teiripe Ionscoile Urlabhra agus Teanga agus an tSamhail um Chuimsiú Scoile 110
2.6 Cur Chun Cinn na Folláine 111
2.7 Tús Luath 111
2.8 Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland 111
2.9 Oideachas Speisialta 112
2.10.1 Scoileanna speisialta 112
2.10.2 Plean Forbartha Fórsa Saothair Cúntóirí Riachtanas Speisialta 112
2.10.3 An t-athbhreithniú ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Acht EPSEN), 2004, a chur i gcrích 113
2.10.4 An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta 113
2.10.5 An Clár Samhraidh 114
2.10.6 An Clár Náisiúnta Píolótach Altranais 114
2.10.7 Tacaí do dhaltaí a bhfuil lagú radhairc nó lagú éisteachta orthu 114
2.10.8 Aistrithe 115
2.10.9 Comhairle Beartais ó CNOS maidir le hOideachas Cuimsitheach 115
2.10.10 Buiséad 2023 115
2.11 Iompraíocht Daltaí atá i gCásanna Géarchéime 116
2.12 Scéim na Leabhar Scoile in Aisce 117

Sprioc 3: I gcomhar lenár gcomhpháirtithe, ceannaireacht agus tacaíocht straitéiseach a thabhairt le haghaidh na córais chearta agus an bonneagar ceart a sholáthar don earnáil 118

3.1 Beartas um Oideachas Múinteoirí, Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil 118
3.1.1 Creidiúnú Gairmiúil na gClár Oideachais Tosaigh Múinteoirí (2022) 118
3.1.2 Socrúchán Gaeltachta 118
3.1.3 Socrúchán Scoile 118
3.1.4 Ráiteas Beartais maidir le hOideachas Tosaigh Múinteoirí 119
3.1.5 Céimithe Oideachais Tosaigh Múinteoirí 119
3.2 An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) 120
3.2.1 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí 120
3.2.2 An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí 120
3.2.3 An Lárionad um Cheannaireacht Scoile 120
3.2.4 Oide 120
3.2.5 Creat taighdebhunaithe a fhorbairt le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí 121
3.3 Cosán 121
3.4 Scéim Cistiúcháin Líonraí Gairmiúla Múinteoirí 121
3.4.1 An Clár um Theagasc agus Foghlaim don 21ú hAois (TL21) 122
3.4.2 An Malartán Taighde Múinteoirí (T-REX) 122
3.5 Cigireacht 122
3.5.1 Oideachas sna Luathbhlianta 123
3.5.2 Meastóireacht ar Choláistí Gaeilge 123
3.5.3 Meastóireacht ar chúrsaí múinteoirí 124
3.5.5 Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh i ndáil le cosaint leanaí 124
3.5.6 Meastóireacht ar sholáthar do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise acu i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna 125
3.5.7 Meastóireacht ar sholáthar do leanaí agus daoine óga a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta 126
3.5.8 Soláthar do Bhéarla mar Theanga Bhreise 127
3.5.9 Daltaí ón Úcráin 127
3.5.10 Scoileanna príosúin 128
3.5.11 Meastóireacht ar an gclár samhraidh 2023 129
3.5.12 Cleachtais rollaithe i ranganna speisialta don uathachas 129
3.5.13 An Clár Críochnaithe Scoile 130
3.5.14 Nuashonrú ar an Tionscadal Rannpháirtíochta Tuismitheoirí 131
3.5.15 Nuashonrú ar an tionscadal rannpháirtíochta daltaí 131
3.5.16 Foilseacháin ón gCigireacht do leanaí agus do dhaoine óga sa bhliain 2023 132
3.5.17 Seimineár Gréasáin d'oideoirí a forbraíodh sa bhliain 2023 133
3.5.18 Tacú le daoine eile in obair rannpháirtíochta daltaí agus scoláirí 133
3.5.19 Tacaíocht curaclaim 133
3.5.20 Tacú le hobair alt 29 134
3.5.21 Scoileanna Eorpacha 134

3.5.22 Rannpháirteachas le Buan-Chomhdháil Idirnáisiúnta na gCigireachtaí (SICI) 134
3.5.23 Tacaíocht a thabhairt don Aonad um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le cuairteanna idirnáisiúnta 135
3.6 Iompar Scoile 136
3.7 Déileáil le Drochúsáid san Am atá thart 137
3.7.1 Fiosrúchán Scóipe ar Dhrochúsáid Ghnéasach Stairiúil i Scoileanna Lae agus Cónaithe arna reáchtáil ag Oird Rialta 137
3.7.2 Tacaí do Mharthanóirí Drochúsáide i bhForais Chónaithe 138
3.8 An Clár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 138
3.8.1 Forbairt – Ráiteas Bliantúil Tosaíochtaí 138
3.8.2 Ráiteas Straitéise 2023-2025 139
3.8.3 An Fóram Bunoideachais 139
3.8.4 Claochlú agus Nuálaíocht 139
3.9 Cosaint Sonraí 139
3.10 Rialachas Sonraí 140
3.11 Caiteachas na Roinne 140
3.12 Cur Chun Feidhme Seirbhísí Comhroinnte 140
3.13 Pinsin agus Párolla 141
3.14 Iniúchóireacht Inmheánach 142
3.15 Soláthar poiblí glas 142
3.16 Cumarsáid na Roinne 142
3.17 Daltaí ón Úcráin 143
3.18 Caidreamh na Foirne Seachtraí 143
3.19 Obair go comhoibríoch le comhghleacaithe ar fud státseirbhís agus sheirbhís phoiblí na hÉireann, an Aontais Eorpaigh agus fóraim idirnáisiúnta chun tacú le cur chuige réidh uile-Rialtais i leith seirbhísí oideachais in Éirinn. 146
3.20 Staitisticí 146
3.21 Clár tógála scoileanna 147
Aguisín A – Sonraí Corparáideacha 149
Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 156
Aguisín D – Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne 160
Aguisín D – Naisc dhíreacha chuig tuilleadh faisnéise ar gov.ie 161

Brollach ón Aire

Gabhtar sa Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain 2023 an obair a rinne an roinn thar thréimhse a bhí lán d'athruithe, agus is taifead tábhachtach ar chomhoibriú, ar thacaíocht agus ar ghnóthachtáil í. Tá áthas orm a thabhairt faoi deara go raibh dul chun cinn leantach ann ar thrí sprioc ardleibhéil ár bplean straitéisigh.

Foilsíodh an chéad leagan riamh de *Chreat Curaclaim na Bunscoile* i mí an Mhárta 2023. Leis an gcreat, cuirtear le héachtaí churaclam na bunscoile a foilsíodh sa bhliain 1999 agus freagraítear do na hathruithe agus na dúshláin inár sochaí. Leagtar amach ann ár n-ardaidhmeanna comhroinnte agus ár n-ábhair dhóchais chomhroinnte i ndáil le heispéiris agus oideachas leanaí inár mbunscoileanna, agus beidh sé ina threoir le haghaidh éabhlóid leantach ár n-earnála bunoideachais sna blianta atá le teacht.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn sa bhliain 2023 freisin ar ghníomhartha atá leagtha amach in Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht. Bunaíodh an tAonad um Rannpháirtíocht na Scoláirí i mí Aibreáin 2023 chun a chinntiú go mbeadh aonad tiomnaithe ann sa Roinn Oideachais chun glór leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus chun iad a chumhachtú chun bheith mar chuid de phróisis chinnteoireachta as seo amach.

Is eol dúinn go ngabhann ualach airgeadais ar thuismitheoirí le leanaí a sheoladh ar ais chun na scoile agus go bhfuil géarchéim an chostais maireachtála ag géarú ar an ualach sin le blianta beaga anuas. Rinne an Roinn bearta chun an t-ualach sin a mhéadú trí scéim na leabhar scoile in aisce, rud a leathnaíodh chuig na daltaí uile i mblianta sraithe sóisearaí in iar-bhunscoileanna poiblí. Meastar go mbainfidh suas le 213,000 dalta ó níos mó ná 670 scoil leas as an mbeart nua sin, a bheidh i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2024 i leith.

Ceann de phríomhthionscnaimh na Roinne le blianta beaga anuas is ea oideachas STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) a chur chun cinn, faoi mar a leagadh amach sa Phlean Forfheidhmithe um Oideachas STEM 2017-2019.Cuireadh le rath an tionscadail sin sa bhliain 2023 nuair a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an dara plean forfheidhmithe, an Plean Forfheidhmithe um Oideachas STEM go 2026, i mí an Mhárta 2023.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne an tAire Norma Foley agus an iar-tAire Stáit Josepha Madigan, comhghleacaí liom, oifigigh na roinne agus oifigigh na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na roinne. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine atá ag obair ar fud na hearnála oideachais; rannchuidigh bhur gcuid oibre agus tiomantais go mór le héachtaí na roinne agus táim ag súil le hobair i gcomhar libh de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn ar ár gcuspóirí don todhchaí.

Helen McEntee TD

An tAire Oideachais

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil ón Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain 2023 a chur i láthair. Tá an tuarascáil bhliantúil ina deis machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2023, agus bonn eolais á chur faoi phleananna don roinn sna blianta atá le teacht.

Rinne an Roinn formhaoirseacht ar oibriú an chomhaontaithe pá 'Ag Dul Ó Neart go Neart' san earnáil sa bhliain 2023 agus d'eisigh sí ciorcláin lena gcuirtear na méaduithe pá atá dlite san earnáil phoiblí chun feidhme. Thug an Roinn faoi thionscadal suntasach a bhain le cur chun feidhme a dhéanamh ar an gcomhaontú ar thángthas air sa bhliain 2022 idir an Roinn agus Fórsa maidir le téarmaí agus coinníollacha rúnaithe scoile, ar mar thoradh air a aistríodh rúnaithe chuig párolla roinne i mí Mheán Fómhair 2023.

Cuireadh athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile i gcrích sa bhliain 2023. Breithníodh san athbhreithniú sin conas a oibríonn gach gné ar leith den Scéim faoi láthair, agus aird á tabhairt ar chritéir incháilitheachta, ar threochtaí, ar chostais, ar an bhfáil ar thiománaithe agus ar an éifeachtacht fhoriomlán ó thaobh príomhchuspóirí a chomhlíonadh de. Is é an t-athbhreithniú an t-athbhreithniú is cuimsithí a rinneadh ó bhunú na Scéime sa bhliain 1967 i leith agus tógann sé ar na gealltanais maidir le hiompar scoile a tugadh i gClár an Rialtais.

Bhunaigh an Roinn Oide sa bhliain 2023 freisin. Leis an mbunú sin, comhtháthaíodh na ceithre sheirbhís tacaíochta oideachais múinteoirí a bhí ann roimhe sin (an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile), agus b'athrú ó bhonn é sa dóigh a soláthraítear tacaí foghlama gairmiúla atá comhtháite agus comhleanúnach do mhúinteoirí. Is í fís Oide tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí agus ceannairí scoile in Éirinn trí fhoghlaim ghairmiúil ardchaighdeáin atá nuálach agus sofhreagrúil a fhorbairt lena gcuirtear ar a gcumas freastal ar na riachtanais oideachais atá ag gach foghlaimeoir i ndomhan a bhíonn ag athrú.

Chomh maith leis sin, nuashonraigh an Roinn na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna uainn chun forbairtí beartais agus reachtacha a chur san áireamh. Áiríodh leis na forbairtí sin an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tagairt do thosú Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Faisnéis atá le Tabhairt ag an bhFostóir i gCás Múinteoir Cláraithe do Dhífhostú nó d'Éirí As), 2023, nuashonrú shocruithe maoirseachta na mbord bainistíochta a bhaineann leis an Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí, soiléiriú maidir leis an Measúnú Riosca a chur ar áireamh sa Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí, agus tagairt don Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019). A bhuí leis na hathruithe sin, cabhrófar lena chinntiú go mbeidh cosaint leanaí chun tosaigh ar gach a ndéanaimid, agus go gcosnófar a leasanna i gcónaí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don rannchuidiú a rinne an fhoireann sa roinn ina cuid oibre i mbliana agus do gach duine atá ag obair san earnáil oideachais. Táim ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair le foireann na roinne agus le gach duine dár gcomhpháirtithe oideachais agus dár ngeallsealbhóirí oideachais chun ár n-uaillmhianta comhroinnte a chur chun feidhme.

Bernie McNally

Ard-Rúnaí

Réamhrá

Is í seo Tuarascáil Bhliantúil na Roinne Oideachais don bhliain 2023. Sa tuarascáil seo, tugtar mionsonraí faoin dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na trí sprioc ardleibhéil a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise 2021-2023 ón Roinn.

Sprioc 1:

Tacú le soláthar oideachais ardcháilíochta agus feabhas a chur ar an eispéireas foghlama chun freastal ar riachtanais gach dalta, i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta

Is é aidhm na sprice seo eispéireas foghlama a sholáthar do gach leanbh agus duine óg, ar eispéireas é ina dtacaítear leo barr a gcumais a bhaint amach agus an t-eolas agus na scileanna a ghnóthú a theastaíonn uathu chun a mbealach a dhéanamh trí dhomhan casta an lae inniu. Áirítear na nithe seo a leanas leis na príomhghníomhartha a rinneadh sa bhliain 2023 chun dul chun cinn a dhéanamh ar an sprioc sin:

- Príomhghníomh in Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht is ea aonad tiomnaithe a bhunú sa Roinn Oideachais chun glór leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus chun a chinntiú go mbeidh ionchur fiúntach acu i mbeartais na roinne a fhorbairt. Bunaíodh an tAonad um Rannpháirtíocht na Scoláirí i mí Aibreáin 2023. I mí na Bealtaine 2023, bunaíodh Sainghrúpa ar Rannpháirtíocht na Scoláirí.
- Nuashonraíodh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna uainn chun forbairtí beartais agus reachtacha a chur san áireamh. Áiríodh leis na forbairtí sin an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tagairt do thosú Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Faisnéis atá le Tabhairt ag an bhFostóir i gCás Múinteoir Cláraithe do Dhífhostú nó d'Éirí As), 2023, nuashonrú shocruithe maoirseachta na mbord bainistíochta a bhaineann leis an Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí, soiléiriú maidir leis an Measúnú Riosca a chur ar áireamh sa Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí, agus tagairt don Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019).
- Cuireadh foilsiú agus seoladh an chéad leagain riamh de *Chreat Curaclaim na Bunscoile* in Éirinn ar siúl i mí an Mhárta 2023. Leis an gcreat, cuirtear le héachtaí churaclam na bunscoile a foilsíodh sa bhliain 1999 agus freagraítear do na hathruithe agus na dúshláin inár sochaí. Leagtar amach ann ár n-ardaidhmeanna comhroinnte agus ár n-ábhair dhóchais chomhroinnte i ndáil le heispéiris agus oideachas leanaí inár mbunscoileanna.

Sprioc 2:

Cinnte a dhéanamh de gur ann do chothromas deiseanna san oideachas agus go dtacaítear le gach dalta a lánacmhainneacht a bhaint amach

Baineann an sprioc seo lena chinntiú gur bunphrionsabail inár gcóras oideachais iad an cothromas deiseanna agus an chuimsitheacht. Tá sé mar aidhm leis an sprioc seo córas a fhorbairt lena bhfáiltítear roimh gach dalta, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu agus daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, agus lena dtugtar páirt fhóinteach dóibh ann. Áirítear na nithe seo a leanas leis na príomhghníomhartha a rinneadh sa bhliain 2023 chun dul chun cinn a dhéanamh ar an sprioc sin:

- I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhógair an tAire go leithdháilfí tuilleadh cistiúcháin faoi Bhuiséad 2024 chun scéim na leabhar scoile in aisce a leathnú chuig na daltaí uile i mblianta sraithe sóisearaí in iar-bhunscoileanna poiblí. Is é €67 milliún an cistiú iomlán atá ar fáil le haghaidh na scéime nua sin. Meastar go mbainfidh suas le 213,000 dalta ó níos mó ná 670 scoil leas as an mbeart nua sin, a bheidh i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2024 i leith.

- Chuir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) an Treoirchlár um Chomhairleoireacht i mBunscoileanna i bhfeidhm, ar clár é lena gcuirtear leis an obair atá á déanamh i scoileanna faoi láthair maidir le Folláine. Ag obair di i gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), rinne an oifig folláine comhordú ar acmhainní folláine mothúchánaí a fhorbairt le haghaidh OSPS na Sraithe Sóisearaí do dhaltaí dara bliain agus do dhaltaí tríú bliain. Táirgeadh an chéad tráinse d'acmhainní agus de phleananna ceachta do dhaltaí dara bliain agus cuireadh ar fáil é i mí Mheán Fómhair 2024. Cuireadh na hacmhainní do dhaltaí tríú bliain i gcrích faoi mhí na Nollag 2024.

Sprioc 3:

In éineacht lenár gcomhpháirtithe, ceannaireacht straitéiseach agus tacaíocht a thabhairt do sheachadadh na gcóras agus an bhonneagair chirt don earnáil

Baineann an sprioc seo leis an ról tábhachtach ag an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí i gceannaireacht straitéiseach a sholáthar laistigh den earnáil agus ar fud an rialtais. Tá sé mar aidhm leis an sprioc seo na comhpháirtíochtaí sin a neartú agus obair le chéile de réir mar a sholáthraímid eispéireas oideachais den chéad scoth do gach dalta. Áirítear na nithe seo a

leanas leis na príomhghníomhartha a rinneadh sa bhliain 2023 chun dul chun cinn a dhéanamh ar an sprioc sin:

- Tugann an Roinn faoi idirbheartaíocht caidrimh thionsclaíoch thar ceann an Stáit san earnáil oideachais agus oiliúna, agus tugann sí comhairle maidir le caidreamh tionsclaíoch agus le dlí na fostaíochta don Aire. Rinne an Roinn formhaoirseacht ar oibriú an chomhaontaithe 'Ag Dul Ó Neart go Neart' san earnáil sa bhliain 2023 agus d'eisigh sí ciorcláin lena gcuirtear na méaduithe pá atá dlite chun feidhme. Sa bhliain 2022, thángthas ar chomhaontú idir an Roinn agus Fórsa maidir le téarmaí agus coinníollacha rúnaithe scoile. Thug an Roinn faoi thionscadal suntasach a bhain le cur chun feidhme a dhéanamh ar an gcomhaontú, ar mar thoradh air a aistríodh rúnaithe chuig párolla roinne i mí Mheán Fómhair 2023.
- Athrú ó bhonn é sa dóigh a soláthraítear tacaí foghlama gairmiúla atá comhtháite agus comhleanúnach do mhúinteoirí ba ea bunú Oide sa bhliain 2023, rud lenar comhtháthaíodh na ceithre sheirbhís tacaíochta oideachais múinteoirí a bhí ann roimhe sin (an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile). Is í fís Oide tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí agus ceannairí scoile in Éirinn trí fhoghlaim ghairmiúil ardchaighdeáin atá nuálach agus sofhreagrúil a fhorbairt lena gcuirtear ar a gcumas freastal ar na riachtanais oideachais atá ag gach foghlaimeoir i ndomhan a bhíonn ag athrú.
- Cuireadh athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile i gcrích sa bhliain 2023. Is é an t-athbhreithniú an t-athbhreithniú is cuimsithí a rinneadh ó bhunú na Scéime sa bhliain 1967 i leith.

Ár Misean

Leanaí agus daoine óga a éascú, tríd an bhfoghlaim, barr a gcumais a bhaint amach agus rannchuidiú le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann.

Ár Spriocanna

Agus ár misean á shaothrú againn, i dtimpeallacht dhúshlánach dhinimiciúil, tá an Roinn Oideachais ag obair don tréimhse ó 2023 go 2025 chun na Spriocanna Straitéiseacha seo a leanas a bhaint amach:

Sprioc 1:

Tacú le soláthar oideachais ardcháilíochta agus feabhas a chur ar an eispéireas foghlama chun freastal ar riachtanais gach dalta, i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta

Sprioc 2:

Cinnte a dhéanamh de gur ann do chothromas deiseanna san oideachas agus go dtacaítear le gach dalta a lánacmhainneacht a bhaint amach

Sprioc 3:

In éineacht lenár gcomhpháirtithe, ceannaireacht straitéiseach agus tacaíocht a thabhairt do sheachadadh na gcóras agus an bhonneagair chirt don earnáil

Dul chun cinn ar na trí phríomh-Sprioc Straitéiseacha sa bhliain 2023

Rinne an Roinn Oideachais dul chun cinn suntasach sa bhliain 2023 ar na spriocanna atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach. Aithnítear sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2023 an dul chun cinn a rinneadh faoi gach ceann de na trí sprioc atá againn.

Sprioc 1: Tacú le hoideachas ardchaighdeáin a sholáthar agus feabhas a chur ar an eispéireas foghlama chun freastal ar na riachtanais atá ag gach dalta i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta

Is é atá i gceist leis an sprioc seo ná eispéireas foghlama a sholáthar do gach leanbh agus duine óg, ar eispéireas é ina dtacaítear leo barr a gcumais a bhaint amach agus an t-eolas agus na scileanna a ghnóthú a theastaíonn uathu chun a mbealach a dhéanamh trí dhomhan casta an lae inniu. Déanfaidh an roinn an fhoghlaim agus an mheasúnacht a fhorbairt agus a fheabhsú trí leanúint den chlár um athchóiriú curaclaim agus trí iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha nua cur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama. Díreoimid ar fhorbairt an duine iomláin, agus aird á tabhairt ar na dúshláin a mbíonn leanaí agus daoine óga ag dul i ngleic leo i saol an lae inniu, agus orthu sin a eascraíonn as úsáid na teicneolaíochta go háirithe.

1.2 **An curaclam ar leibhéal na bunscoile**

Leagtar amach i gCreat Curaclaim na Bunscoile, a foilsíodh i mí an Mhárta 2023 an fhís; na prionsabail; na príomhinniúlachtaí; an struchtúr; na cineálacha cur chuige i leith na foghlama, an teagaisc agus na measúnachta; agus leithdháiltí ama molta Churaclam na Bunscoile. Tá nasc aige le heispéiris foghlama a sholáthraítear trí théama Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige agus leis na hábhair, na heochairscileanna agus na ráitis foghlama sa Chreat don tSraith Shóisearach.

De réir mar a dhéantar dul chun cinn ar athfhorbairt iomlán an churaclaim, forbróidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) sonraíochtaí le haghaidh na gcúig réimse curaclaim, mar atá leagtha amach thíos, agus le haghaidh a n-ábhar gaolmhar. Beidh na sonraíochtaí sin ar fáil le haghaidh na scoilbhliana 2025/2026:

- Teanga (arna nuashonrú chun Nuatheangacha Iasachta i gcéimeanna 3 agus 4 (ó rang a trí go rang a sé) a chur ar áireamh)
- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM)
- Folláine
- Oideachas Ealaíon
- Oideachas Sóisialta agus Comhshaoil (Stair agus Tíreolaíocht)

1.1.1 Curaclam Matamaitice na Bunscoile

Foilsíodh Curaclam Matamaitice na Bunscoile i mí Mheán Fómhair 2023. Is í aidhm uileghabhálach Churaclam Matamaitice na Bunscoile ná inniúlacht mhatamaiticiúil a fhorbairt. Cuimsítear in inniúlacht mhatamaiticiúil tuiscint choincheapúil, líofacht nós imeachta, réasúnaíocht oiriúnaitheach, inniúlacht straitéiseach, agus meon táirgiúil. Rud tábhachtach, tá na cúig ghné uile fite fuaite ina chéile agus spleách ar a chéile. Leagtar amach sa leagan nua de Churaclam Matamaitice na Bunscoile fís úr le haghaidh foghlaim leanaí, ar saintréithe di iad spraíúlacht, cruthaitheacht, dúshlán, dul i riosca, agus deiseanna le haghaidh réasúnaíochta agus le haghaidh fadhbanna fíorshaoil a réiteach. Beidh athruithe ann freisin sna cineálacha oideolaíocha cur chuige a úsáideann múinteoirí, agus díriú níos láidre ann ar phróisis mhatamaiticiúla.

Ciorcláin a bhaineann leis an gCuraclam ar Leibhéal na Bunscoile

- Ciorclán 0039/2023 – Curaclam Matamaitice na Bunscoile na Bunscoile do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta
- Ciorclán 0017/2023 – Creat Curaclaim na Bunscoile

1.2 An curaclam ar leibhéal na hiar-bhunscoile – an tSraith Shóisearach

D'eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit torthaí scrúduithe Shraith Shóisearach na bliana 2023 an 18 Deireadh Fómhair 2023. Fuair 70,727 n-iarrthóir san iomlán a dtorthaí. B'ionann é sin agus méadú 5% i gcomparáid leis an mbliain 2022.

Ciorcláin a bhaineann leis an tSraith Shóisearach

- Ciorclán 0028/2023 – Socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt faoi leith don scoilbhliain 2023/2024
- Ciorclán 0015/2023 – Leasuithe ar shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí agus socruithe measúnaithe do Mheasúnuithe Rangbhunaithe 1 agus 2

1.7 An curaclam ar leibhéal na hiar-bhunscoile – an tSraith Shinsearach

Rinne 61,736 iarrthóir san iomlán cláir scrúdaithe na hArdteistiméireachta sa bhliain 2023, i gcomparáid le 61,107 n-iarrthóir sa bhliain 2022. D'eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) torthaí na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí chuig iarrthóirí an 25 Lúnasa 2023.

Ciorcláin a bhaineann leis an tSraith Shinsearach

- Ciorclán 0054/2023 – Forbairtí a bhaineann leis an gcuraclam agus le measúnú ag an tSraith Shinsearach agus tagairt ar leith do na scoilbhlianta 2023/24 ar aghaidh
- Ciorclán 0020/2023 – Ábhar atá Leagtha Síos do Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2025
- Ciorclán 0019/2023 – Ábhar atá Leagtha Síos do Scrúdú Béarla na hArdteistiméireachta sa bhliain 2025

1.8 An litearthacht agus an uimhearthacht

D'fhoilsigh an Roinn Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011–2020 sa bhliain 2011. Foilsíodh an t-athbhreithniú eatramhach ar an straitéis sa bhliain 2017, agus spriocanna nuashonraithe agus nua ann don litearthacht agus don uimhearthacht, inar sainaithníodh na réimsí tosaíochta amhail an uimhearthacht agus Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna.

Tá an Roinn Oideachais tiomanta do leanúint de na caighdeáin sa litearthacht (lena n-áirítear an inniúlacht dhigiteach) agus san uimhearthacht i suíomhanna luath-óige agus cúraim, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a ardú. Leanadh den obair ar Straitéis nua a

fhorbairt maidir le Litearthacht, Uimhearthacht agus Inniúlacht Dhigiteach, rud a bhfuil an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ag tacú leis.

Choimisiúnaigh an roinn athbhreithniú ar an taighde i ndáil leis an litearthacht (lena n-áirítear an inniúlacht dhigiteach) agus leis an uimhearthacht. Thug an Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, faoin athbhreithniú. Breithníodh san athbhreithniú cur chun feidhme straitéis na bliana 2011 agus straitéisí litearthachta agus uimhearthachta a bhí ann san am atá thart, atá ann san am i láthair agus atá beartaithe. Foilsíodh an t-athbhreithniú sin i mí na Bealtaine 2023.

Leanadh den phróiseas comhairliúcháin isteach sa bhliain 2023, agus é mar aidhm leis tuairimí éagsúla a lorg ar an tábhacht a bhaineann leis an litearthacht, leis an uimhearthacht agus leis an inniúlacht dhigiteach sa tsochaí nua-aimseartha. Áiríodh leis sin comhairliúchán poiblí, sraith comhairliúchán spriocdhírithe le príomh-gheallsealbhóirí, agus imeacht comhairliúcháin deiridh le geallsealbhóirí i mí na Bealtaine 2023.

1.9 Tástáil náisiúnta agus idirnáisiúnta

Riaradh Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla do scoileanna sa bhliain 2021, agus foilsíodh na torthaí an 16 Bealtaine 2023. San iomlán, ghlac 188 mbunscoil páirt ann ach laghdaíodh an tástáil i bhfianaise an ghá a bhí leis an ualach riaracháin a íoslaghdú de dheasca phaindéim COVID-19. Thug thart ar 5,201 dalta i rang a dó faoin triail léitheoireachta Béarla agus thug 5,516 dhalta i rang a sé faoin triail Matamaitice. Ba ann do líon níos airde daltaí ó scoileanna uirbeacha DEIS ná mar a bhí amhlaidh i dtimthriallta ní ba luaithe de na Measúnachtaí Náisiúnta. Ba thorthaí dearfacha iad na torthaí, agus na meánscóir agus na leibhéil inniúlachta i léitheoireacht Bhéarla agus i Matamaitic ag fanacht cobhsaí agus cosúil den chuid is mó idir na blianta 2014 agus 2021. Léiríodh sna torthaí freisin nár tháinig méadú ar an mbearna ghnóthachtála idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad idir na blianta 2014 agus 2021.

San iomlán, ghlac 320,542 dhalta ó 57 dtír páirt sa Staidéar ar Dhul Chun Cinn ar Litearthacht Léitheoireachta Idirnáisiúnta (PIRLS) 2021, mar aon lena gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí agus príomhoidí. In Éirinn, ghlac daltaí ó 148 scoil (cohórt 4,663 dhalta) páirt ann i bhfómhar na bliana 2021 i dtús rang a cúig. Choinnigh Éire a háit i measc fothacar tíortha ardghnóthachtála, agus níor ghnóthaigh aon tír den Aontas Eorpach (AE) ná den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) scór a bhí i bhfad níos airde ná scór na hÉireann in PIRLS 2021. Tá Éire rangaithe anois sa dara háit ar domhan sa Mheánscór Gnóthachtála agus Scála Léitheoireachta.

Tugadh faoin gClár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí (PISA) 2022 i scoileanna ag deireadh na bliana 2022, agus eisíodh na torthaí an 5 Nollaig 2023. Is é an aidhm atá le PISA feidhmíocht daltaí 15 bliana d'aois a thomhas i dtrí réimse, mar atá léitheoireacht, matamaitic agus eolaíocht. San iomlán, ghlac 600,000 dalta 15 bliana d'aois ó 81 cheann de thíortha/de gheilleagair, lenar áiríodh 37 dtír ECFE agus 26 thír AE, páirt i dtrialacha PISA. Ghlac thart ar 5,569 ndalta ó 170 scoil in Éirinn páirt ann. D'fheidhmigh daltaí na hÉireann i bhfad níos fearr ná meán ECFE agus tháinig feabhas ar ár n-áit sna trí réimse uile ó bhí an bhliain 2018 ann. Ba iad daltaí na hÉireann na daltaí is fearr feidhmíocht i litearthacht léitheoireachta i measc na 37 dtír de ECFE agus na 26 thír de AE. Bhog daltaí na hÉireann ón ochtú háit go dtí an dara háit i litearthacht léitheoireachta, ón dóú háit is fiche go dtí an dóú háit déag in eolaíocht agus ón aonú háit is fiche go dtí an t-aonú háit déag i litearthacht matamaitice. Tá an líon daltaí ísealghnóthachtála i measc an lín is ísle fós san 81 tír a tástáladh.

Ciorcláin a bhaineann le tástáil náisiúnta agus idirnáisiúnta

- Ciorclán 0022/2023 – Tástáil Chaighdeánach 2023

1.10 An ráiteas polasaí um oideachas STEM agus an plean forfheidhmithe um oideachas STEM

Leis an bPlean Forfheidhmithe um Oideachas STEM 2017-2019, cuireadh leis an raon athchóirithe agus tionscnamh a bhí ar siúl cheana féin in oideachas STEM i réimsí amhail athchóiriú curaclaim agus measúnachta, forbairt ghairmiúil múinteoirí, foghlaim dhigiteach a leabú, agus dul chun cinn in oideachas tosaigh múinteoirí, agus é ag gníomhú ag an am céanna mar threochlár chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí le haghaidh forbairt.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an dara plean forfheidhmithe, an Plean Forfheidhmithe um Oideachas STEM go 2026, i mí an Mhárta 2023. Déantar soláthar don aistear leantach in oideachas STEM le cur chun feidhme an chláir oibre go 2026.

Sheol an Roinn Oideachais deontais STEM ab ionann a luach agus €4.7m an 20 Nollaig 2023. Chomhlánaigh sé sin na ciorcláin leanúnacha a bhaineann le hoideachas STEM, ar dá mbarr a foilsíodh an leagan nua de Churaclam Matamaitice na Bunscoile i mí Mheán Fómhair 2023, agus comhpháirtíocht leanúnach na roinne le Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun tacú le tionscadail oideachais agus rannpháirtíochta poiblí in ábhair STEM ar fud na tíre.

1.7 Teangacha iasachta

Tá sé mar aidhm le 'Déanann Teangacha Nasc', Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026, an raon teangacha a theagasctar agus a fhoghlaimítear ar fud an chórais oideachais a mhéadú agus a éagsúlú.

Seoladh an modúl sampla "Cuir Fáilte roimh Theangacha" do bhunscoileanna sa scoilbhliain 2021/22, agus thart ar 430 bunscoil ag glacadh páirt ann. Tháinig méadú ar an bhfigiúr sin go 730 bunscoil sa scoilbhliain 2022/23 agus go 1,200 bunscoil sa scoilbhliain 2023/24. Maireann an modúl ocht seachtaine agus faigheann na scoileanna rannpháirteacha deontas suas le €1,600 chun na costais a chlúdach.

Beidh "Cuir Fáilte roimh Theangacha" mar bhonn eolais faoi Theangacha Iasachta a thabhairt isteach ar leibhéal na bunscoile ó mhí Mheán Fómhair 2025 i leith, mar atá leagtha amach i gCreat Curaclaim na Bunscoile a foilsíodh i mí an Mhárta 2023.

Rinne 1,693 dhalta scrúdú Ardteistiméireachta i gceann amháin de na ceithre theanga curaclaim nua i samhradh na bliana 2023: Liotuáinis (210 dalta), Mandairínis (339 ndalta), Polainnis (956 dhalta) agus Portaingéilis (188 ndalta). Ba mhéadú é sin ó 1,451 dalta sa bhliain 2022, tráth a scrúdaíodh na curaclaim nua den chéad uair riamh ó tugadh na curaclaim nua isteach i mí Mheán Fómhair 2020 i leith.

Ciorcláin a bhaineann le Nuatheangacha Iasachta

- Ciorclán 0021/2023 – Cuir Fáilte Roimh Theangacha – Modúl Sampla Teangacha Bunscoile

1.8 Gaeilge

1.8.1 Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

Ag gníomhú di i gcomhar le saineolaithe ó institiúidí tríú leibhéal agus ó sheirbhísí tacaíochta múinteoirí, tá cur chuige Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) á thriail ag an Roinn faoi láthair chun tacú leis an nGaeilge i scoileanna lán-Bhéarla agus i suíomhanna Luathbhlianta. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal sin feabhas a chur ar an gcumas, ar an muinín agus ar an meon atá ag foghlaimeoirí i leith na Gaeilge. Tá sé beartaithe go nglacfaidh níos mó scoileanna páirt ann le himeacht ama. Tá na scoileanna rannpháirteacha ag díriú ar ghnéithe d'ábhair áirithe a theagasc trí Ghaeilge, lena n-áirítear Corpoideachas. Tá na grúpaí ranga a bhfuil baint acu leis an tionscadal seo ina ngrúpaí ó ranganna na Naíonán, rang a cúig nó rang a sé sa bhunscoil agus ón gcéad bhliain san iar-bhunscoil.

Tá an treoirthionscadal FCÁT á stiúradh ag an roinn, ag obair di i gcomhar leis na seirbhísí tacaíochta, leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus leis an earnáil tríú leibhéal, agus tá sé ar an bhfód le trí bliana anuas sa scoilbhliain 2023/24. Forbraíodh acmhainní teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán agus soláthraíodh oiliúint/forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí agus do chleachtóirí Luathbhlianta. Tá meastóireacht agus taighde i gceist leis an gclár go pointe éigin freisin chun faireachán a dhéanamh ar a rath. Tá an Roinn i mbun pleanáil faoi láthair le haghaidh FCÁT a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne ón scoilbhliain 2024/25 i leith.

1.8.2 Corpoideachas trí Ghaeilge

Le Corpoideachas trí Ghaeilge, tairgtear deiseanna le haghaidh plé agus rannpháirtíocht ghníomhach ag daltaí ina ngrúpaí. Sonraítear in acmhainní a soláthraíodh trí Scoilnet gur féidir, maidir le clár den sórt sin, "go mbeidh sé i gceist leis daltaí a bheith ag déanamh comhrá le chéile go nádúrtha, ag réiteach faidhbe le chéile, ag cur brí in iúl nó ag cur pointe in iúl do phiara". Cé go bhfoghlaimeoidh na daltaí téarmaíocht shonrach Corpoideachais i nGaeilge, foghlaimeoidh siad freisin conas cumarsáid a dhéanamh agus oibriú trí Ghaeilge i gCorpoideachas. Baineann an múinteoir úsáid as teanga sa cheacht Corpoideachais chun ceistiú, chun stiúradh, chun míniú, chun moladh, chun spreagadh agus chun an dalta a ghríosú chun smaoineamh. Dá réir sin, spreagtar an dalta chun freagairt trí chur síos a dhéanamh ar smaointe agus ar fhreagairtí agus trí iad a phlé, a thuairimiú, a mhíniú agus a chur in iúl. Tá an roinn ag déanamh breithniú freisin ar conas is féidir Corpoideachas trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm tuilleadh sa scoilbhliain 2024/25 trí chur chuige scoile uile, agus daltaí á gcumasú chun tuiscint shaibhir ilchineálach a fhorbairt ar theanga an Chorpoideachais agus ar eispéiris luaile ar fud gach leibhéil ranga ar bhealach atá cuí ó thaobh na forbartha de.

1.9 Óige Ildánach

Seoladh "Plean le haghaidh Acmhainneacht Chruthaitheach gach Linbh agus Duine Óig a Chumasú" i mí na Nollag 2017. Is é an aidhm atá leis an bplean sin comhlíonadh a dhéanamh ar ghealltanas an Rialtais go mbeadh rochtain phraiticiúil ag gach leanbh in Éirinn ar theagasc, taithí agus rannpháirtíocht sa cheol, sa drámaíocht, sna healaíona agus sa chódú faoin mbliain 2022. Chuige sin, d'fhógair an tAire go mbeifí ag cur deontais ar fáil d'eagraíochtaí a sholáthraíonn oideachas ceoil an 24 Márta 2023.

I dteannta Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus

Meán, Roderic O'Gorman, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus Simon Harris, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, sheol an tAire Foley an *Plean Óige Ildánach 2023-2027* freisin chun a gcuspóirí do na blianta atá le teacht a leagan amach.

1.9.1 Braislí Cruthaitheacha

Is é is Braislí Cruthaitheacha ann ná treoirthionscnamh de chuid na Roinne Oideachais a reáchtáiltear faoi stiúir ag na hIonaid Oideachais Múinteoirí (Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann (ESCI)) agus i gcomhpháirt leo agus a chistítear tríd an gCiste Sármhaitheasa Scoile. Tá Braislí Cruthaitheacha ar cheann de phríomhthionscnaimh ionscoile an Phlean Óige Ildánach agus tá sé ar oscailt do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna araon.

Tá braisle chruthaitheach comhdhéanta de suas le cúig scoil atá ag comhoibriú ar thionscadal nuálach ealaíon agus foghlama cruthaithí a dhearadh, a chur chun feidhme, a mheas agus a scaipeadh, ar tionscadal é a thacaíonn leo aghaidh a thabhairt ar shaincheist chomhchoiteann nó dúshlán comhchoiteann a shainaithin an bhraisle sin. Áirítear le braislí cruthaitheacha scoileanna atá ag céimeanna difriúla dá n-aistear i dtreo cruthaitheacht a úsáid sa seomra ranga.

Tosaíodh an tionscnamh Braislí Cruthaitheacha sa bhliain acadúil 2018/19. Bunaíodh 23 bhraisle in 71 scoil sa tír. Bunaíodh 21 bhraisle sa bhreis a bhí comhdhéanta de 77 scoil agus chuaigh siad isteach sa tionscnamh don bhliain acadúil 2019/20. Chuaigh grúpa nua braislí, a bhí comhdhéanta de 154 scoil, isteach sa chlár sa bhliain 2022, agus fógraíodh 40 braisle eile sa bhliain 2023. Is bunaithe ar thimthriall dhá bhliain atá an rannpháirtíocht sa chlár.

1.9.2 Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánaí

Bunaíodh trí Chomhpháirtíocht Áitiúla Óige Ildánaí sa bhliain 2019 chun cruthaitheacht a chur chun cinn do dhaoine óga mar chuid den Chlár Éire Ildánach, agus triaileadh iad ar fud trí bhord oideachais agus oiliúna.

Is é atá sna comhpháirtíochtaí sin ná líonraí a chumasaíonn comhroinnt faisnéise, comhoibriú idir eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí óige ildánaí ar an leibhéal áitiúil chun go mbainfear úsáid níos fearr as na hacmhainní, na cleachtais agus na tionscnaimh atá ann cheana i limistéar Bord Oideachais agus Oiliúna. Ag an am céanna, tugann siad deiseanna nua do dhaoine óga tionscnaimh chruthaitheacha a rochtain.

Is iad seo a leanas na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna a bhfuil baint acu leis:

- Boird Oideachais agus Oiliúna Chiarraí;
- Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí;
- Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir;
- Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí;
- Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin;
- Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

Soláthraíonn an roinn cistiú bliantúil €100,000 do gach Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánaí chun cabhrú lena gComhpháirtíocht a fhorbairt agus lena ngníomhaíochtaí oibriúcháin a sholáthar. Ar an obair atá déanta go dtí seo tá teagmháil leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus le Hub na nÓg.

1.9.3 An Clár Comhpháirtíochta Múinteoirí-Ealaíontóirí agus Cónaitheachta

Forbraíodh an tionscnamh forbartha gairmiúla leanúnaí Comhpháirtíochta Múinteoirí-Ealaíontóirí agus cónaitheachta sa bhliain 2014 mar fhreagairt do na cuspóirí a leagadh amach i gCairt na nEalaíon san Oideachas, 2012, chun tacú leis an oideachas ealaíon agus chun é a bhreisiú. Is tionscnamh uathúil ealaíon san oideachas é ina n-oibríonn ealaíontóirí i gcomhpháirt le múinteoirí bunscoile.

Tá an clár Comhpháirtíochta Múinteoirí-Ealaíontóirí le fáil anois ar bhonn aghaidh ar aghaidh agus i bhformáid ar líne. Tá clár idirnáisiúnta forbartha gairmiúla leanúnaí ar líne um Chomhpháirtíocht Múinteoirí-Ealaíontóirí á dhearadh faoi láthair ag an gClár Comhpháirtíochta Straitéisí Erasmus+, rud atá á stiúradh agus á bhainistiú ag Ionad Oideachais Thrá Lí i gcomhar le ceithre chomhpháirtí Eorpacha atá lonnaithe sa tSeirbia, sa Ghréig, san Ostair agus san Ísiltír.

1.9.4 Ealaíona sa tSraith Shóisearach

Tá Ealaíona sa tSraith Shóisearach comhdhéanta de shraith eispéireas forbartha gairmiúla do mhúinteoirí chun tacú le rannpháirtíocht sna healaíona agus san fhoghlaim sa tsraith shóisearach. Cuimsítear sna ceardlanna na prionsabail agus na heochairscileanna atá mar bhonn agus thaca ag an gCreat don tSraith Shóisearach agus ag Cairt na nEalaíon san Oideachas, agus soláthraítear leo modheolaíochtaí praiticiúla agus cruthaitheacha do mhúinteoirí chun déileáil le torthaí foghlama ina seomra ranga. Tá an tionscnamh bunaithe ar chomhpháirtíocht agus comhoibriú le príomh-chomhpháirtithe roghnacha ar fud na hearnála ealaíon agus na hearnála oideachais. Riartar an tionscnamh tríd an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus trí Ionad Oideachais Mhuineacháin. Soláthraíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán cistiú le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach bunscoile agus iar-bhunscoile faoin gClár Éire Ildánach.

1.9.5 BLAST

D’fhorbair an Roinn Oideachais Tionscnamh Ealaíontóirí Cónaitheachta BLAST (Na hEalaíona Beo a Thabhairt chuig Daltaí agus Múinteoirí) do scoileanna sa bhliain 2021. Leis an tionscnamh seo, cuirtear ar chumas scoileanna iarratas a dhéanamh ar ealaíontóir oilte san oideachas chun obair i gcónaitheacht ealaíon agus chruthaitheach sa scoilbhliain 2023/2024. Fógraíodh 425 chónaitheacht nua BLAST i mí Dheireadh Fómhair 2023.

2.10 Alt 29

I gcás go ndéanann Bord Bainistíochta scoile an cinneadh áit scoile a dhiúltú do leanbh nó leanbh a chur ar fionraí ar feadh níos mó ná 20 lá nó leanbh a dhíbirt, féadfaidh tuismitheoir an linbh sin achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig coiste achomhairc neamhspleách faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998. Cuireadh tús le tionscadal nua SharePoint sa bhliain 2022 a fhágfaidh, nuair a bheidh sé críochnaithe, go mbeidh tuismitheoirí agus údaráis scoile in ann a n-achomhairc faoi alt 29 den Acht Oideachais a thaisceadh go leictreonach agus doiciméadacht chriptithe dhíreach a fháil trí ríomhphost freisin. Fuair an tAonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí 385 cinn de na hachomhairc sin sa bhliain 2023.

Ba é coiste achomhairc neamhspleách ar cheap an tAire é a chinn na hachomhairc uile. De na 385 achomharc a fuarthas, dícheadaíodh 178 gcinn san iomlán, tarraingíodh 58 n-achomharc siar, níor chomhlíon 108 n-achomharc téarmaí an phróisis achomhairc agus seasadh le 41 achomharc.

2.11 Cosaint leanaí

Fuair an tAonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí 761 ábhar imní líomhnaithe um chosaint leanaí san iomlán sa bhliain 2023. Tarchuireadh iad sin chuig na húdaráis chuí mar a fhoráiltear dó de réir na *Nósanna Imeachta chun freagairt d'Ábhair Imní um Chosaint Leanaí a chuirtear ar shúile na foirne atá fostaithe ag an Roinn Oideachais* ón roinn.

Cuireann gach ball foirne sa roinn oiliúint éigeantach seimineáir Gréasáin i gcur chun feidhme na nósanna imeachta sin i gcrích.

Lean an Roinn Oideachais de chur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí a d'eascair as athbhreithniú ardleibhéil neamhspleách ar bheartais agus próisis reatha cosanta leanaí na roinne ar fud na bliana 2023. Athbhreithníodh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 tar éis caidreamh idir an Roinn Oideachais agus na comhpháirtithe oideachais.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí do Shaoráidí Cónaithe atá bainteach le Scoileanna Aitheanta, 2023, chun lucht bainistíochta na saoráidí cónaithe uile a chur ar an eolas faoi na ceanglais atá orthu agus an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, á gcur chun feidhme acu agus chun a chinntiú go bhfuil socruithe maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, i bhfeidhm ar fud na saoráidí cónaithe uile, lena n-áirítear Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, 2017.

Nuashonraíodh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna uainn chun forbairtí beartais agus reachtacha a chur san áireamh. Áiríodh leis na forbairtí sin an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tagairt do thosú Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Faisnéis atá le Tabhairt ag an bhFostóir i gCás Múinteoir Cláraithe do Dhífhostú nó d'Éirí As), 2023, nuashonrú shocruithe maoirseachta na mbord bainistíochta a bhaineann leis an Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí, soiléiriú maidir leis an Measúnú Riosca a chur ar áireamh sa Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí, agus tagairt don Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019). D'fhoilsigh an roinn Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí do Shaoráidí Cónaithe atá bainteach le Scoileanna Aitheanta, 2023, chun lucht bainistíochta na saoráidí cónaithe uile a chur ar an eolas faoi na ceanglais atá orthu agus an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015, á gcur chun feidhme acu agus chun a chinntiú go bhfuil socruithe maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, i bhfeidhm ar fud na saoráidí cónaithe uile, lena n-áirítear Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, 2017.

Foilseacháin a bhaineann le Cosaint Leanaí sa bhliain 2023

- Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (leasaithe 2023)
- Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí do Shaoráidí Cónaithe atá bainteach le Scoileanna Aitheanta, 2023

Ciorcláin a bhaineann le Cosaint Leanaí sa bhliain 2023

- Ciorclán 0036/2023 – Foilsiú Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (leasaithe 2023)

2.12 Bearta chun dul i ngleic leis an mbulaíocht agus chun aghaidh a thabhairt uirthi

Rinneadh athbhreithniú ar *Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* 2013 sa bhliain 2022. Ba mar thoradh air sin a foilsíodh *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* an 1 Nollaig 2022. Mar chuid den athbhreithniú, rinneadh comhairliúchán agus comhoibriú suntasach ar fud na roinne agus le Ranna agus Comhlachtaí eile Rialtais, lenar áiríodh an tOmbudsman do Leanaí. Chuathas i gcomhairle le raon leathan geallsealbhóirí oideachais freisin, lenar áiríodh tuismitheoirí agus daltaí, comhlachtaí bainistíochta scoile, agus ceardchumainn múinteoirí agus ceardchumainn ball foirne scoile.

Tugadh aird san athbhreithniú ar na forbairtí suntasacha agus ar an taighde iomchuí a rinneadh ó foilsíodh an plean gníomhaíochta sa bhliain 2013, agus breithníodh go sonrach ann bulaíocht ar líne (cibearbhulaíocht), bulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht agus ciapadh gnéasach, i measc réimsí eile.

Foilsíodh plean forfheidhmithe le haghaidh Cineáltas an 10 Aibreán 2023 agus gealltar ann go ndéanfar gach ceann den 61 ghníomh atá in Cineáltas a chur chun feidhme laistigh de thréimhse cúig bliana.

Foilsíodh an Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 agus ar Fhorbairt Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht i mí na Nollag 2023.

Príomhghníomh in Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht is ea aonad tiomnaithe a bhunú sa Roinn Oideachais chun glór leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus chun a chinntiú go mbeidh ionchur fiúntach acu i mbeartais na roinne a fhorbairt. Bunaíodh an tAonad um Rannpháirtíocht na Scoláirí i mí Aibreáin 2023.

Bunaíodh Sainghrúpa ar Rannpháirtíocht na Scoláirí i mí na Bealtaine 2023. Cuirfidh an sainghrúpa comhairle ar an roinn maidir leis an mbealach is fearr ar féidir tógáil ar an dea-obair a dhéanann sí chun a chinntiú go mbíonn rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga ina cuid lárnach d'fhorbairt bheartais na roinne.

2.13 An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Ó tosaíodh ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta a chur chun feidhme go luath sa bhliain 2017, leithdháileadh €34m le haghaidh tacaí breise éagsúla a sholáthar chun an soláthar oideachais trí Ghaeilge a neartú i scoileanna Gaeltachta. Áirítear leis sin leithdháileadh buiséid ab fhiú €7.7m sa bhliain 2023.

2.14 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Leanadh de raon tacaí breise a sholáthar do scoileanna a bhí rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sa bhliain 2023 chun tacú leo na critéir theangabhunaithe atá leagtha amach don Scéim a chur chun feidhme. Ar na hacmhainní breise sin bhí uaireanta tacaíochta breise teagaisc Gaeilge, deontas bliantúil le haghaidh acmhainní Gaeilge a cheannach, forbairt ghairmiúil leantach bhreise ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus tacaíocht ón gCigireacht.

1.14.1 An próiseas bailíochtaithe le haghaidh aitheantas mar scoil Ghaeltachta

Leanadh ar fud na bliana 2023 den phróiseas bailíochtaithe le haghaidh aitheantas mar Scoil Ghaeltachta, rud ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2022. Thug an Chigireacht 98 gcuairt ar scoileanna mar chuid den phróiseas sin sa bhliain 2023. Is é cuspóir an phróisis bailíochtaithe ná a dheimhniú go bhfuil na critéir theangabhunaithe atá leagtha amach don Scéim

Aitheantais Scoileanna Gaeltachta á gcomhlíonadh ag na scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim. Leanfar den phróiseas bailíochtaithe go dtí Cáisc na bliana 2024.

2.15 Tionscadal an r-mhoil Gaeltachta

Leanadh de chur chun feidhme rathúil an tionscadail r-mhoil foghlama cumaisc in iar-bhunscoileanna Gaeltachta sa bhliain 2023. Sa scoilbhliain 2023/24, bhí 30 dalta i ndeich scoil ag déanamh staidéar ar Fhisic agus/nó Ceimic na hArdteistiméireachta trí Ghaeilge trí fhoghlaim chumaisc. Leanadh d'acmhainní breise, lenar áiríodh cistiú le haghaidh trealamh TFC a cheannach agus uaireanta tacaíochta breise teagaisc a leithdháileadh, a sholáthar do na scoileanna rannpháirteacha sa bhliain chun tacú leo é a chur chun feidhme.

2.16 Tacaíocht do scoileanna oileáin

Rinneadh ionadaíocht don Roinn Oideachais ar an gCoiste Stiúrtha chun an beartas náisiúnta maidir leis na hoileáin a fhorbairt. D'fhoilsigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an beartas i mí an Mheithimh 2023.

Leantar de phacáiste tacaí breise a chur ar fáil do gach ceann de na cúig iar-bhunscoil oileáin sa Ghaeltacht. Maidir leis na hacmhainní sin, a n-áirítear leo leithdháileadh méadaithe múinteoirí agus buiséad imfhálaithe bliantúil breise do gach iar-bhunscoil oileáin, tá siad de bhreis ar na tacaí sin atá faighte ag scoileanna cheana féin mar chuid den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

2.17 Cláir Oideachais Múinteoirí lán-Ghaeilge

Ceann de na príomhaidhmeanna atá leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta is ea méadú a dhéanamh ar an líon múinteoirí ar féidir leo oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán a sholáthar i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Cuirtear cistiú ar fáil faoin bPolasaí do dhá chlár – céim Baitsiléara san Oideachas (Bunscoil), atá ina clár ceithre bliana, agus céim Máistreachta san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, atá ina clár foghlama cumaisc dhá bhliain.

Tá 164 mhac léinn ag glacadh páirt sa chlár Baitsiléara san Oideachas in Institiúid Oideachais Marino sa bhliain acadúil 2023/24. Bhain an chéad chohórt múinteoirí céim amach as an gclár Baitsiléara san Oideachas sa bhliain 2023. Chistigh an roinn áiteanna breise ar iontógáil na bliana 2023 mar chuid de phacáiste beart chun tacú leis an soláthar múinteoirí.

Chláraigh 26 mhac léinn don chúrsa Máistreachta san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, sa bhliain 2023. Tá an clár sin á sholáthar i gColáiste Mhuire gan Smál ó bhí an bhliain 2018 ann.

2.18 An Coiste Comhairleach don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

Cuireadh dhá chruinniú de chuid an Choiste Chomhairligh don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ar siúl, i mí Iúil agus i mí na Nollag 2023. I measc na dtopaicí a pléadh ag na cruinnithe bhí tacaí do scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus treo na Scéime amach anseo.

2.19 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

Ceapadh Cathnia Ó Muircheartaigh mar Chathaoirleach ainmnithe na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ar feadh téarma ceithre bliana an 7 Márta 2023 tar éis próiseas ar reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí é. Leanadh de thacaí agus acmhainní breise a sholáthar do COGG chun tacú leis an ról atá aici sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta a chur chun feidhme.

Foilseacháin a bhaineann leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

- Cuntas ar acmhainn treorach atá deartha ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

2.20 Polasaí nua don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht

Rinneadh dul chun cinn laistigh den roinn sa bhliain 2023 ar obair shuntasach ar pholasaí nua a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Beidh an polasaí mar chuid de chreat foriomlán na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus cuirfidh sé le héachtaí an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022. Beidh an polasaí ina chéim thábhachtach i dtreo na gealltanais i leith na Gaeilge sa chóras oideachais a tugadh i gClár an Rialtais a chomhlíonadh.

Seoladh próiseas comhairliúcháin phoiblí sa bhliain 2023 chun tuairimí geallsealbhóirí a fháil, lenar áiríodh daoine óga, tuismitheoirí, gairmithe oideachais, geallsealbhóirí oideachais agus eagraíochtaí Gaeilge. Bhí trí chéim i gceist leis an gcomhairliúchán sin – ceistneoir ar líne agus glao le haghaidh aighneachtaí scríofa, sraith fócasghrúpaí, agus cruinnithe déthaobhacha idir oifigigh de chuid na Roinne Oideachais agus geallsealbhóirí. Rinne Sealbhú, arb é an t-ionad taighde in DCU é, anailís ar an bhfaisnéis ar fad a bailíodh le linn an chomhairliúcháin. Rinne Sealbhú athbhreithniú freisin ar an litríocht idirnáisiúnta ar an tumoideachas i gcomhthéacsanna teangacha mionlaigh chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais.

Foilseacháin a bhaineann leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta sa bhliain 2023

- Treoir do bhunscoileanna maidir le feidhmiú leanúnach na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

- Treoir d'iar-bhunscoileanna maidir le feidhmiú leanúnach na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Ciorcláin a bhaineann le cur chun feidhme na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sa bhliain 2023

- Ciorclán 0016/2023 – Cuireadh do bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta machnamh a dhéanamh maidir le páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

2.21 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)

Soláthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) seirbhís síceolaíochta scoilbhunaithe do gach bunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta trí theoiricí agus cleachtais síceolaíochta a úsáid chun tacú le folláine agus forbairt acadúil, shóisialta agus mhothúchánach gach foghlaimeora. Tugann SNSO aird ar leith ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus orthu sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil.

Soláthraíonn SNSO rochtain do gach scoil orthu seo a leanas:

- Tacaíocht síceolaíochta i gcás Teagmhas Criticiúil
- Seirbhís Cásoibre do leanaí aonair i gcás go bhfuil gá ann le dianchomhairliúchán agus le dianmheasúnú
- Seirbhís Tacaíochta agus Forbartha foirne scoile, chun cumas scoile a thógáil maidir le contanam cuimsitheach tacaíochta a sholáthar i scoileanna agus
- Rochtain leanúnach do scoileanna ar chomhairle agus ar thacaíocht.

I láthair na huaire, is ann do bhreis agus dhá chéad síceolaí oideachais coibhéise lánaimseartha de chuid SNSO atá fostaithe ar fud na n-ocht réigiún de chuid SNSO, agus iad ag soláthar seirbhís síceolaíochta do scoileanna.

Freastalaíonn seirbhís cásoibre SNSO ar bhreis agus 8500 dalta gach bliain. Freastalaíonn seirbhís Tacaíochta agus Forbartha SNSO ar thart ar 25,000 múinteoir gach bliain agus is seirbhís síceolaíochta feidhmí í do bhaill foirne scoile chun cabhrú le cur leis an gcumas atá acu chun freagairt do riachtanais folláine, acadúla, shóisialta agus mhothúchánacha na ndaltaí uile, go háirithe na daltaí sin atá ag déileáil le bacainní ar a bhfolláine, ar a bhfoghlaim, ar a gcuimsiú agus ar a rannpháirtíocht.

Chuir SNSO an Treoirchlár um Chomhairleoireacht i mBunscoileanna i bhfeidhm sa bhliain 2023, ar clár é lena gcuirtear leis an obair atá á déanamh i scoileanna faoi láthair maidir le Folláine.

Is é atá i Snáithe 1 ná seisiúin chomhairleoireachta duine le duine a sholáthar chun tacú le líon beag leanaí i gContae an Chabháin, i gContae Laoise, i gContae Liatroma, i gContae an Longfoirt, i gContae Mhaigh Eo, i gContae Mhuineacháin agus i gContae Thiobraid Árann. I ráithe 4 den bhliain 2023, seoladh litir chuig scoileanna píolótacha chun iad a chur ar an eolas faoi na bloic chomhairleoireachta a leithdháileadh orthu. Chomh maith leis sin, chuir comhairleoirí ar an bpainéal réamhcheadaithe ar chruthaigh SNSO é tús le comhairleoireacht a sholáthar.

Is é atá i gceist le Snáithe 2 ná Foirne Folláine Oideachais a bhunú i gceithre limistéar cnuasaigh i gCorcaigh, i gCeatharlach, i mBaile Átha Cliath 7 agus i mBaile Átha Cliath 16 chun na cineálacha cur chuige scoile uile i leith cosc a neartú. Is céimithe síceolaíochta, oideachais agus eolaíochta sóisialta iad na Cleachtóirí Folláine Oideachais agus chuaigh siad faoi chlár oiliúna le SNSO i ráithe 4 den bhliain 2023. Earcaíodh 13 Chleachtóir Folláine Oideachais i gcomhpháirt le Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí sa bhliain 2023.

Thiomsaigh oifig folláine SNSO na tairiscintí forbartha gairmiúla leanúnaí ó gach seirbhís agus gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna agus chuir sí an tEolaire Forbartha Gairmiúla 23/24 le chéile. Tá an tEolaire sin ar fáil ar líne ag Gov.ie.

Ag obair di i gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), rinne an oifig folláine comhordú ar acmhainní folláine mothúchánaí a fhorbairt le haghaidh OSPS na Sraithe Sóisearaí do dhaltaí dara bliain agus do dhaltaí tríú bliain sa bhliain 2023. Táirgfear an chéad tráinse d'acmhainní agus de phleananna ceachta do dhaltaí dara bliain agus cuirfear ar fáil é i mí Mheán Fómhair 2024. Cuirfear na hacmhainní do dhaltaí tríú bliain i gcrích faoi mhí na Nollag 2024.

Tá SNSO ag tacú le sparánachtaí do mhic léinn atá rollaithe i nDochtúireacht Ghairmiúil an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC), sa tSíceolaíocht Oideachais agus i nDochtúireacht Ghairmiúil Choláiste Mhuire gan Smál (MIC), Luimneach, sa tSíceolaíocht Oideachais agus Leanaí do Shíceolaithe Oideachais faoi Oiliúint. Gabhann na mic léinn sin a fhaigheann sparánacht orthu féin dul isteach in SNSO ar chéim a bhaint amach dóibh. Tá 60 Síceolaí Oideachais faoi Oiliúint ag fáil sparánachta ó SNSO agus a bhfuiltear ag súil go líonfaidh siad folúntas in SNSO ar chéim a bhaint amach dóibh thar na trí bliana amach romhainn.

D'fhreagair SNSO do 409 dTeagmhas Chriticiúla trí thacaíocht a thabhairt do scoileanna sa bhliain 2023.

Foilseacháin ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

- Freagairt don Fhéindochar i Scoileanna: Treoir do Bhaill Foirne Scoile
- Treoracha Dea-Chleachtais do Scoileanna maidir le Drogall Freastal ar Scoil
- Nóta Faisnéise do Phríomhoidí, do Threoirchomhairleoirí agus d'Fhoirne Treorach maidir le Soláthar Treorach Scoile Uile sa tSraith Shóisearach

2.22 An tionscadal scoileanna beaga

Leanadh ar fud na bliana 2023 de dhul chun cinn a dhéanamh ar obair ar an tionscadal taighde dhá bhliain a bhfuil mar aidhm leis tacú le hinbhuanaitheacht scoileanna beaga. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal scoileanna beaga a spreagadh cnuasach le chéile ina ngrúpaí áitiúla chun comhoibriú lena chéile, dúshláin chomhchoiteanna a shainaithint agus réitigh nuálacha a thriail.

D'fhorbair grúpa oibre a chuimsigh comhlachtaí bainistíochta scoile agus ceardchumainn múinteoirí i dteannta na Roinne Oideachais an tionscadal sin, mar chuid de chlár oibre an Fhóraim Bunoideachais.

Cruthaíodh sé chnuasach scoileanna beaga mar chuid den tionscadal: dhá cheann i nGaillimh, ceann amháin i nDún na nGall, ceann amháin i gCiarraí, ceann amháin i gCill Mhantáin agus ceann amháin i bPort Láirge. Cuimsíonn gach cnuasach idir trí scoil agus cúig scoil. Lean na scoileanna i gcnuasaigh d'obair i ndlúthchomhar le chéile trí chomhoibriú i réimsí amhail cur chun feidhme an churaclaim, teicneolaíochtaí digiteacha agus forbairt ghairmiúil. Ba é a bhí i gceist leis an gcur chuige comhoibríoch sin ná úsáid níos mó a bhaint as bogearraí agus tacaí riaracháin breise a sholáthar do scoileanna.

2.23 Cáilíocht san oideachas luathbhlianta

1.23.1 Síolta agus Aistear a chur chun feidhme

Méadaíonn an Tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear scileanna agus eolas na nOideoirí Luathbhlianta maidir le cur chun feidhme an dá chreat cleachtais náisiúnta: *Síolta*, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige, agus *Aistear*, Creatchuraclam na Luath-Óige, trí acmhainní agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí ar ardchaighdeán a sholáthar d'Oideoirí Luathbhlianta.

Thángthas ar chomhaontú sa bhliain 2023 chun freagracht as an tionscnamh a aistriú ón Roinn Oideachais chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

(RLCMLÓ) chun an Tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear a ailíniú ar bhealach níos fearr le mórthreo straitéiseach fhorbairt na forbartha gairmiúla leanúnaí don earnáil, faoi mar atá leagtha amach in *Scileanna a Chothú*. Lean an Tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear de thacú le cur chun feidhme náisiúnta comhordaithe an dá chreat.

1.23.2 Cáilíochtaí gairmiúla agus caighdeáin ghairmiúla – na luathbhlianta

Rinne an tAire Oideachais agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ag an am Bord Comhairleach Cáilíochtaí a thionscnamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chláir Oideachais Tosaigh Gairme ag Leibhéil 7 agus 8 d'earnáil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige sa bhliain 2020. Scrúdaíonn an Bord cláir ardoideachais chun iad a ailíniú leis na Critéir agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla a forbraíodh don earnáil sa bhliain 2019.

Ag deireadh mhí na Nollag 2023, ba cheadaithe ag an mBord Comhairleach Cáilíochtaí mar chláir a chloíonn leis na caighdeáin atá leagtha amach sna Critéir agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla a bhí 69 gclár san iomlán a bhí á soláthar ag 18 nInstitiúid Ardoideachais ar fud 30 campas.

Cuireadh tús le Céim an Athbhreithnithe ar Chur Chun Feidhme d'obair an Bhoird Chomhairligh Cáilíochtaí sa bhliain 2023 trí threoirthionscadal a thionscnamh. Is é cuspóir an phróisis ná an ceadú leantach ón mBord Comhairleach Cáilíochtaí do chláir chéime a dheimhniú agus a dhearbhú, á fhíorú go bhfuil cláir á soláthar ar aon dul leis na gealltanais a thug na hInstitiúidí Ardoideachais sna haighneachtaí uathu chuig an mBord Comhairleach Cáilíochtaí, agus comhsheasmhacht chuspóirí agus thorthaí na gclár leis na Critéir agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla a dheimhniú agus a dhearbhú.

1.23.3 Plean forbartha fórsa saothair d'earnáil fhoghlaim agus chúram na luathóige

Tá an plean cur chun feidhme trí bliana (2022-2024) le haghaidh *Scileanna a Chothú* á stiúradh ag RLCMLÓ. Ar fud na bliana 2023, lean an Roinn Oideachais d'obair i ndlúthchomhar le RLCMLÓ tríd an gCoiste Faireacháin *Scileanna a Chothú* agus tríd an Tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear. Dírítear sa Phlean Cur Chun Feidhme ar cháilíocht an fhórsa saothair a ardú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar cháilíocht an eispéiris oideachais agus cúraim a fhaigheann leanaí óga. Cuimsítear sa phlean roinnt gníomhartha atá á stiúradh nó á gcomhstiúradh ag an Roinn Oideachais i réimse na forbartha gairmiúla leanúnaí agus an Oideachais Tosaigh Gairme.

2.24 Leithdháiltí múinteoirí

Bhí pas beag níos mó ná 74,800 post teagaisc leithdháilte ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile sa scoilbhliain 2022/23.

Ath-imlonnaíodh 195 mhúinteoir bhuana ar leibhéal na bunscoile agus 30 múinteoir buan ar leibhéal na hiar-bhunscoile mar chuid den phróiseas ath-imlonnaithe sa scoilbhliain 2022/23. Úsáidtear painéal forlíontach ath-imlonnaithe chun aon phoist bhuana atá fágtha a líonadh tar éis an phróisis le haghaidh múinteoirí buana barrachais a ath-imlonnú ar leibhéal na bunscoile. Bhí 1,634 mhúinteoir ar an bpainéal forlíontach ath-imlonnaithe sa scoilbhliain 2022/23.

Foilseacháin a bhaineann le Leithdháiltí Múinteoirí

- An Scéim Phíolótach um Chomhroinnt Múinteoirí

Ciorcláin a bhaineann le Leithdháiltí Múinteoirí

- Ciorclán 0035/2023 – Soláthar Múinteoirí Iar-bhunscoile: Scéim Leathnaithe Uaireanta Teagaisc do 2023/24
- Ciorclán 0002/2023 – Socruithe Foirne i Meánscoileanna Deonacha don Scoilbhliain 2023/2024
- Ciorclán 0003/2023 – Socruithe Foirne i Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha don Scoilbhliain 2023/2024
- Ciorclán 0004/2023 – Socruithe Foirne i mBoird Oideachais agus Oiliúna
- Ciorclán 0049/2023 – Boird Bhainistíochta nua i mBunscoileanna a thoghadh

Sprioc 2: Comhionannas deiseanna a chinntiú san oideachas, agus a chinntiú go dtacaítear le gach dalta barr a gcumais a bhaint amach

Baineann an sprioc seo lena chinntiú gur bunphrionsabail inár gcóras oideachais iad an cothromas deiseanna agus an chuimsitheacht. Tá sé mar aidhm leis an sprioc seo córas a fhorbairt lena bhfáiltítear roimh gach dalta, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu agus daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, agus lena dtugtar páirt fhóinteach dóibh ann.

2.10 Samhail Sainaitheanta DEIS

Soláthraíonn an Roinn Oideachais raon leathan tacaí do gach scoil chun tacú le cuimsiú gach dalta agus chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá le sárú ag daltaí ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach. Is é atá sa Chlár um Chomhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) ná príomhthionscnamh beartais de chuid na roinne a bhfuil mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil comhchruinnithe ar leibhéal na scoile ar bhealach spriocdhírithe cothromasach ar fud na hearnála bunscoile agus na hearnála iar-bhunscoile. Tá an Plean DEIS bunaithe ar an mbuntuiscint gur gá acmhainní breise a spriocdhíriú chomh gar agus is féidir ar na daltaí sin a bhfuil an leibhéal is mó riachtanas acu. Tá sé sin amhlaidh chun go mbeidh an tionchar is mó is féidir aige ar dheiseanna a sholáthar do na daltaí atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachasúil. Is é a bheidh i gceist leis an méid sin a bhaint amach go hiomlán ná an clár DEIS atá ann cheana a fhorbairt tuilleadh chun samhail leithdháilte acmhainní níos dinimiciúla a chruthú, áit a mbeidh leibhéil acmhainní ag teacht ar bhealach níos cruinne leis na leibhéil riachtanas arna sainaithint le sonraí oibiachtúla.

D'fhógair an tAire leathnú mór ar an gclár DEIS i mí an Mhárta 2022. Chuaigh sé sin chun tairbhe do 361 scoil. Fuair an clár DEIS leithdháileadh breise ab fhiú €32 mhilliún sa bhliain 2023. Fágann sé sin gurb amhlaidh, ón mbliain 2023 ar aghaidh, a spriocdhíreoidh an Roinn Oideachais breis agus €180 milliún ar aghaidh a thabhairt ar an míbhuntáiste oideachasúil tríd an gclár DEIS. Tá breis agus 1,200 scoil ar áireamh sa chlár anois agus tacaíonn sé le thart ar 240,000 dalta. Fágann sé sin go dtugtar tacaíocht do dhalta amháin as gach ceathrar daltaí sa chlár.

Thug an roinn cuireadh don Tionscadal de chuid ECFE um Neart trí Éagsúlacht: Oideachas ar son Sochaithe Cuimsitheacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige beartais reatha i leith leithdháileadh acmhainní chun tacú le daltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil in Éirinn. Tá an obair sin ar siúl faoi láthair agus measann foireann ECFE go gcuirfear an t-athbhreithniú i gcrích i ráithe 2 den bhliain 2024. Leis an athbhreithniú sin, soláthrófar saintuairim neamhspleách ar an tsamhail reatha um leithdháileadh acmhainní don chlár DEIS agus, bunaithe ar shamplaí idirnáisiúnta, cuirfear bonn eolais faoi chur chuige beartais i leith acmhainní forlíontacha a dháileadh go cothromasach chun tacú le daltaí i ngach scoil, idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad, atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil.

Rinne foireann ECFE um Neart Trí Éagsúlacht caidreamh le geallsealbhóirí éagsúla, lenar áiríodh ceardchumainn múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta agus saineolaithe acadúla in Éirinn, trí agallaimh ar líne i dtús shamhradh na bliana 2023. Thug foireann taighde ECFE cuairt ar Éirinn i mí Mheán Fómhair 2023 agus sheol sí babhta imeachtaí caidrimh pearsanta. Bhí cruinnithe ar líne ag an ngrúpa le breis agus 30 geallsealbhóir oideachais, lenar áiríodh comhpháirtithe oideachais, acadóirí, ionadaithe don phobal agus d'eagraíochtaí deonacha agus ionadaithe do ghrúpaí mionlaigh eitnigh. Thug foireann taighde ECFE cuairt freisin ar rogha de shé scoil, idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad, le linn a cuairte.

Tá athbhreithniú ECFE á chomhlánú ag clár oibre ón Aonad um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Oideachais chun beartas a fhorbairt amach anseo le haghaidh leithdháileadh acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar an míbhuntáiste oideachasúil. Áirítear leis an gclár oibre sin roinnt tionscadal chun bonnlíne a dhéanamh do roinnt príomhghnéithe den chlár DEIS agus chun iad sin a mheas agus a athbhreithniú. Bhí comhairliúchán le raon geallsealbhóirí ábhartha i gceist leis an obair sin freisin. Rinneadh pleanáil le haghaidh comhairliúcháin chun bonn eolais a chur faoin obair sin. Áireofar leis sin teagmháil le príomhoidí, le leas-phríomhoidí, le múinteoirí, le daltaí agus le tuismitheoirí.

I measc na dtionscadal atá ar áireamh san obair sin tá fís athnuaite a fhorbairt do scéim theagmhála baile, scoile agus an phobail agus don chlár críochnaithe scoile, ar fís í atá ábhartha do riachtanais leanaí agus daoine óga san am i láthair agus san am atá le teacht chun tacú lena dtinreamh, lena rannpháirtíocht agus lena gcoinneáil san oideachas. Fiosrófar lena linn sin freisin struchtúr an chláir, conas a leithdháiltear é ar scoileanna agus conas is féidir leis an gclár leanúint de thacaíocht spriocdhírithe a sholáthar do na scoileanna sin sa chlár DEIS, agus é á leathnú ag an am céanna freisin chun tacú le leanaí a bhfuil drochthinreamh acu nó atá i mbaol éirí as an oideachas i ngach scoil.

Ina theannta sin, ag teacht sna sála ar an Daonáireamh Náisiúnta a seoladh i mí Aibreáin 2022, ghin Pobal Innéacs Díothachta HP nuashonraithe agus seoladh é sin an 2 Samhain 2023. Tá an Roinn Oideachais i dteagmháil le Pobal maidir leis an bhforbairt sin, agus déanfar athbhreithniú críochnúil uirthi chun bonn eolais a chur faoi leithdháileadh acmhainní amach anseo a bheidh dírithe ar dhul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachasúil.

Ciorcláin a bhaineann le Samhail Sainaitheanta DEIS

- Ciorclán 0034/2023 – CDSIS (comhionannas deiseanna a sheachadadh i scoileanna): pleanáil gníomhaíochta agus leithdháileadh deontais do gach scoil CDSIS

2.11 Meastóireacht ar an Treoirthionscadal STAR (Tacú leis an Lucht Siúil agus leis na Romaigh) de chuid na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach

Bunaíodh Grúpa Comhairleach um Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh chun dearadh, forbairt agus dréachtú Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh a threorú, a fhormhaoirsiú agus rannchuidiú leis. Áirítear leis na baill den Ghrúpa Comhairleach raon geallsealbhóirí ón earnáil oideachais, ón Lucht Siúil agus ón bpobal Romach.

Le linn an chéad leagain eile den Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach a fhorbairt, rud atá á stiúradh ag RLCMLÓ, reáchtáladh sraith comhairliúchán leis an Lucht Siúil agus leis an bpobal Romach. Reáchtáil Values Lab iad sin agus chuir sé tuarascáil mhionsonraithe ar na comhairliúcháin le chéile. Beidh sraith taighde nua, reatha agus mhionsonraithe sna tuarascálacha ar na comhairliúcháin ar an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh freisin. Ba é a bhí i gceist leis an gcéim comhairliúcháin phoiblí ná suirbhé ar líne a bhí ar oscailt do na páirtithe leasmhara uile idir mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair 2023. Bailíodh sonraí saibhre ilchineálacha ó fhreagraithe, agus earcaíodh scríbhneoir tuarascála neamhspleách i mí na Nollag 2023. Coimisiúnaíodh The Centre for Effective Services (CES) chun an mheastóireacht neamhspleách a dhéanamh, agus cuireadh tús leis sin i mí na Bealtaine 2023.

Fuarthas tuarascáil eatramhach i mí na Nollag 2023, agus aiseolas ón nGrúpa Comhairleach Taighde le cur ar áireamh inti sa bhliain 2024. Beidh an tuarascáil deiridh mar bhonn eolais freisin faoi na gníomhartha atá le cur ar áireamh sa Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus na Romaigh.

Beidh obair éagsúil eile a ndearnadh dul chun cinn uirthi sa bhliain 2023 mar bhonn eolais faoi fhorbairt na straitéise freisin. Áirítear léi sin:

- Bunaíodh deich bpost nua do chomhordaitheoirí teagmhála baile, scoile agus an phobail a fhreastalaíonn ar 14 iar-bhunscoil nach iar-bhunscoileanna DEIS iad agus a bhfuil líon ard daltaí den Lucht Siúil agus den phobal Romach acu trí úsáid a bhaint as cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste oideachasúil don Lucht Siúil agus don phobal Romach; tugtar cistiú freisin le haghaidh tionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil a fheabhsú (mar atá leagtha amach ar bhealach níos mine thuas).
- Obair na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i réimse chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam, lena n-áirítear iniúchadh na bliana 2019 ar chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam, agus an Tuarascáil Taighde ar Chultúr agus Stair an Lucht Siúil a foilsíodh i mí Feabhra 2023, rud atá ina bhonn le haghaidh acmhainní agus ábhair a fhorbairt agus a bheidh mar bhonn eolais faoin smaointeoireacht ar chineálacha cur chuige idirchultúrtha i leith an oideachais.

Cruthaíodh post nua sa tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) (atá mar chuid d'eagraíocht níos mó anois, mar atá Oide) chun forbairt ghairmiúil leanúnach do scoileanna sa chlár DEIS a fhormhaoirsiú, a fhorbairt agus a chothú, agus chun dul i gceannas ar fhorbairt a dhéanamh ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach shaincheaptha ar an bhfrithchiníochas agus ar ghlacadh leis an éagsúlacht do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí chun a chur ar a gcumas tacú le riachtanais foghlama gach dalta ó gach cúlra cultúrtha agus tacaíocht a thabhairt le haghaidh cleachtais oideolaíocha lena gcuirtear an cuimsiú chun cinn.

Foilseacháin a bhaineann leis an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil

- Daltaí ón Lucht Siúil 2016–20

2.12 An Lárchathair Thoir Thuaidh: Treoirthionscnaimh Oideachais

Déantar ionadaíocht don Roinn Oideachais ar an mBord Forfheidhmithe Cláir don Lárchathair Thoir Thuaidh agus tá baint aici le roinnt tionscnamh i scoileanna. Áirítear leo sin an treoirchlár P-TECH, an treoirthionscnamh City Connects, agus Foireann Ildisciplíneach na Lárchathrach Thoir Thuaidh. Tá cúig iar-bhunscoil ag glacadh páirt sa chlár P-TECH faoi láthair. Tá baint ag deich mbunscoil leis an tionscnamh City Connects agus le Foireann Ildisciplíneach na Lárchathrach Thoir Thuaidh.

Is é atá sa tSamhail Scoile P-TECH ná tionscnamh oideachais a chomhcheanglaíonn an iar-bhunscoil le gnéithe den bhreisoideachas agus de thaithí san áit oibre. Faigheann an clár tacaíocht ón Roinn Oideachais, ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ó Bhord Forfheidhmithe Cláir na Lárchathrach Thoir Thuaidh, ó chomhpháirtithe tríú leibhéal, ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann agus ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath. I measc na gcomhpháirtithe tionscail reatha tá IBM, Cisco, Irish Life, Uisce Éireann, Virgin Media Ireland, Iarnród Éireann, Salesforce, SAS, A&L Goodbody agus Deloitte. Is é Gnó sa Phobal in Éirinn an eagraíocht tríú hearnáil atá ag gníomhú mar chomhpháirtí straitéiseach tionscail don chlár P-TECH amhail mí an Mheithimh 2023.

Is é is City Connects ann ná córas ar fhorbair Boston College ar dtús é, lena n-eagraítear tacaíocht do dhaltaí agus lena mbaintear leas as acmhainní scoile agus pobalbhunaithe atá ann cheana chun feabhas a chur ar thorthaí acadúla agus sóisialta agus mothúchánacha na ndaltaí. Tá an treoirthionscadal á stiúradh ag an Roinn Oideachais agus ag Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS), i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál agus le Boston College. Is é TESS comhlacht fostaíochta agus bainisteoir líne bhaill foirne City Connects. Áirítear le foireann

an Treoirthionscadail City Connects de chuid na Lárchathrach Thoir Thuaidh Bainisteoir Cláir amháin agus seisear Comhordaitheoirí City Connects. Is múinteoirí ar mhórán taithí iad baill foirne uile an Treoirthionscadail City Connects de chuid na Lárchathrach Thoir Thuaidh, agus tá siad ar iasacht don tionscadal seo. Is dearfach a bhí an t-aiseolas ó na meastóireachtaí próisis a rinneadh le trí scoilbhliain anuas (2020/21, 2021/22 agus 2022/23), agus shainaithin príomhoidí an tionchar dearfach a bhí ag City Connects ina gcuid scoileanna freisin.

2.13 Soláthar Oideachais Lasmuigh den Scoil

Le Gníomh 88 den Phlean DEIS, rinneadh soláthar d'athbhreithniú ar an soláthar oideachais lasmuigh den scoil faoi láthair chun bonn eolais a chur faoin mbeartas amach anseo sa réimse sin. Cuireadh an t-athbhreithniú sin i gcrích agus foilsíodh an Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Sholáthar Oideachais Lasmuigh den Scoil i mí na Bealtaine 2022.

Leagtar amach sa tuarascáil plean cur chun feidhme chun dul chun cinn a dhéanamh ar na moltaí ón athbhreithniú. Bunaíodh grúpa oibre a bhí comhdhéanta de shampla ionadaíoch de shaineolaithe ó Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais ábhartha i mí Dheireadh Fómhair 2022 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí.

Tháinig an Grúpa Cur Chun Feidhme le chéile seacht n-uaire déag suas go dtí deireadh na bliana 2023. Chuaigh an grúpa i mbun teagmháil fhairsing le geallsealbhóirí ábhartha, lenar áiríodh soláthraithe oideachais mhalartaigh, príomhoidí scoile, Oifigigh Leasa Oideachais, leanaí agus daoine óga agus tuismitheoirí.

Tá sé de rún ag an nGrúpa Cur Chun Feidhme an tuarascáil agus plean gníomhaíochta uaidh le haghaidh thodhchaí an tsoláthair oideachais mhalartaigh a thabhairt chun críche sa chéad sé mhí den bhliain 2024.

Chomh maith leis sin, oibríonn an Roinn Scéimeanna Teagasc Baile do dhaltaí nach bhfuil áit scoile acu, do leanaí faoi chúram nach bhfuil áit scoile acu agus do dhaltaí atá ar neamhláithreachtaí a bhaineann le máithreachas. Sa bhliain 2023, próiseáladh 206 iarratas san iomlán ar theagasc baile faoi na scéimeanna thuas, ar eascair 184 cinn díobh as gan aon áit scoile a bheith faighte agus ar bhain 18 gcinn díobh le leanaí faoi chúram nach raibh aon áit scoile acu, agus rinneadh ceithre iarratas san iomlán faoin scéim ar neamhláithreachtaí a bhaineann le máithreachas.

Ciorcláin a bhaineann le Scéimeanna Teagasc Baile

- Ciorclán 0031/2023 – Scéim Deontais Teagasc Baile do Leanaí nach bhfuil áit scoile acu agus Leanaí faoi Chúram nach bhfuil áit scoile acu
- Ciorclán 0030/2023 – Scéim Deontas i ndáil le Neamhláithreachtaí a Bhaineann le Máithreachas
- Ciorclán 0024/2023 – Scéim Deontais um Theagasc Baile 2023/2024: Comhpháirt Oideachais Speisialta

2.14 Teiripe Ionscoile Urlabhra agus Teanga agus an tSamhail um Chuimsiú Scoile

Leanadh den treoirchlár sa bhliain 2023 i scoileanna i réigiún CHO7 (Cill Dara, Cill Mhantáin Thiar, Baile Átha Cliath Thiar, Cathair Bhaile Átha Cliath Theas, Baile Átha Cliath Thiar Theas),

agus teiripeoirí ag obair le scoileanna agus ag soláthar tacaíocht leanúnach ar bhonn freagrúil chun straitéisí teiripebhunaithe agus uirlisí teiripebhunaithe a sholáthar.

Tar éis di caidreamh a dhéanamh leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), chuir an Roinn Oideachais togra foirmiúil faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (RCPSPFNA) chun an clár teiripe ionscoile a leathnú i mí Lúnasa 2023. Mar chuid den togra, tá sé de rún ag CNOS an leithdháileadh sealadach reatha de theiripeoirí CNOS (39 dteiripeoir) a dhíchúpláil ó réigiún na Samhla um Chuimsiú Scoile agus iad a ath-imscaradh go geografach agus a leabú ar fud an chuid eile de struchtúr foirne réigiúnacha CNOS.

Bhí caidreamh le RCPSPFNA maidir le riar agus acmhainniú an phlean leathnaithe ar siúl fós ag deireadh mhí na Nollag 2023.

2.15 Cur Chun Cinn na Folláine

D'fhógair an tAire an dara snáithe de threoirchlár €5 mhilliún de thacaí comhairleoireachta agus de thacaí folláine/meabhairshláinte an 22 Meitheamh 2023.

Sheol an tAire Seachtain na Scoileanna Gníomhacha 2023 an 22 Aibreán 2023. Bhí sí sin ar siúl ón 24 Aibreán go dtí an 28 Aibreán 2023, agus spreagadh scoileanna lena linn chun a naisc le clubanna áitiúla agus le soláthraithe gníomhaíochta coirp a chothú chun feasacht a mhúscailt ar fhairsinge na ndeiseanna gníomhaíochta coirp atá ann i bpobail áitiúla agus chun gníomhaíocht choirp a chur chun cinn i gcomhthéacs an lae scoile.

2.16 Tús Luath

Cistíonn agus riarann an Roinn Oideachais na ranganna réamhscoile a sholáthraítear faoi chlár an Túis Luaith, rud a bunaíodh sa bhliain 1994/95 i 40 bunscoil atá lonnaithe i limistéir ainmnithe míbhuntáiste uirbigh ar fud na tíre. Is é is Tús Luath ann ná scéim réamhscoile aon bhliana ag a bhfuil clár oideachais a bhfuil mar aidhm leis forbairt fhoriomlán a fheabhsú, cabhrú le teip ar scoil a chosc agus éifeachtaí an mhíbhuntáiste shóisialta a fhritháireamh. Is féidir leis an gclár oideachais freastal ar 1,620 leanbh.

Soláthraítear cistiú caipitíochta is ionann agus €95.23 in aghaidh na bliana i leith gach linbh atá rollaithe i gclár an Túis Luaith. Ina theannta sin, faigheann gach ceann de lánaonaid agus leathaonaid Túis Luaith cistiú neamhphá i bhfoirm deontas tionscanta le haghaidh ábhair agus trealamh a cheannach. Faigheann siad deontas bliantúil chun rannpháirtíocht tuismitheoirí a chothú freisin. Íocadh cistiú neamhphá ab ionann agus €208,395 amach le hAonaid Túis Luaith sa bhliain 2023.

2.17 Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland

Bunaíodh Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland sa bhliain 1969. Is clár réamhscoile dhá bhliain é a sholáthraítear i bpobal de chuid lárchathair Bhaile Átha Cliath agus a fhreastalaíonn ar leanaí idir trí bliana d'aois agus cúig bliana d'aois. Cé nach cuid den chlár Túis Luaith é, úsáideadh é chun an-chuid de na cineálacha cur chuige a cuimsíodh níos déanaí sa chlár Túis Luaith a thriail. Is í an roinn a riarann buiséad Thionscadal Réamhscoile Shráid Rutland le haghaidh na ngnéithe pá neamhtheagaisc agus neamhphá a bhaineann leis an réamhscoil. Is é atá i bhfoireann na réamhscoile (gan an rang luath-idirghabhála um neamhord ar speictream an uathachais a áireamh) ná príomhoide riaracháin, seisear múinteoirí agus cúigear oibrithe cúraim leanaí do 97 leanbh. Fuair Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland deontas bliantúil ab ionann agus €122,580 ón Roinn sa bhliain 2023.

2.18 Oideachas Speisialta

Imríonn an Roinn Oideachais ról tacaíochta i bhforbairt leanúnach na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú, rud atá á stiúradh ag RLCMLÓ. Is é is an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú ann ná samhail tacaí uilíocha agus spriocdhírithe atá ceaptha chun a chinntiú gur féidir le leanaí a bhfuil míchumas orthu rochtain a fháil ar an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige.

Tá an Roinn ina ball den Ghrúpa Cur Chun Feidhme Trasearnála atá ag stiúradh thionscnamh na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú agus, sa bhliain 2023, lean sí de thacaí a sholáthar don tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú trína rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre éagsúla, lenar áiríodh Coiste Formhaoirseachta Meastóireachta na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú, a d'fhormhaoirsigh meastóireacht Dheireadh na dTrí Bliana ar an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú. Beidh fionnachtana na meastóireachta mar bhonn eolais faoi fheabhsú leanúnach na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú laistigh den chomhthéacs comhaimseartha beartais.

2.10.1 Scoileanna speisialta

Cheadaigh CNOS 390 rang speisialta nua don scoilbhliain 2023/24 – 254 cinn ar leibhéal na bunscoile agus 136 cinn ar leibhéal na hiar-bhunscoile. Fágann sé sin gurb ionann an líon iomlán ranganna speisialta agus 2,921 rang. Soláthraíonn na ranganna sin sainoideachas do 18,088 ndalta.

Osclaíodh Libermann Spiritan School, scoil speisialta nua i mBaile Átha Cliath 6W, sa bhliain 2023. Rinneadh dul chun cinn freisin ar dhá scoil speisialta nua eile a bhunú – Scoil Speisialta Pobail Chorcaí Thoir i gCarraig Thuathail agus Scoil Speisialta Pobail an Chosáin i mBaile Átha Cliath 7. Fágann sé sin gurb ionann an líon iomlán scoileanna speisialta sa bhliain 2023 agus 130 scoil (lena n-áirítear seacht scoil ospidéil agus trí scoil atá ceangailte le Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS)). Soláthraíonn na scoileanna sin sainoideachas do 9,000 dalta. I mí na Nollag 2023, fógraíodh ceithre scoil speisialta sa bhreis i gContae na Mí, i gContae Chill Dara, i gContae Loch Garman agus i gContae Luimnigh lena mbunú sa scoilbhliain 2024/2025.

Fuarthas €11 mhilliún i mBuiséad 2024 chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do scoileanna speisialta. Áirítear leis na tacaí sin: gach scoil den sórt sin a bheith i dteideal leas-phríomhoide riaracháin agus poist bhreise teagaisc a bheith á leithdháileadh chun oideachas níos oiriúnaí a sholáthar do dhaltaí iar-bhunscoile.

2.10.2 Plean Forbartha Fórsa Saothair Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Tugadh ceadú don Aonad um Fhorbairt an Fhórsa Saothair Cúntóirí Riachtanas Speisialta chun an chéad Phlean Forbartha Fórsa Saothair Cúntóirí Riachtanas Speisialta riamh a fhorbairt. Leis an bplean, atá le forbairt sa dá bhliain atá romhainn, tabharfar isteach athchóirithe beartais lena dtabharfar soiléire agus treo don tseirbhís Cúntóirí Riachtanas Speisialta. Is iad seo a leanas na príomhréimsí a dtabharfar aghaidh orthu leis an bplean:

Colún 1 – Ról an Chúntóra Riachtanas Speisialta a athbhreithniú agus a fhorbairt

Colún 2 – Creat Dearbhaithe Cáilíochta a bhunú

Colún 3 – Clár Foghlama agus Forbartha Cúntóirí Riachtanas Speisialta a bhunú

Colún 4 – Tacú le hEarcú, Coinneáil agus Éagsúlacht Cúntóirí Riachtanas Speisialta

Colún 5 – Straitéis Cumarsáide a cheapadh

Áirítear le Colún 4 athbhreithniú ar Chonradh Fostaíochta an Chúntóra Riachtanas Speisialta, ar aon dul leis an ngealltanas a tugadh faoin gComhaontú Náisiúnta Pá 'Ag Dul Ó Neart go Neart'. Forbrófar an Plean i gcomhairle agus i gcomhoibriú le geallsealbhóirí, lena n-áireofar ceannairí scoile agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, agus deis á tabhairt do na páirtithe uile ionchur a sholáthar agus tuairimí a chomhroinnt ar fhorbairt agus treo na seirbhíse Cúntóirí Riachtanas Speisialta sa todhchaí.

2.10.3 An t-athbhreithniú ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Acht EPSEN), 2004, a chur i gcrích

Leis an athbhreithniú, bunaíodh Grúpa Stiúrtha, Grúpa Oibre agus Grúpa Comhairleach. Chuimsigh gach grúpa raon leathan geallsealbhóirí agus acadóirí neamhspleácha chun neamhchlaonadh a chinntiú. Cuireadh suirbhéanna ar líne i gcrích i mí an Mhárta 2023. Cuireadh an anailís chainníochtúil ar cheisteanna struchtúrtha suirbhé i gcrích. Beidh na léargais ó na suirbhéanna sin mar bhonn eolais faoi imscrúduithe breise le linn na céime fócasghrúpaí. Fuarthas níos mó ná 28,000 freagra ag an gcéim sin. Tá athbhreithniú acadúil á thabhairt chun críche faoi láthair, ina bhfuiltear ag breithniú cásanna dlí agus comparadóirí idirnáisiúnta. Tá sé mar aidhm leis an athbhreithniú a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht ag teacht leis an tírdhreach dlí leasaithe, leis an gcomhairle beartais ó CNOS, agus leis na conclúidí agus na moltaí ó ghrúpaí athbhreithnithe éagsúla.

Cuid dhílis den athbhreithniú sin is ea próiseas cuimsitheach rannpháirteachais le geallsealbhóirí. Áirítear leis fócasghrúpaí, comhairliúchán le daoine aonair agus le heagraíochtaí, agus dearcthaí éagsúla a chur ar áireamh. Tá iarrachtaí speisialta á ndéanamh daltaí agus teaghlaigh a bhfuil Acht EPSEN ag déanamh difear dóibh thar na blianta a thabhairt isteach. Ceapadh foireann taighde sainghrúpaí thiomnaithe, agus cuireadh tús leis na fócasghrúpaí. Tá na fócasghrúpaí sin á reáchtáil faoi láthair le raon leathan rannpháirtithe, agus modheolaíochtaí oiriúnacha agus saincheaptha á gcur i láthair do gach grúpa.

2.10.4 An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Ceapadh comhairle nua atá comhdhéanta de 12 ghnáthchomhalta don tréimhse 2023-2026 agus roghnaíodh an Dr Fergal Lynch mar chathaoirleach nua don tréimhse 2023-2026. Athraíodh comhdhéanamh an Fhóraim Chomhairligh 20 comhalta don tréimhse freisin.

Chuir CNOS anailís straitéiseach i gcrích agus d'fhorbair sé dearadh eagraíochtúil mionsonraithe nua sa bhliain 2023, rud a raibh sé i gceist leis struchtúr na heagraíochta a athrú go mór. Mar chuid den dearadh eagraíochtúil, shainaithin CNOS príomhnithe atá taobh thiar den éileamh ar sheirbhísí, bunaithe ar anailís láidir ar shonraí a bailíodh le cúig bliana anuas. Cinnteoidh sé sin go mbeidh CNOS in ann na hacmhainní atá ann san am i láthair agus a bheidh ann san am atá le teacht a mheaitseáil ar an mbealach is fearr le limistéir shonracha riachtanas ar bhonn an chontae aonair agus go mbeidh samhail oibre ag CNOS chun limistéir riachtanas amach anseo a réamh-mheas ionas go mbeidh sé in ann freagairt d'imthosca a bhíonn ag athrú agus na himthosca sin a réamh-mheas chun freastal ar riachtanais leanaí, ar riachtanais a dteaghlaigh agus ar riachtanais scoileanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

Ar an leibhéal áitiúil, tá CNOS ag méadú an lín foirne ar fud na tíre de réir a chéile, ó dheich bhfoireann go 20 foireann, agus iad ag tairiscint tacaí a bheidh níos comhchruinnithe agus níos dírithe i ngach limistéar geografach/contae. Tabharfar tacaíocht náisiúnta do na foirne sin le sainfhoirne gairmiúla nuabhunaithe agus le baill foirne riaracháin bhreise. Méadófar an líon Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais go thart ar 120 eagraí, agus an earcaíocht ag tosú

sa bhliain 2024. Beidh sé sin ar an méadú aonair is mó riamh ar ghráid túslíne ó bunaíodh CNOS i leith agus is é an toradh a bheidh air ná méadú suntasach ar leibhéil acmhainne seirbhíse do thuismitheoirí agus do scoileanna.

D'fhógair an tAire Stáit um Oideachas Speisialta agus Cuimsiú mionsonraí an 9 Deireadh Fómhair 2023 faoi fheachtas earcaíochta nua d'Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais mar chuid de leathnú leanúnach CNOS. Mar thoradh air sin, earcófar 160 ball foirne breise i róil túslíne, ghairmiúla agus riaracháin.

2.10.5 An Clár Samhraidh

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar an gClár Samhraidh le blianta beaga anuas. Tháinig méadú ar an líon ón mbliain 2019 i leith, agus ghlac níos mó scoileanna agus daltaí páirt ann sa bhliain 2023 ná am ar bith riamh. Bhain breis agus 50,000 duine de leanaí agus de dhaoine óga tairbhe as an gClár Samhraidh sa bhliain 2023. Bhí méadú 12% ann freisin ar an líon foriomlán scoileanna a ghlac páirt i gClár Samhraidh, lena n-áirítear méadú 50% ar an líon scoileanna speisialta a bhí ag glacadh páirt ann.

Ceann de na príomhfhorbairtí sa bhliain 2023 ba ea scéim choigeartaithe a thabhairt isteach do scoileanna speisialta darb ainm an Treoirchlár Scoileanna Speisialta. Cuireadh cur chuige níos spriocdhírithe i leith scoileanna speisialta i bhfeidhm chun a chinntiú gur cuireadh díriú níos fearr ar thacaí chun cabhrú le scoileanna speisialta Clár Samhraidh a reáchtáil.

Tá an ghné sin den chlár deartha chun a chinntiú go spriocdhírítear tacaí ar bhealach a chuirfidh leis an bhfáil ar chláir scoilbhunaithe i scoileanna speisialta. Tá sé mar aidhm leis sin an rochtain atá ag leanaí ar chlár den sórt sin a chomhordú agus a chothú agus cabhrú le riachtanais soláthair foirne agus le hacmhainní a shainaithint tríd an ualach riaracháin a bhaineann le clár scoilbhunaithe a stiúradh agus a bhainistiú a laghdú.

2.10.6 An Clár Náisiúnta Píolótach Altranais

Is é atá sa Chlár Náisiúnta Píolótach Altranais do Leanaí a bhfuil Riachtanais Chasta Cúraim Sláinte acu ná scéim phíolótach atá i bhfeidhm ar fud na tíre agus a cuireadh chun feidhme i gcomhpháirt le FSS agus CNOS ón 21 Deireadh Fómhair 2022 i leith.

Fuair an Clár Náisiúnta Píolótach Altranais ceithre iarratas is fiche sa bhliain 2023. Ceadaíodh ceithre cinn de na hiarratais sin, agus na leanaí i gceist ag fáil tacaí altranais faoin gclár píolótach faoin 31 Nollaig 2023. Bhí na hiarratais eile á mbreithniú lena gcur ar áireamh sa chlár ag CNOS.

2.10.7 Tacaí do dhaltaí a bhfuil lagú radhairc nó lagú éisteachta orthu

Tá soláthar seanbhunaithe i bhfeidhm lena soláthraítear cúntóir riachtanas speisialta tiomnaithe ag a bhfuil inniúlacht i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann chun tacú le daltaí i suíomhanna príomhshrutha rochtain a fháil ar an gcuraclam agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile.

Tá an Scéim um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ), a bunaíodh sa bhliain 2022, á bainistiú ag CNOS trína struchtúr foirne réigiúnacha. Sheol CNOS feachtas earcaíochta don dá phost thíos agus bunaíodh painéil. Ceapadh beirt Saintacaithe Seomra Ranga TCÉ óna phainéal i mí Mheán Fómhair 2023.

Leis an Scéim Teagaisc um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, cabhraítear le leanaí atá bodhar/a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu agus lena dteaghlach inniúlacht a ghnóthú sa teanga

a luaithe is féidir. B'ionann an cistiú iomlán a soláthraíodh don scéim teagaisc um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann sa bhliain 2023 agus €285,000, agus thacaigh thart ar 74 theagascóir le 168 leanbh agus lena dteaghlach sa scoilbhliain 2022/23.

Faoi Scéim Teicneolaíochta Cúnta na Roinne Oideachais, bhain breis agus 600 leanbh tairbhe sa bhliain 2023 as trealamh speisialaithe do dhaoine a bhfuil lagú radhairc nó lagú éisteachta orthu.

D'éirigh le triúr mac léinn céim Baitsiléara san Oideachas i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann a bhaint amach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus tá siad ag obair i bhfostaíocht lánaimseartha ó mhí Mheán Fómhair 2023 i leith.

2.10.8 Aistrithe

Chun a gealltanais faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhfuil na príomhphointí aistrithe éifeachtach agus go dtacaíonn siad leis na torthaí foghlama is fearr do gach dalta, tá an Roinn i mbun tionscadal píolótach aistrithe (Clár Píolótach Aistrithe na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta) a oibriú. Leis an tionscadal píolótach, atá á reáchtáil faoi láthair i 20 scoil (deich gcinn i mBaile Átha Cliath agus deich gcinn i nGaillimh) ó bhí deireadh na bliana 2022 ann, tugtar deis do phríomh-gheallsealbhóirí obair le chéile chun tacaíocht chuimsitheach agus smaointeoireacht chomhleanúnach a sholáthar lena dtógtar an acmhainn i scoileanna chun freastal ar na riachtanais aistrithe atá ag daoine óga a bhfuil míchumas intleachta orthu agus a bhfuil riachtanais chasta oideachais eile acu, rud a ullmhaíonn iad le haghaidh tuilleadh neamhspleáchais agus tuilleadh rannpháirtíocht sa tsochaí tar éis na scoile.

Chomh maith le scéim phíolótach na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta, tá an Roinn Oideachais, trí Chiste na gCuntas Díomhaoin, ag cistiú comhoibriú idir an roinn agus Cumann Bhaile Bhailcín do Dhaoine a bhfuil Míchumas Intleachta orthu (WALK), atá ina eagraíocht neamhrialtasach a bhfuil mórán taithí aici agus atá ag obair i réimse na seirbhísí míchumais. Tá WALK ag obair le deich scoil (ar scoileanna speisialta iad a bhformhór) chun a gClár Cumais Piaraí reatha a sholáthar. Is é an príomhchuspóir ná a chinntiú go dtugtar tacaíocht do dhaltaí chun na haistrithe is fearr a dhéanamh ón scoil. Déanfaidh WALK caidreamh le rannpháirtithe ar feadh suas le trí bliana tar éis dóibh an scoil a fhágáil.

2.10.9 Comhairle Beartais ó CNOS maidir le hOideachas Cuimsitheach

Rinne an Rannóg Oideachais Speisialta iarratas ar rochtain ar chlár na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, ar clár é a bhfuil mar rún aige tacú leis na Ballstáit agus iad ag pleanáil athchóirithe suntasacha córais. Sa chás seo, is í an Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach a sholáthraíonn an tacaíocht. Tar éis roinnt comhairliúchán agus tar éis rannpháirtíocht leantach, d'éirigh lenár n-iarratas. Chuir an Roinn tús le rannpháirtíocht ar an tionscadal sa bhliain 2023.

2.10.10 Buiséad 2023

Sa bhliain 2023, bhí 27% de bhuiséad na Roinne Oideachais, nó €2.6 billiún, tiomnaithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Leis sin, rinneadh soláthar do 686 mhúinteoir sa bhreis agus do 1,194 chúntóir riachtanas speisialta sa bhreis. Ag deireadh na bliana 2023, b'ionann an líon múinteoirí oideachais speisialta i ranganna príomhshrutha agus 14,551 mhúinteoir. B'ionann an líon iomlán cúntóirí riachtanas speisialta i scoileanna agus 20,778 gcúntóir.

Fuarthas €13 mhilliún, beagnach, le haghaidh leathnú CNOS, chun an líon ball foirne a bhfuil teagmháil dhíreach acu le leanaí agus le scoileanna a mhéadú faoi 50%. Áiríodh leis sin 40 ball foirne nua do sheirbhís Theanga Chomharthaíochta na hÉireann. Fuarthas €2.9 milliún le haghaidh 54 bhall foirne ghairmiúla, theicniúla agus tacaíochta sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNOS). Fuarthas €2 mhilliún le haghaidh na Scéime Teicneolaíochta Cúnta. Is ionann é sin agus méadú 60%, beagnach, ar an gcistiú a soláthraíodh roimhe sin. Fuarthas cistiú breise ab fhiú €20 milliún le haghaidh an Chláir Samhraidh freisin, ar clár é a bhfuil méadú tagtha ar a iontógáil gach bliain ó leathnaíodh é sa bhliain 2020 i leith.

Foilseacháin ón Rannóg Oideachais Speisialta sa bhliain 2023

- Deontas Leabhair Scoile – Treoirlínte do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta
- Treoirlínte maidir le húsáid chuí an Deontais Tacaíochta um Fheachtas Freastail do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna

Ciorcláin a bhaineann leis an Oideachas Speisialta sa bhliain 2023

- Ciorclán 0029/2023 – Neamhláithreachtaí Gairide do Bhaill Foirne, seachas Daoine atá fostaithe mar Mhúinteoirí agus mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBoird Oideachais agus Oiliúna
- Ciorclán 0026/2023 – Earcaíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta – Socruithe Sannacháin Fhorlíontaigh don Scoilbhliain 2023/2024
- Ciorclán 0018/2023 – Leithdháileadh Cúntóirí Riachtanas Speisialta 2023/2024
- Ciorclán 0014/2023 – Clár Teastais/Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí atá ag obair le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (Uathachas) acu
- Ciorclán 0013/2023 – An Clár Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta 2023/2024
- Ciorclán 0012/2023 – Teastas Iarchéime san Oideachas do Scoláirí atá ar Speictream an Uathachais (AS) do mhúinteoirí a oibríonn le Scoláirí atá ar Speictream an Uathachais i Scoileanna Speisialta, i Ranganna Speisialta nó mar Mhúinteoirí Oideachais Speisialta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna príomhshrutha
- Ciorclán 0001/2023 – Comhairle maidir le húsáid uirlisí/trialacha don Treoir nó do riachtanais bhreise agus speisialta oideachais (RSO) in iar-bhunscoileanna

2.12 Iompraíocht Daltaí atá i gCásanna Géarchéime

Tugadh ar aghaidh chuig na céimeanna deiridh forbairt na dtreoirlínte maidir le freagairt d'iompraíochtaí is ábhair imní i gcásanna géarchéime agus iad a bhainistiú. Tá siad chóir a bheith críochnaithe agus réidh le foilsiú. Sa bhliain 2023, bhí an roinn i mbun comhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí oideachais agus le grúpaí tathanta. Pleanáladh próiseas soláthair, agus thug an roinn an iarraidh ar thairiscintí le haghaidh oiliúna chun críche i gcomhar le CNOS.

Tá na treoirlínte á dtriail i 15 scoil speisialta, a bheag nó a mhór, faoi láthair. Éascóidh sé sin leasuithe deiridh a dhéanamh ar na treoirlínte. Gheobhaidh na scoileanna tacaíocht ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus ón gCigireacht le linn na tréimhse sin.

Déanann CNOS formhaoirseacht ar an obair. Is é an spriocghrúpa ná daoine óga a bhfuil míchumas intleachta orthu nó a bhfuil riachtanais chasta oideachais acu inár gcuid iar-

bhunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá dul chun cinn na ndaltaí á rianú thar thréimhse idir dhá bhliain go leith agus trí bliana ar fad, ag tosú ar dtús le daltaí 16 bliana d'aois i suíomhanna scoile speisialta agus leis na daltaí sin atá sa chúigiú bliain in iar-bhunscoileanna. Tá rochtain ag na daltaí sin ar thacaí thar an tréimhse dhá bhliain atá siad ar scoil agus sa tréimhse idir sé mhí agus naoi mí ar fad tar éis na scoile ar cibé conair a roghnaíonn siad.

2.13 Scéim na Leabhar Scoile in Aisce

Mar chuid de Bhuiséad 2023, d'fhógair an tAire infheistíocht mhór is fiú breis agus €50 milliún chun leabhair scoile in aisce a sholáthar i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, rud a d'fhág go bhfuil leabhair scoile in aisce faighte ag breis agus 563,000 dalta i dtuairim agus 3,227 mbunscoil aitheanta, lena n-áirítear breis agus 130 scoil speisialta, ó bhí mí Mheán Fómhair 2023 ann.

Le scéim na leabhar bunscoile in aisce, comhlíontar an gealltanas a tugadh i gClár an Rialtais go leathnófaí treoirscéim na leabhar scoile in aisce, rud a bhí ar fáil i mbreis agus 100 bunscoil DEIS ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2022, de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Chomh maith leis sin, tógann cur chun feidhme scéim na leabhar scoile in aisce ar an scéim cíosa leabhar scoile a bhí ar fáil sa chuid is mó de bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna.

Eisíodh treoir mhionsonraithe agus cistiú chuig scoileanna chun dóthain ama a thabhairt do scoileanna leabhair scoile, leabhair oibre agus cóipleabhair a chur i bhfeidhm do gach dalta i dtús na scoilbhliana 2023/2024.

Chuir an Roinn Oideachais íocaíocht deontais i bhfeidhm le haghaidh tacaíocht riaracháin freisin.

B'ionann an caiteachas iomlán ar an scéim bunscoile don bhliain 2023 agus €55.92 milliún, lenar áiríodh €1.87 milliún le haghaidh tacaíocht riaracháin.

Sa bhliain 2023, fuarthas infheistíocht bhreise ab fhiú €115m mar chuid de Bhuiséad 2024. Leis sin, soláthraítear €47m chun leanúint de Scéim na Leabhar Bunscoile don scoilbhliain 2024/25 agus soláthraítear thart ar €68m chun scéim leabhar scoile in aisce a thabhairt isteach do dhaltaí uile na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais don scoilbhliain 2024/25.

Sprioc 3: I gcomhar lenár gcomhpháirtithe, ceannaireacht agus tacaíocht straitéiseach a thabhairt le haghaidh na córais chearta agus an bonneagar ceart a sholáthar don earnáil

Baineann an sprioc seo leis an ról tábhachtach ag an roinn agus a cuid gníomhaireachtaí i gceannaireacht straitéiseach a sholáthar laistigh den earnáil agus ar fud an rialtais. Is é atá i gceist léi ná comhordú le geallsealbhóirí san earnáil, leis an mórearnáil phoiblí, leis an gcóras polaitíochta, le comhlachtaí eile rialtais agus le cláir oibre thrasearnála. Tá sé mar aidhm leis an sprioc seo na comhpháirtíochtaí sin a neartú agus obair le chéile de réir mar a sholáthraímid eispéireas oideachais den chéad scoth do gach dalta.

3.2 Beartas um Oideachas Múinteoirí, Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil

3.1.1 Creidiúnú Gairmiúil na gClár Oideachais Tosaigh Múinteoirí (2022)

D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí i mí Dheireadh Fómhair 2020. Leagtar amach in Céim na ceanglais nach mór do gach clár cáilíochta múinteoireachta in Éirinn a chomhlíonadh chun creidiúnú a fháil ón gComhairle Mhúinteoireachta. Is tagarmharc é freisin d'aon duine atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoir in Éirinn. Ní mór do gach clár nua oideachais tosaigh múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile na caighdeáin atá leagtha amach in Céim a chomhlíonadh. Bhí na cláir oideachais tosaigh múinteoirí uile a bhí ann cheana ailínithe le Céim do mhic léinn chéad bhliana ón 01 Meán Fómhair 2022 i leith.

Chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta tús i mí na Samhna 2021 le creidiúnú Thimthriall 2 a dhéanamh ar na cláir a bhí ann cheana, rud a raibh sé i gceist leis athbhreithniú sceidealaithe a dhéanamh ar gach clár oideachais tosaigh múinteoirí a bhí ann cheana i gcomhréir le Céim. Cuireadh an próiseas sin i gcrích ag deireadh na bliana 2023, agus creidiúnú tugtha ag an gComhairle Mhúinteoireachta do 52 chlár oideachais tosaigh múinteoirí i 14 institiúid ardoideachais faoi na caighdeáin nua.

3.1.2 Socrúchán Gaeltachta

Tá na ceanglais reatha le haghaidh Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht faoi chláir Oideachais Tosaigh Múinteoirí bunscoile i bhfoirm dhá cheann de shocrúcháin dhá sheachtain, mar atá leagtha amach sa doiciméad Céim: Caighdeáin d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí. Chuir 2,702 mhac léinn san iomlán a socrúchán sa Ghaeltacht i gcrích sa bhliain.

3.1.3 Socrúchán Scoile

Thionóil an Chomhairle Mhúinteoireachta Grúpa Oibre um Shocrúchán Scoile i mí na Samhna 2018 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtreoirlínte maidir le socrúchán scoile agus na moltaí ó thaighde a choimisiúnaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar shocrúchán scoile. Mhol an Grúpa Oibre um Shocrúchán Scoile go mbunófaí Grúpa Cur Chun Feidhme um Shocrúchán Scoile chun formhaoirseacht a dhéanamh ar Ghrúpa Oibre um Chóras Socrúcháin agus ar Ghrúpa um Fhorbairt Ghairmiúil Treoraithe, a dhéanfadh dul chun cinn ar a

mholtaí. Chuir an Grúpa Oibre um Chóras Socrúcháin tuarascáil i gcrích i mí an Mheithimh 2022, rud a mbreithneoidh an Grúpa Cur Chun Feidhme um Shocrúchán Scoile é. Tháinig an Grúpa um Fhorbairt Ghairmiúil Treoraithe le chéile roinnt uaireanta sa bhliain 2022 agus arís i mí Feabhra 2023.

Ag teacht sna sála ar an gcruinniú sin, rinne an Fhoireann Tionscadail um Shocrúchán Scoile (an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn) machnamh ar an dul chun cinn a rinneadh ar na róil a bhaineann le socrúchán scoile a phlé agus a chomhaontú (ceannairí scoile, Treoraithe, teagascóirí institiúidí ardoideachais) agus ar an bplé tosaigh ar na roghanna atá ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do Threoraithe.

Chun dul chun cinn a dhéanamh ar an bplé ar roghanna, táthar den tuairim gurb é atá i gcéad chéim eile thábhachtach ná ionchur a fháil ó na daoine sin a bhfuil baint acu le socrúchán scoile faoi láthair. Mar sin, beartaíodh fócasghrúpaí spriocdhírithe a thionól le Treoraithe agus le múinteoirí faoi oiliúint sula gcuirfí roghanna faoi bhráid an Ghrúpa Oibre um Fhorbairt Ghairmiúil Treoraithe. Tá sé beartaithe na fócasghrúpaí sin a thionól sa bhliain 2024.

3.1.4 Ráiteas Beartais maidir le hOideachas Tosaigh Múinteoirí

Seoladh an Ráiteas Beartais maidir le hOideachas Tosaigh Múinteoirí ón Roinn Oideachais i mí an Mhárta 2023. Sa ráiteas beartais, déantar machnamh ar thréimhse shuntasach athruithe maidir le soláthar oideachais tosaigh múinteoirí in Éirinn agus leagtar amach fís le haghaidh oideachas tosaigh múinteoirí go dtí an bhliain 2030.

Áirítear leis an ráiteas beartais plean cur chun feidhme céimnithe lena ngabhann gníomhartha ina chéad chéim go dtí deireadh na bliana 2024. Áirítear leo sin taighde fadaimseartha suntasach ar an múinteoireacht agus ar an oideachas múinteoirí a bheith coimisiúnaithe ag an roinn agus ag an gComhairle Mhúinteoireachta sa bhliain 2023, agus an timthriall creidiúnúcháin faoi Céim a bheith curtha i gcrích ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

3.1.5 Céimithe Oideachais Tosaigh Múinteoirí

Sa bhliain 2022, bhain 1270 duine céim amach ó chláir chomhthráthacha agus leantacha oideachais tosaigh múinteoirí bunscoile a bhí á gcistiú ag an Stát agus bhain 1,685 dhuine céim amach ó chláir chomhthráthacha agus leantacha oideachais tosaigh múinteoirí iar-bhunscoile a bhí á gcistiú ag an Stát. Bhain 707 nduine agus 223 dhuine céim amach sa teagasc bunscoile agus iar-bhunscoile faoi seach ó chláir leantacha de chuid Choláiste Hibernia sa bhliain 2022 freisin.

Tá múinteoirí fochéime sa tríú bliain agus sa cheathrú bliain incháilithe le haghaidh iarratas a dhéanamh ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach clárúcháin 5 (Múinteoirí faoi Oiliúint). Sa bhliain 2023, chláraigh níos mó ná 2700 múinteoir faoi oiliúint faoi Bhealach 5. De bhreis air sin, cuireadh 610 áit sa bhreis le cláir oideachais tosaigh múinteoirí bunscoile thar na blianta 2023 agus 2024.

Ciorcláin a bhaineann le hOideachas Tosaigh Múinteoirí

- Ciorclán 0027/2023 – CNC Leibhéal 9: Dioplóma Iarchéime in Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte/Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OSPS/OCG) – Clár 2024

4.2 An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Lean an Roinn Oideachais de chlár cuimsitheach forbartha gairmiúla a sholáthar chun tacú le múinteoirí agus ceannairí scoile sa bhliain 2023. Cuireadh isteach go mór ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar mar gheall ar chomhairleoirí a bheith ag obair mar mhúinteoirí ionaid i scoileanna i dTéarma 2 den scoilbhliain 2022/23. San iomlán don tréimhse sin, sholáthair SFGM 93,348 n-aonad foghlama gairmiúla leanúnaí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

3.2.1 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Thacaigh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí le scoileanna an Creat don tSraith Shóisearach (2015) a chur chun feidhme trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus trí acmhainní éifeachtacha teagaisc agus foghlama a sholáthar. Sholáthair an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí 35,035 idirghníomhaíocht forbartha gairmiúla leanúnaí sa bhliain 2023.

3.2.2 An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

Thacaigh an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) le múinteoirí nuacháilithe bunscoile agus iar-bhunscoile a ionduchtú isteach i ngairm na múinteoireachta in Éirinn ar aon dul le ceanglais na Roinne Oideachais agus le beartais na Comhairle Múinteoireachta, lena n-áirítear Droichead, an Chreatlach Ionduchtúcháin Ghairmiúil Chomhtháite do Mhúinteoirí Nuacháilithe (2017). Sholáthair CNIM 12,649 n-idirghníomhaíocht forbartha gairmiúla leanúnaí agus 828 uair tacaíochta scoile sa bhliain 2023.

3.2.3 An Lárionad um Cheannaireacht Scoile

An Lárionad um Cheannaireacht Scoile (CSL), ar socrú comhpháirtíochta é atá ar bun idir an Roinn Oideachais, Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann agus Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí, leag sé amach contanam comhleanúnach forbartha gairmiúla do cheannairí scoile, agus díriú á leagan ar chóitseáil, ar mheantóireacht agus ar chlár iarchéime a sholáthar do dhaoine ar mian leo teacht chun bheith ina gceannairí scoile. Sholáthair CSL 1,460 idirghníomhaíocht forbartha gairmiúla leanúnaí sa bhliain 2023.

3.2.4 Oide

Seoladh Oide an 1 Meán Fómhair 2023 agus is seirbhís nua tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais do scoileanna é. Cruthaíodh é trí na ceithre sheirbhís tacaíochta a bhí ann cheana, mar a bhí an Lárionad um Cheannaireacht Scoile, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, a chomhtháthú.

Cuireann Oide cáilíocht an teagaisc agus na foghlama chun cinn trí shamhail éifeachtúil, éifeachtach agus fhreagrúil foghlama gairmiúla agus tacaíochta gairmiúla do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí a sholáthar. Tá sé mar aidhm aige an teagasc agus an fhoghlaim is fearr is féidir a éascú chun a chur ar chumas daltaí barr a gcumais a bhaint amach agus rannchuidiú le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann. Sholáthair Oide 90,843 idirghníomhaíocht forbartha gairmiúla leanúnaí agus 521 uair tacaíochta scoile idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag (agus an dá mhí sin san áireamh) ar fud na hearnála bunscoile agus na hearnála iar-bhunscoile.

Thairg foirne iar-bhunscoile raon éagsúil Eispéireas Foghlama Gairmiúla chun tacú le foghlaim ábhair sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon sna hábhair seo a leanas:

Matamaitic, Ríomheolaíocht, Béarla, Stair, Léann Clasaiceach, Eacnamaíocht Bhaile, Oideachas Reiligiúin, Polaitíocht agus an tSochaí, Nuatheangacha Iasachta, Eolaíochtaí, Teicneolaíochtaí, Gnó, Amharc-ealaín, Tíreolaíocht agus Ceol.

3.2.5 Creat taighdebhunaithe a fhorbairt le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí

Chuir an Foras Taighde ar Oideachas tionscadal ar choimisiúnaigh an Roinn Oideachais é chun creat meastóireachta a fhorbairt le haghaidh forbairt ghairmiúil múinteoirí i gcrích sa bhliain 2023. Leis an gcreat, cabhrófar lena chinntiú go bhfreastalóidh an soláthar forbartha gairmiúla múinteoirí ar bhealach éifeachtach éifeachtúil ar na riachtanais atá ag múinteoirí, ag scoileanna, ag daltaí agus ag an Roinn Oideachais chun a chinntiú go mbainfear an chuid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil. Chomhaontaigh an coiste stiúrtha an tuarascáil deiridh agus thug an Foras Taighde ar Oideachas chun críche í i mí Aibreáin 2023.

Foilseacháin ón bhForas Taighde ar Oideachas:

- The Teacher Professional Learning Evaluation Framework
- Education in a Dynamic World: the performance of students in Ireland in PISA 2022
- Progress in International Reading Literacy Study 2021 report (PIRLS)
- National Assessments of Mathematics and English Reading 2021 report (NAMER)
- Ireland's National Assessments of Mathematics and English Reading 2021: A focus on achievement in urban DEIS schools (NAMER DEIS)

4.3 Cosán

Leanann an Roinn Oideachais de thacú le Cosán agus le deiseanna do mhúinteoirí ina n-aistear forbartha gairmiúla agus tá sí tiomanta do thacú le forbairt agus leabú a dhéanamh ar Cosán, an Chreatlach Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí ón gComhairle Mhúinteoireachta.

Rinne an Roinn Oideachais raon leathan gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla do mhúinteoirí a sholáthar agus a chothú trí na Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Múinteoirí, trí Ionaid Oideachais, trí ghníomhaireachtaí roinne agus trí thionscnaimh eile agus d'fhéach sí le conairí le haghaidh dul chun cinn a sholáthar do mhúinteoirí iar-bhunscoile ar spéis leo a scileanna a fhorbairt maidir le OSPS/OCG a theagasc agus, dá réir sin, cumas agus ceannaireacht a thógáil laistigh de ghairm na múinteoireachta i ndáil le teagasc OSPS/OCG.

I mí Feabhra 2023, thosaigh an chéad chohórt, a bhí comhdhéanta de 34 rannpháirtí, an Clár Dioplóma Iarchéime in Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte/Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OSPS/OCG) a reáchtálann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath é agus atá ar Leibhéal 9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

4.4 Scéim Cistiúcháin Líonraí Gairmiúla Múinteoirí

Bunaíodh an Scéim Cistiúcháin Líonraí Gairmiúla Múinteoirí chun tacú le hobair na nGrúpaí agus Cumann Múinteoirí a thugann Eispéiris Foghlama Gairmiúla agus piarthacaíocht ghairmiúil do gach múinteoir Iar-bhunscoile.

Is é an príomhchuspóir atá leis na Líonraí Gairmiúla Múinteoirí ná na scileanna teagaisc, foghlama agus/nó bainistíochta ranga atá ag múinteoirí iar-bhunscoile a chur ar aghaidh ar mhaithe le torthaí foghlama níos fearr a sholáthar do dhaltaí. Áiríodh leis na himeachtaí Eispéiris Foghlama Gairmiúla a d'eagraigh Grúpaí agus Cumainn Múinteoirí sa bhliain 2023 straitéisí oiriúnacha a thacaíonn le múinteoirí agus a bhfuil naisc fhónta acu leis na tosaíochtaí náisiúnta atá á gcur chun feidhme ag an Roinn Oideachais. Bhí 32 ghrúpa agus cumann múinteoirí san iomlán cláraithe leis an scéim sa bhliain 2023.

3.4.1 An Clár um Theagasc agus Foghlaim don 21ú hAois (TL21)

Is é atá sa Chlár TL21 ná clár ceardlann-bhunaithe Eispéireas Foghlama Gairmiúla do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile lena gcuirtear cleachtas nuálach agus pobail foghlama gairmiúla chun cinn in iar-bhunscoileanna. Tá an clár ar siúl ó bhí an bhliain 2003 ann. Tá an clár treoraithe ag taighde agus is iad an dá phríomhaidhm atá leis ná cumas múinteoirí mar údair chomhoibríocha agus fhéinchriticiúla dá gcuid oibre féin a neartú agus daltaí a chumasú chun páirt ghníomhach fhreagrach a ghlacadh ina gcuid foghlama féin.

Tá an clár á bhainistiú ag Roinn an Oideachais in Ollscoil Mhá Nuad. Tá an clár tógtha ar shamhail comhpháirtíochta, áit arb iad an ollscoil, na scoileanna rannpháirteacha, an líonra ionad oideachais agus an Roinn Oideachais na príomh-chomhpháirtithe. Soláthraíonn an Roinn Oideachais an cistiú le haghaidh an chláir.

Reáchtáiltear an clár thar thimthriall dhá bhliain agus ghlac deich nIonad Oideachais páirt i dtimthriall na tréimhse 2021-2023. Cuireadh tús le timthriall nua TL21 don tréimhse 2023-2025 i mí Mheán Fómhair 2023, agus 11 Ionad Oideachais ag glacadh páirt ann.

3.4.2 An Malartán Taighde Múinteoirí (T-REX)

Is é is an Malartán Taighde Múinteoirí, T-REX, ann ná ardán saincheaptha líonraithe shóisialta agus comhoibrithe atá faoi stiúir ag Coláiste Mhuire gan Smál (ag obair dó i gcomhpháirt le hOllscoil Luimnigh, le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, le hInstitiúid Oideachais Marino, le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, le hIonaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann agus leis an Lárionad Ceannaireachta Scoile). Tá T-REX á chomhchistiú ag an Roinn Oideachais, ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), a dhéanann cumarsáid, rannpháirtíocht agus comhroinnt a chumrú do ghairmithe oideachais ar fud oileán na hÉireann.

Soláthraíonn T-REX droichead digiteach chun comhoibriú agus idirphlé a éascú idir baill de chúlraí gairmiúla difriúla, amhail múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí cleachtacha, gairmithe ardoideachais agus gairmithe tacaíochta oideachais, ionas gur féidir taighde ardchaighdeáin a chomhroinnt ar fud teorainneacha gairmiúla agus chun an pobal ar líne a mhéadú trí nuálaíochtaí leanúnacha sa teagasc agus san fhoghlaim agus, ar an mbealach sin, cáilíocht an oideachais a fhaigheann gach foghlaimeoir a fheabhsú.

4.5 Cigireacht

Sheol an Chigireacht clár iomlán cigireachtaí agus cuairteanna comhairleacha i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige, i scoileanna, in ionaid oideachais agus i suíomhanna eile oideachais de réir a feidhmeanna cuntasachta, feabhsúcháin agus tógála acmhainne agus de réir na gCód Cleachtais foilsithe agus na dTreoracha Cigireachta uaithi.

Áiríodh leis an gclár cigireachtaí úsáid a bhaint as raon samhlacha cigireachta a bhí éagsúil ó thaobh faid agus dírithe de agus a thacaigh le cur chuige rioscabhunaithe na Cigireachta i leith cigireachtaí a dhéanamh. Le linn roghnú a dhéanamh ar na scoileanna/na suíomhanna le haghaidh cigireachta agus ar na cineálacha cigireachta, leanadh sa bhliain 2023 den stair cigireachta, fionnachtana na gcigireachtaí roimhe sin agus faisnéis eile a bhí ar fáil (patrúin tinrimh, gearáin, athruithe ar phearsanra scoile, etc.) a chur san áireamh. Tugadh Meastóireachtaí Scoile Uile: Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (MSU-BCF) isteach an athuair i mí Eanáir 2023, agus chríochnaigh sé sin tabhairt isteach chéimnithe na samhlacha cigireachta uile tar éis phaindéim COVID-19.

3.5.1 Oideachas sna Luathbhlianta

Lean an Chigireacht de chlár iomlán cigireachtaí a sheoladh i suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige ó mhí Mheán Fómhair 2022 i leith agus ar fud na bliana 2023. Bhí an clár sin bunaithe ar eagrán nua den Treoir um Chigireacht Oideachais Luathbhlianta, a foilsíodh i mí Lúnasa 2022. Tá rochtain ar an Treoir um Chigireacht Oideachais Luathbhlianta ar fáil ar líne anseo: www.gov.ie – Treoir um Chigireacht Oideachais Luathbhlianta.

Cuireadh ar áireamh sa treoir nua sin leasuithe ar an gcreat cáilíochta agus ar na próisis chigireachta araon chun sainchúram leathnaithe Chigireacht na Roinne Oideachais a léiriú a mhéid a bhaineann sé le meastóireacht a dhéanamh ar an soláthar i suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige do gach leanbh atá sé bliana d'aois agus níos óige. Rinneadh cineálacha solúbtha cur chuige i leith cigireachtaí a stiúradh, a forbraíodh le linn phaindéim Covid-19, a chomhtháthú isteach sa tSamhail Cigireachta Oideachais Luathbhlianta príomhshrutha mar fhreagairt d'aiseolas dearfach a fuarthas ó earnáil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige. Áiríodh leis na cineálacha cur chuige sin teagmháil chianda le baill foirne agus le húinéirí/bainisteoirí lena gcumasaítear plé gairmiúil agus cruinnithe aiseolais a sheoladh ag amanna atá níos fabhraí do rannpháirtíocht na bhfoirne uile. Comhtháthaíodh na cleachtais sin isteach sa chlár cigireachtaí sa bhliain 2023. Cuireadh 429 gCigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta agus 64 Chigireacht Leantacha i gcrích sa bhliain 2023.

Cuireadh tús le cigireacht i suíomhanna cúraim leanaí lánlae i mí an Mheithimh 2023 agus cuireadh 16 cinn díobh sin i gcrích mar chigireachtaí foirne. Leis sin, comhlíonadh gníomh a sainaithníodh don Chigireacht in An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlach 2019-2028 chun an tsamhail Cigireachta Oideachais Luathbhlianta a leathnú chuig an soláthar státchistithe ar fad do leanaí atá sé bliana d'aois agus níos óige.

Lean an Chigireacht d'fhaisnéis agus acmhainní a fhorbairt agus a fhoilsiú chun tacú le baill foirne i suíomhanna Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige tabhairt faoi ghníomhaíocht athbhreithnithe inmheánaigh agus feabhsaithe cáilíochta de réir an chreata cáilíochta do Chigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta. Tugtar aghaidh ar raon leathan topaicí leis na hacmhainní sin. Áirítear leis na topaicí sin, mar shampla, aistrithe, comhpháirtíocht le tuismitheoirí, foghlaim amuigh faoin spéir, luathlitearthacht, athléimneacht a chur chun cinn agus obair le grúpaí aoise measctha.

3.5.2 Meastóireacht ar Choláistí Gaeilge

Tá freagracht riaracháin ar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) as aitheantas a thabhairt do chúrsaí Gaeilge a soláthraíonn Coláistí Gaeilge iad. Reáchtálann an Chigireacht clár bliantúil cigireachtaí ar shampla de na cúrsaí a n-eagraíonn Coláistí Gaeilge aonair iad arna iarraidh sin do RTCEGSM.

Déantar cigireachtaí mar mhodh chun cáilíocht an oideachais a sholáthraítear do scoláirí sna cúrsaí sin a dhearbhú agus chun tuairisc a thabhairt ar na fionnachtana. Dírítear sna cigireachtaí sin ar thrí réimse: cáilíocht an teagaisc agus na foghlama; cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta, agus cáilíocht na n-eispéireas Gaeilge agus cultúrtha do scoláirí. Ar aon dul le samhlacha cigireachta eile, rinneadh seiceálacha comhlíonta um chosaint leanaí agus frithbhulaíocht ar na cúrsaí Gaeilge a ndearnadh cigireacht orthu. I samhradh na bliana 2023, rinneadh 25 chigireacht ar rogha randamach de Choláistí Gaeilge. I gcomhar le RTCEGSM, cuireadh tús le pleanáil chun cinn le haghaidh dhearbhú cáilíochta na gcúrsaí Gaeilge i samhradh na bliana 2024.

3.5.3 Meastóireacht ar chúrsaí múinteoirí

Tá freagracht ar an Rannóg Oideachais Múinteoirí as an gclár cúrsaí samhraidh. Tá sé de shainchúram uirthi formhaoirseacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile athruithe curaclaim a stiúradh agus tosaíochtaí beartais náisiúnta a chur chun feidhme. Chomh maith leis sin, cistíonn an Rannóg Oideachais Múinteoirí cúrsaí samhraidh do mhúinteoirí trína cúnamh deontais d'Ionaid Oideachais le haghaidh cúrsaí áitiúla forbartha gairmiúla a eagrú. Agus foghlaim ghairmiúil múinteoirí á cur chun cinn agus freastal ar chúrsaí samhraidh á spreagadh acu, ní mór don Roinn Oideachais agus don Rannóg Oideachais Múinteoirí a bheith lándeimhin de go bhfuil cáilíocht na gcúrsaí sin luachmhar don mhúinteoir agus don chóras oideachais. Dá bhrí sin, déanann an Chigireacht, arna iarraidh sin don Rannóg Oideachais Múinteoirí, dearbhú cáilíochta ar an gclár cúrsaí samhraidh trí iarratais ar chúrsaí samhraidh a mheas agus a cheadú (lena n-áirítear an próiseas achomhairc) agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar shampla de chúrsaí samhraidh gach bliain.

Rinne foireann de thrí chigire is fiche meastóireacht ar na hiarratais ar chúrsaí samhraidh in aghaidh na gcritéar comhaontaithe le haghaidh aitheantas do chúrsaí samhraidh i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2023. Rinne gach cigire aonair athbhreithniú ar líon idir tríocha cúrsa agus daichead cúrsa thar thréimhse trí lá. Ina theannta sin, rinne cigire na Rannóige Oideachais Múinteoirí athbhreithniú ar na lámhleabhair dearbhaithe cáilíochta (nach bhfuil riachtanach ach le haghaidh cúrsaí ar líne) a bhí ar na soláthraithe éagsúla a chur isteach i dteannta an iarratais uathu.

Rinne cigirí meastóireacht agus tuairisciú ar shé chúrsa is seasca i samhradh na bliana 2023. Bhí na cúrsaí sin comhdhéanta de chúig cinn is tríocha de chúrsaí ar líne (aisioncronach), de thrí cinn is fiche de chúrsaí duine le duine, de chúrsa cumaisc amháin (meascán de ranganna duine le duine agus ranganna ar líne) agus de thrí threoirchúrsa (sioncronach).

3.5.4 Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

I mí Dheireadh Fómhair 2022, chuir an Chigireacht tús le cuairteanna ar gach bunscoil agus iar-bhunscoil sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta mar chuid den phróiseas bailíochtaithe le haghaidh aitheantais. Tá an clár cuairteanna, a sheoltar thar ceann an Aonaid um Oideachas Gaeltachta, le cur i gcrích faoi Cháisc na bliana 2024.

Tugadh cuairteanna cigireachta ar 68 scoil (58 mbunscoil agus deich n-iar-bhunscoil) mar chuid den phróiseas bailíochtaithe le haghaidh aitheantais. De bhreis air sin, tugadh dhá chuairt chomhairleacha faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

3.5.5 Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh i ndáil le cosaint leanaí

Mar chuid d'fhormhaoirseacht na roinne ar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (leasaithe 2023), seiceálann an Chigireacht

comhlíonadh na bpríomhghnéithe de na nósanna imeachta le linn gach cigireachta scoile, agus ceann amháin de thrí leibhéal á úsáid aici. Déantar seiceálacha leibhéal a haon le linn cigireachtaí gearra amhail cigireachtaí teagmhasacha, meastóireachtaí curaclaim agus cigireachtaí ábhair. Déantar seiceálacha leibhéal a dó le linn meastóireachtaí níos déine, amhail meastóireachtaí scoile uile (MSU) agus Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna DEIS. Déantar seiceálacha leibhéal a trí le linn Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí, ina ndírítear go domhain ar chomhlíonadh nósanna imeachta na bliana 2023 ag an scoil.

Rinneadh faireachán leibhéal a haon i 1,540 scoil sa bhliain 2023. Bhí 91.2% de scoileanna (1,405 scoil as 1,540 scoil) ag comhlíonadh sheiceálacha leibhéal a haon go hiomlán tráth na cigireachta. Ní raibh 8.8% de scoileanna (135 scoil as 1,540 scoil) ag comhlíonadh sheiceálacha leibhéal a haon go hiomlán tráth na cigireachta. Sholáthair gach ceann de na scoileanna sin fianaise ar chomhlíonadh ón uair sin i leith.

Rinneadh faireachán leibhéal a dó i 185 shuíomh sa bhliain 2023. Bhí 86.5% de scoileanna (160 scoil as 185 scoil) ag comhlíonadh sheiceálacha leibhéal a dó go hiomlán tráth na cigireachta. Ní raibh 13.5% de scoileanna (25 scoil as 185 scoil) ag comhlíonadh sheiceálacha leibhéal a dó go hiomlán tráth na cigireachta. Maidir le 23 cinn de na 25 scoil ar cinneadh ina leith nach raibh siad ag comhlíonadh na seiceálacha go hiomlán tráth na cigireachta, sholáthair siad fianaise ar chomhlíonadh ón uair sin i leith.

Rinneadh seacht gcinn is fiche de Chigireachtaí Deiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí sa bhliain 2023. Bhí gach ceann de na seacht scoil is fiche (100%) ag comhlíonadh sheiceálacha leibhéal a trí go hiomlán ag deireadh na Cigireachta Deiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí.

Sa bhliain 2023, chuir an Chigireacht tús le clár Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí lena úsáid i saoráidí cónaithe. Baineadh triail as an tsamhail sin den chéad uair riamh i dtrí scoil aitheanta a bhfuil saoráidí cónaithe bainteacha acu. Ina dhiaidh sin, cuireadh tús le Cigireachtaí Deiridh um Chosaint agus Chumhdach Leanaí in dhá scoil aitheanta a bhfuil saoráidí cónaithe bainteacha acu.

3.5.6 Meastóireacht ar sholáthar do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise acu i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

Sa bhliain 2023, rinne cigirí naoi gcigireacht is fiche ar an soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu: seacht gcinn déag i mbunscoileanna agus dhá cheann déag in iar-bhunscoileanna. Bhí na fionnachtana mar a leanas:

Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go maith nó go han-mhaith i gcúig cinn déag de na seacht mbunscoil déag. Ní raibh sí go maith in dhá scoil. I mbunscoileanna ina raibh an teagasc agus an fhoghlaim go han-mhaith, bhí timpeallachtaí seomra ranga spreagúil agus dea-eagraithe. Bhí múinteoirí sna scoileanna sin an-eolach ar riachtanais na ndaltaí agus bhí scileanna an-éifeachtach bainistíochta ranga acu. Sholáthair siad deiseanna dea-phleanáilte do dhaltaí le haghaidh gníomhaíochtaí foghlama aonair agus le haghaidh foghlaim chomhoibríoch lena bpiaraí. Fuair daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu deiseanna chun foghlaim trí shúgradh, chun acmhainní oiriúnacha a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim agus chun an fhoghlaim a úsáid i gcásanna fíorshaoil. I roinnt scoileanna ina raibh an fhoghlaim go han-mhaith, bhí na daltaí in ann labhairt faoina láidreachtaí mar fhoghlaimeoirí, faoi na réimsí ar mhothaigh siad go raibh cabhair uathu iontu agus faoi cé chomh maith agus a bhí ag éirí leo ina gcuid foghlama.

Baineadh úsáid as teagasc foirne go minic, rud a bhfuil sé i gceist leis beirt mhúinteoirí atá ag obair le chéile san aon seomra ranga amháin chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna. Tugadh faoi theagasc foirne go héifeachtach i roinnt scoileanna. I scoileanna eile, ní raibh an teagasc foirne chomh héifeachtach céanna. I gcás go raibh sé sin amhlaidh, mhol na cigirí go ndéanfadh na múinteoirí pleanáil chúramach ar conas a thacódh an cur chuige teagaisc foirne le riachtanais shainaitheanta foghlama na ndaltaí a dtugtar tús áite dóibh. Réimse eile le haghaidh feabhais i mbunscoileanna ba ea úsáid a bhaint as sonraí bonnlíne chun bonn eolais a chur faoi riachtanais foghlama tosaíochta a shainaithint agus faoi spriocanna sonracha a leagan síos do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go maith nó go han-mhaith i naoi gcinn den dá iar-bhunscoil déag. Ní raibh sí go maith sna trí scoil eile. In iar-bhunscoileanna ina raibh cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith nó go han-mhaith, bhí an caidreamh idir scoláirí agus a múinteoirí agus idir scoláirí agus a bpiaraí an-dearfach. I measc na ngnéithe comhchoiteanna eile cleachtais bhí úsáid cineálacha tacúla cur chuige teagaisc, tascanna dea-dheartha foghlama comhoibríche, úsáid éifeachtach teicneolaíochtaí foghlama digití, straitéisí oilte um measúnú chun foghlama, agus úsáid cineálacha cur chuige foghlama gníomhaí.

D'ainneoin na ngnéithe dearfacha a tugadh faoi deara, ba réimse le haghaidh feabhais é an teagasc i suíomhanna tacaíochta. Gné chomhchoiteann i ngach ceann den dá scoil déag ba ea nach raibh an soláthar sna suíomhanna sin ailínithe go leor i gcónaí le riachtanais na ndaoine óga agus nach bhfuair na daoine óga deiseanna leordhóthanacha le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach le linn ceachtanna. I naoi gcinn den dá scoil déag, thug cigirí le fios go raibh ar mhúinteoirí an úsáid a bhaineann siad as cleachtas difreáilte a mhéadú chun freastal ar riachtanais éagsúla na ndaoine óga ina ranganna.

Ba ann do roinnt réimsí suntasacha le haghaidh feabhais i bpróisis um riachtanais scoláirí a shainaithint agus um spriocanna cuí a leagan síos chun freastal ar na riachtanais sin sa chuid is mó d'iar-bhunscoileanna. I measc na réimsí sin bhí an gá le páirt a thabhairt do dhaoine óga agus dá dtuismitheoirí sa phróiseas um riachtanais a shainaithint. Bhí tionchar ag na laigí sna próisis sin um riachtanais a shainaithint ar cháilíocht na bPleananna Tacaíochta Dalta in iar-bhunscoileanna. Bhí tionchar ag na laigí freisin ar na spriocanna a leag múinteoirí síos do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu toisc nach raibh siad ailínithe go leor le riachtanais na scoláirí. Bhí pleananna tacaíochta ardchaighdeáin ag mionlach an-bheag scoileanna.

3.5.7 Meastóireacht ar sholáthar do leanaí agus daoine óga a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta

Rinne cigirí ocht meastóireacht scoile uile agus deich meastóireacht curaclaim i scoileanna speisialta sa bhliain 2023. Tugadh le fios sna fionnachtana ó na deich meastóireacht curaclaim sin go raibh cáilíocht fhoghlaim na leanaí agus na ndaoine óga go han-mhaith i gceithre cinn de na deich scoil speisialta agus go raibh sí go maith sna sé cinn eile. Ar fud na scoileanna, ba ann do go leor gnéithe den fhoghlaim a bhfuarthas ardmholadh ó chigirí ina leith agus ba ann do roinnt gnéithe a raibh forbairt ag teastáil ina leith. I gcásanna ina raibh cáilíocht na foghlama go han-mhaith, soláthraíodh deiseanna foghlama a bhí dúshlánach, ábhartha agus suimiúil agus a thacaigh le forbairt scileanna tábhachtacha saoil d'fhoghlaimeoirí. I gceithre cinn de na deich scoil, bhain na moltaí le feabhas a chur ar an tacaíocht don chumarsáid. I roinnt de na scoileanna sin, bhí forbairt ag teastáil i leith cineálacha cur chuige scoile uile chun a chinntiú go gcuirfí ar chumas gach linbh agus gach duine óig modh feidhmiúil cumarsáide a shealbhú de réir a chéile de réir bharr a gcumais.

Bhí cáilíocht an teagaisc go han-mhaith mar an gcéanna i gceithre cinn de na scoileanna agus bhí sí go maith sna sé scoil eile. I measc na ngnéithe de theagasc a bhí ar chaighdeán an-ard i

scoileanna speisialta bhí an úsáid a baineadh as raon cineálacha cur chuige teagaisc a bhí dea-struchtúrtha agus foghlaimeoirlárnach. Ar na tacaí do leanaí agus do dhaoine óga sna ceachtanna ina raibh an teagasc an-éifeachtach bhí úsáid a bhaint as amchláir amhairc, as ábhair nithiúla agus as acmhainní cuí tarraingteacha, agus úsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach. I dtrian amháin, beagnach, de na scoileanna speisialta a ndearnadh meastóireacht orthu, níor measadh an mheasúnacht a bheith éifeachtach. Sna cásanna sin, leagadh béim sna moltaí ar an ngá atá le cineálacha comhaontaithe cur chuige scoile uile i leith faireachán agus rianú córasach a dhéanamh ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí agus leagadh béim freisin ar an ngá atá le húsáid éifeachtach chomhsheasmhach a bhaint as faisnéis measúnachta chun bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim.

Bhí cáilíocht na tacaíochta d'fholláine leanaí agus daoine óga i scoileanna speisialta an-mhaith i bhformhór na scoileanna agus bhí sí go maith sna scoileanna eile. Gné shuntasach de na scoileanna speisialta ba ea caidreamh dearfach comhbhách, agus an fhoireann ag ceiliúradh éachtaí na bhfoghlaimeoirí agus ag cruthú timpeallachtaí sábháilte don fhoghlaim. Thagair cigirí go minic do dhea-leibhéil feasachta agus tuisceana a bheith ag an bhfoireann ar iompraíocht mar mhodh cumarsáide. I mionlach suntasach scoileanna, bhí gá ann le cineálacha comhsheasmhacha cur chuige a chur chun feidhme i leith tacú le hiompraíocht dhearfach.

3.5.8 Soláthar do Bhéarla mar Theanga Bhreise

Is tír ilchultúrtha í Éire agus tá teanga bhaile atá difriúil le teanga na scoile (Béarla nó Gaeilge) ag a lán leanaí agus daoine óga inár scoileanna. Tá na leanaí agus daoine óga sin ag foghlaim Béarla mar Theanga Bhreise, agus faigheann scoileanna raon acmhainní breise, lena n-áirítear acmhainní teagaisc, chun tacú le leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim Béarla mar Theanga Bhreise. Sa bhliain 2023, rinne an Chigireacht trí Chigireacht Theagmhasacha is ochtó, i seacht mbunscoil is daichead agus i sé iar-bhunscoil is tríocha, agus díriú á leagan ar sholáthar Béarla mar Theanga Bhreise. Aimsíodh sna cigireachtaí a lán láidreachtaí sa soláthar do leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim Béarla mar Theanga Bhreise. Sainaithníodh iontu freisin roinnt réimsí tábhachtacha le haghaidh feabhais, go háirithe maidir leis an measúnacht, le socrú spriocanna, leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Foilsíodh na moltaí a d'eascair as na cigireachtaí Béarla mar Theanga Bhreise i dtuarascáil ilchodach atá ar fáil anseo. Ceapadh na moltaí sin chun cabhrú le ceannairí scoile, le múinteoirí agus le gach geallsealbhóir ábhartha obair le chéile chun a chinntiú go n-eispéiríonn leanaí agus daoine óga atá ag foghlaim Béarla mar Theanga Bhreise na cineálacha sonracha cur chuige teagaisc agus foghlama lena gcuirfear ar a gcumas a scileanna teanga a fhorbairt, dul chun cinn a dhéanamh tríd an gcuraclam agus barr a gcumais a bhaint amach.

3.5.9 Daltaí ón Úcráin

Bhí 18,003 dhuine de leanaí agus de dhaoine óga ón Úcráin rollaithe i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna in Éirinn ag deireadh mhí na Nollag 2023. Rinne an Chigireacht ocht gcigireacht theagmhasacha is seachtó i ndaichead bunscoil agus in ocht n-iar-bhunscoil is tríocha idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2023, agus díriú á leagan ar cháilíocht an oideachais a sholáthraítear do leanaí agus daoine óga inár scoileanna. Tá an tuarascáil iarmhartach ar fáil ar líne.

I measc na bhfionnachtana dearfacha bhí an fhionnachtain go raibh bearta sonracha i bhfeidhm ag formhór mór na scoileanna chun a chinntiú go bhfuil braistint chómhuintearais le pobal na scoile ag leanaí, ag daoine óga agus ag a dtuismitheoirí. Áiríodh leis na bearta sin an cultúr Úcránach a cheiliúradh sa timpeallacht fhisiciúil agus tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin scoil agus faoin gcóras oideachais. Aimsíodh sna cigireachtaí freisin go raibh cáilíocht an oideachais go maith nó go han-mhaith i mbreis agus trí cheathrú de na hocht scoil is seachtó a ndearnadh

cigireacht orthu.

Tarraingíodh anuas sna cigireachtaí sin freisin roinnt saincheisteanna ar gá aird bhreise a thabhairt orthu. Tugtar le fios sna fionnachtana cigireachta ó na bunscoileanna ar tugadh cuairt orthu go bhfuil leanaí ón Úcráin atá ag tosú ar scoil i rang na naíonán sóisearach in Éirinn níos óige ná a bpiaraí Éireannacha agus, murab ionann agus a lán daoine dá bpiaraí Éireannacha, nár fhreastail siad ar shuíomh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige sular rollaíodh iad sa bhunscoil. Aithnítear sa tuarascáil an infheistíocht shuntasach atá déanta ag an Stát maidir le rochtain a sholáthar do gach leanbh ar suas le dhá bhliain de réamhscolaíocht in aisce i suíomh Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige, tríd an gClár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, agus maidir le raon tacaí a sholáthar chun a chinntiú go mbíonn eispéiris luathfhoghlama leanaí ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus saibhrithe. Moltar sa tuarascáil gur cheart do sholáthraithe Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige, do cheannairí scoile, do bhaill d'Fhoirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga agus do Choistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae obair ar an leibhéal áitiúil chun tuismitheoirí le leanaí atá in aois réamhscoile ón Úcráin a spreagadh chun rochtain a fháil ar an gClár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, ar clár uilíoch agus in aisce é, agus ar na mórthacaí Stáit d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, i gcás gur gá.

Theastaigh feabhas a chur ar leibhéil tinrimh na ndaltaí ón Úcráin i seasca a hocht faoin gcéad de scoileanna. Aithnítear sa tuarascáil ón gCigireacht go bhféadfadh tionchar a bheith ag na himthosca uathúla a bhaineann le teacht na daltaí go hÉirinn ar a gcuid tinrimh. Mar sin féin, moltar sa tuarascáil go ndéanfaí faireachán cúramach ar thinreamh i scoileanna. I gcás ina sainaithnítear go bhfuil drochthinreamh ag daltaí ón Úcráin, ba cheart do scoileanna idirghabhálacha spriocdhírithe a chur i bhfeidhm, agus iad bunaithe ar ábhair threorach na Straitéise Náisiúnta Tinrimh, chun a leibhéil tinrimh a fheabhsú.

Thuairiscigh ochtó a cúig faoin gcéad de na scoileanna go leanann daltaí ar aghaidh ag úsáid churaclam na hÚcráine; tá sé sin comhsheasmhach ar fud bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Luaigh formhór na scoileanna go bhfuair daltaí rochtain ar churaclam na hÚcráine lasmuigh d'am scoile. Tuairiscíodh rochtain ar churaclam na hÚcráine 'amháin' nó 'go príomha' le linn am scoile i níos lú ná deich faoin gcéad de scoileanna. Chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna féideartha le húsáid leanúnach churaclam na hÚcráine, moladh sa tuarascáil go n-oibreodh geallsealbhóirí ábhartha le chéile chun faisnéis chruinn, inrochtana agus shoiléir a fhorbairt maidir le conairí dul chun cinn agus le tacaíocht cistiúcháin do dhaltaí ón Úcráin ar mian leo staidéar breise a dhéanamh agus dul ar aghaidh chuig saol na hoibre.

3.5.10 Scoileanna príosúin

Mar aitheantas don ról tábhachtach a imríonn scoileanna i bpríosúin maidir le tacú le hathshlánú agus le riosca an athchiontaithe a íoslaghdú, cuireann an Chigireacht scoileanna príosúin ar áireamh ina clár bliantúil cigireachtaí. Chuaigh an Chigireacht i bpáirt le hOifig an Chigire Príosún ar cheithre fhoireann cigireachta sa bhliain 2023: i bPríosún Chorcaí; i bPríosún Chnoc Seimre; in Ionad Dóchais; agus i dTeach na gCanónach. Tá fionnachtana agus moltaí na gcigireachtaí sin ceaptha chun tacú leis na scoileanna aonair le linn a n-aistir feabhsaithe. Mar sin féin, bhí roinnt láidreachtaí comhchoiteanna ann sna ceithre scoil uile. Leagadh béim sna cigireachtaí ar thábhacht na scoileanna mar áiteanna foghlama agus muintearais, agus bhí mic léinn sna ceithre scoil uile an-díograiseach faoina gcuid foghlama. Aimsíodh sna cigireachtaí freisin teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin sna scoileanna. Go hiondúil, cuireadh síos ar chleachtas na múinteoirí mar chleachtas sciliúil, cruthaitheach, solúbtha agus nuálach. Sainaithníodh roinnt dúshláin chomhchoiteanna agus roinnt réimsí comhchoiteanna le haghaidh feabhais freisin. I roinnt cásanna, bhí rochtain ar an scoil teoranta, go háirithe do dhaoine a bhí faoi chosaint, agus bhí gá ann leis an soláthar oideachais a ailíniú chun go mbeadh sé níos gaire don soláthar

oiliúna oibre. Réimse eile ar theastaigh forbairt ina leith ar fud na gceithre scoil uile ba ea an rochtain ar theicneolaíocht dhigiteach chun foghlama.

3.5.11 Meastóireacht ar an gclár samhraidh 2023

Ón mbliain 2021 i leith, tá an Roinn Oideachais ag moladh do gach scoil speisialta agus do gach scoil phríomhshrutha clár samhraidh a thairiscint atá spriocdhírithe ar leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus orthu sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Tá sé mar aidhm leis an gclár rannpháirtíocht san oideachas le linn laethanta saoire samhraidh scoile a chur chun cinn do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dóibh sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. Leagtar béim ar leith ann ar an mbaint atá ag leanaí agus daoine óga le pobal na scoile a chur chun cinn, ar thaitneamh as an bhfoghlaim a chur chun cinn agus ar athléimneacht agus folláine a fhorbairt.

Rinne an Chigireacht meastóireachtaí ar an gclár samhraidh i gceithre scoil is nócha i samhradh na bliana 2023. Bhí an líon sin comhdhéanta d'ocht scoil speisialta, d'ocht mbunscoil is caoga agus d'ocht n-iar-bhunscoil is fiche agus b'ionann é agus ocht faoin gcéad, beagnach, de na scoileanna a thairg an clár samhraidh. I bhfómhar na bliana 2023, thug cigirí cuairteanna leantacha ar dhá cheann is tríocha de na ceithre scoil is nócha a ndearnadh cigireacht orthu sa samhradh.

Aimsíodh sna cigireachtaí gur éirigh leis na bearta a chuir Rannóg Oideachais Speisialta na Roinne Oideachais i bhfeidhm chun rannpháirtíocht lín mhéadaithe leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais chasta speisialta oideachais acu a spreagadh. Aimsíodh sna cigireachtaí freisin go raibh cáilíocht na foghlama go maith nó go han-mhaith i bhformhór mór na gclár ar tugadh cuairt orthu. Rannchuidigh roinnt tosca leis sin, amhail an cur chuige traschuraclaim i leith gníomhaíochtaí, agus an bhéim ar fholláine agus ar fhorbairt scileanna sóisialta. D'aimsigh na cigirí gur bhain na leanaí agus na daoine óga, go háirithe, taitneamh as a gcuid foghlama ar na cláir shamhraidh. Cuirtear fáilte ar leith roimh an ardleibhéal taitneamhachta sin as an bhfoghlaim, go háirithe do leanaí nach mbaineann taitneamh i gcónaí as an bhfoghlaim i suíomhanna níos foirmiúla. Aimsíodh sna cuairteanna leantacha a tugadh i bhfómhar na bliana 2023 gur thacaigh rannpháirtíocht sa chlár le leanaí ar roinnt bealaí nuair a d'fhill siad ar scoil. Ba bhuntáistí ar leith iad féinmhuinín mhéadaithe, cairdis níos leithne agus aistrithe níos réidhe. I measc na moltaí le haghaidh tuilleadh feabhais bhí tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga a bheith níos feasaí ar a gcuid foghlama féin ar an gclár samhraidh agus tuiscint a ghnóthú ar na scileanna a shealbhaíonn siad trí rannpháirtíocht, teagmháil agus súgradh le daoine óga eile; rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa chlár samhraidh a mhéadú; agus a chinntiú go ndéantar foghlaim agus dul chun cinn na leanaí ar an gclár a ghabháil agus a chur in iúl do thuismitheoirí agus dá scoil.

3.5.12 Cleachtais rollaithe i ranganna speisialta don uathachas

Rinne an Chigireacht meastóireacht sa bhliain 2023 ar chleachtais rollaithe i ranganna speisialta don uathachas atá ceangailte le hiar-bhunscoileanna príomhshrutha. Sainaithníodh sa mheastóireacht a lán rudaí dearfacha sna beartais agus cleachtais sna scoileanna. Go háirithe, bhí an-chuid de na daoine óga socraithe go cuí agus bhí rochtain acu ar straitéisí teagaisc agus foghlama a bhí sonrach don uathachas, agus iad saincheaptha chun freastal ar a gcuid riachtanas. Tugadh le fios sa mheastóireacht freisin go raibh muinín as an socrúchán ag formhór mór thuismitheoirí na ndaoine óga a bhí ag freastal ar ranganna speisialta.

Léiríodh sna fionnachtana freisin go raibh an rollú i ranganna speisialta bunaithe go hiomlán ar mholtaí ó thuairiscí síceolaíochta oideachais, fiú i gcás daoine óga ar tugadh le fios ina n-eispéireas oideachasúil roimhe sin go bhféadfadh go mbeadh sé ní b'oiriúnaí iad a shocrú i suíomh príomhshrutha. Leis sin, tarraingíodh aird ar an ngá atá le machnamh a dhéanamh ar an

tábhacht choibhneasta ba cheart a leagan ar na moltaí ó ghairmithe maidir le socrúchán i ranganna speisialta sa phróiseas ligin isteach le haghaidh na ranganna sin. Nuair a labhair cigirí le tuismitheoirí le linn na meastóireachta, rinne na tuismitheoirí cur síos ar roinnt de na bacainní a raibh siad ag déileáil orthu agus iad ag iarraidh oideachas príomhshrutha a rochtain. Léirítear sna heispéiris sin an gá atá le breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr ar féidir iontaoibh thuismitheoirí na leanaí agus na ndaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa soláthar príomhshrutha a fháil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin de réir mar a bhogann an córas i dtreo córas oideachais níos cuimsithí a léiríonn comhthéacs na hÉireann a bhaint amach de réir a chéile.

3.5.13 An Clár Críochnaithe Scoile

Is é is an Clár Críochnaithe Scoile ann ná clár spriocdhírithe tacaíochta do leanaí agus daoine óga a shainaithnítear a bheith ina leanaí agus ina ndaoine óga a d'fhéadfadh a bheith i mbaol an scoil a fhágáil go luath nó atá lasmuigh den scolaíocht agus nár éirigh leo aistriú chuig suíomh foghlama eile. Ghlac an tAire Oideachais freagracht as an gClár Críochnaithe Scoile i mí Eanáir 2021 agus sholáthair an Roinn Oideachais cistiú breise sa bhliain 2022 chun ligean do scoileanna a bhí ar áireamh sa chlár DEIS sa bhliain sin rochtain a fháil ar an gClár Críochnaithe Scoile. Bhreithnigh cigirí conas a úsáideann scoileanna sa chlár DEIS an Clár Críochnaithe Scoile mar acmhainn chun a spriocanna feabhsúcháin a bhaint amach le linn na naoi Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna DEIS a rinneadh sa bhliain 2023.

Aimsíodh sna cigireachtaí gur bhain formhór mór na scoileanna úsáid as an gClár Críochnaithe Scoile chun cuspóirí a bhaineann le tinreamh, le haistrithe agus le coinneáil a bhaint amach. Bhain líon beag scoileanna úsáid as an gClár Críochnaithe Scoile chun cuspóirí a bhaineann le comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le daoine eile a bhaint amach. D'aimsigh cigirí freisin go raibh an t-ailíniú idir an próiseas pleanála gníomhaíochta DEIS agus plean bliantúil an Chláir Críochnaithe Scoile níos láidre sna hiar-bhunscoileanna ná mar a bhí sé i mbunscoileanna, agus thug siad faoi deara go raibh neamh-chomhsheasmhacht ann sa chleachtas i measc na mbunscoileanna a ndearnadh cigireacht orthu.

Lean an Chigireacht le linn na bliana 2023 de thacú le scoileanna an timthriall nua Féinmheastóireachta Scoile 2022-2026 a chur chun feidhme. I measc na dtacaí a sholáthair an Chigireacht bhí 361 chuairt chomhairleacha féinmheastóireachta scoile, láithreoireachtaí, seimineáir Ghréasáin agus acmhainní suímh Gréasáin.

Chuir an Chigireacht tús le tionscadal na Meastóireachta Comhroinnte ar an bhFoghlaim, ar lena linn a d'oibrigh cigirí le líon beag scoileanna chun tacú leo meastóireacht a dhéanamh ar ghné ar leith den teagasc agus den fhoghlaim. Beidh an fhoghlaim ó na réamhchuairteanna sin mar bhonn eolais faoi conas a leathnófar an tionscadal chuig líon níos mó scoileanna sa bhliain 2024. Rinne an Chigireacht idirchaidreamh le foireann ceannaireachta scoile Oide freisin maidir le tacaí féinmheastóireachta scoile a fhorbairt.

Tá an Chigireacht ag obair chun tacú le hobair an Aonaid um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí de chuid na Roinne Oideachais chun na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013) a nuashonrú.

In oirchill sheoladh na ngnásanna sin, tá bearta déanta ag an gCigireacht chun a chinntiú go bhfuil bearta cuí i bhfeidhm chun formhaoirseacht a dhéanamh ar ghnásanna na bliana 2013 agus ar ghnásanna nuashonraithe na bliana 2024, i gcás gur cuí. Déanfar na bearta sin a athbhreithniú agus a leasú ar fhoilsiú na ngnásanna athbhreithnithe.

3.5.14 Nuashonrú ar an Tionscadal Rannpháirtíochta Tuismitheoirí

Tá tiomantas láidir ag an gCigireacht d'éisteacht le leanaí agus daoine óga agus le tuismitheoirí agus do dhul i gcomhairle leo le linn a hoibre cigireachta i scoileanna agus i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige. Bunaíodh an Tionscadal Rannpháirtíochta Tuismitheoirí laistigh den Chigireacht chun rannpháirtíocht tuismitheoirí sa chigireacht a fheabhsú.

Tá trí chéim i gceist leis an tionscadal: an chéim réamhchigireachta, an chéim cigireachta agus an chéim iarchigireachta. Tá an tionscadal i gcéim a dó faoi láthair, agus díriú ar leith á leagan ar rannpháirtíocht tuismitheoirí le linn cigireachta. Cuirfear san áireamh i gCéim 3 riachtanais agus dearcthaí na dtuismitheoirí le linn aiseolas agus tuairisciú a sholáthar ar fhionnachtana na cigireachta.

Críochnaíodh na bearta tosaigh de chéim 1 sa bhliain 2021 trí fhíseáin faisnéise agus bileoga faisnéise a chruthú do thuismitheoirí, agus iad á gcur ar an eolas faoin gcigireacht. Sheol an tAire na físeáin sin go luath sa bhliain 2022 agus tá siad foilsithe ar gov.ie le haghaidh suíomhanna luathbhlianta (an tsraith Insights), bunscoile agus iar-bhunscoile. Áirítear úsáid Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) leis na físeáin. Rinneadh nuashonrú sa bhliain 2023 ar na hacmhainní, físeáin agus suirbhéanna suíomhanna luathbhlianta, bunscoile agus iar-bhunscoile atá ann cheana do thuismitheoirí.

Cuireadh athrú ar an gcur chuige i leith samhlacha cigireachta lena ngabhann suirbhéanna chun feidhme chun tuairimí na dtuismitheoirí uile, in ionad sampla tuismitheoirí amháin, a chur ar áireamh, faoi mar a bhí an cleachtas roimhe sin. Cuireadh feabhas ar inrochtaineacht freisin trí úsáid a bhaint as suirbhéanna ar líne in ionad suirbhéanna páipéir, agus breisíodh í tuilleadh trí na suirbhéanna a sholáthar in aon teanga dhéag.

D'athbhreithnigh an Chigireacht an riail maidir le cleamhnú leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí in MSU-BCF, áit a samhlaítear nach mbuailtear le tuismitheoirí ach amháin má tá Cumann na dTuismitheoirí/Comhairle na dTuismitheoirí cleamhnaithe. Ullmhaíodh plépháipéar agus scaipeadh é ar an Aonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí de chuid na Roinne Oideachais. Moladh ann go n-athrófaí an riail maidir le cleamhnú leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí chun cigirí a cheadú chun bualadh le fócasghrúpa tuismitheoirí a bheadh níos mó agus níos ionadaíche. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an bpáipéar, tháinig na páirtithe uile ar chinneadh gur cheart uainiú an athraithe sin a chur siar go dtí go mbeadh an staid maidir leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí ar bhonn níos socraithe ar an leibhéal náisiúnta.

San obair don bhliain 2024, díreofar ar an tsraith iomlán acmhainní do thuismitheoirí (roimh chigireacht) a nuashonrú agus ar fhéachaint ar an dóigh a bhféadfadh cigirí caidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí i samhlacha cigireachta eile agus le linn fócasghrúpaí le linn cigireachta. Áirítear leis an obair sin féachaint ar cé leis a mbuaileann cigirí, ar conas a roghnaítear iad agus ar conas a bhainistítear na cruinnithe le fócasghrúpaí.

3.5.15 Nuashonrú ar an tionscadal rannpháirtíochta daltaí

Tá tiomantas láidir ag an gCigireacht d'éisteacht le leanaí agus daoine óga agus le tuismitheoirí agus do dhul i gcomhairle leo le linn a hoibre cigireachta i scoileanna agus i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige. Leanadh de chomhairliúchán foirmiúil le leanaí agus le daoine óga le linn cigireachta sa bhliain 2023 agus seoladh é ar dhá phríomhbhealach: trí úsáid a bhaint as suirbhé agus trí phlé le fócasghrúpaí. Chuaigh an Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht i gcion ar an bplé le leanaí agus le daoine óga. Tá an creat sin bunaithe ar Shamhail Lundy (2007) agus coincheapaítear leis go gcuimsítear in Airteagal 12 Spás (deis chun tuairim a chur in iúl), Guth (cabhair le tuairim a chur

in iúl), Lucht Féachana (le héisteacht leis) agus Tionchar (tuairimí le gníomhú dá mbun, de réir mar is cuí).

D'oibrigh an Chigireacht chun a chinntiú go rachadh rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga chun tairbhe do na leanaí, do na scoileanna agus don chóras oideachais ina iomláine. Leis an gcur chuige agus na modhanna a úsáideadh, leagadh béim ar rogha na leanaí chun páirt a ghlacadh ann. Dá bhrí sin, bhí siad bunaithe ar láidreachtaí agus ag urramú ceart. Agus tuilleadh forbartha á dhéanamh aici ar a beartas agus cleachtas i leith cigireachta sa bhliain 2023, d'oibrigh an Chigireacht i gcomhar an-dlúth le grúpaí comhairleacha leanaí agus daoine óga. Mar shampla, d'fhorbair sí, i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga, modh chun 'tuairisciú' dóibh tar éis cigireachta.

Rinne an Chigireacht tuilleadh forbartha ar a cur chuige sonrach urramaithe ceart i leith obair le leanaí agus le daoine óga sa bhliain 2023. Dá bhrí sin, trí úsáid a bhaint as fócasghrúpaí le linn gach ceann de na meastóireachtaí ar chigireacht ábhair (iar-bhunscoil) agus de na meastóireachtaí curaclaim (bunscoil), cabhraíonn cigirí le leanaí agus daoine óga anois a dtuairimí a chur in iúl go toilteanach agus a chinntiú go dtabharfar aird chuí ar a dtuairimí. Le sraith acmhainní, tacaítear leis an obair sin do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear foirmeacha comhaontaithe rannpháirtíochta, nótaí faisnéise agus físeáin mhínitheacha do leanaí agus do dhaoine óga. D'fhoilsigh an Chigireacht físeáin faoi fhócasghrúpaí do dhaltaí bunscoile agus do scoláirí iar-bhunscoile. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh sí dhá sheimineár Gréasáin, mar a bhí ceann amháin do mhúinteoirí agus ceann eile d'oideoirí luathbhlianta, chun breac-chuntas a thabhairt ar chur chuige na Cigireachta i leith rannpháirtíocht daltaí agus scoláirí agus ar cén fáth ar glacadh an cur chuige sin.

Lean an Chigireacht dá cur chuige trí chéim i leith rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a mhéadú roimh an gcigireacht, le linn na cigireachta agus tar éis na cigireachta. Chuir leanaí agus daoine óga an Chigireacht ar an eolas roimh an gcigireacht faoin bhfaisnéis atá ábhartha dóibh féin sula dtarlaíonn cigireacht agus faoin bhformáid is éifeachtaí chun an fhaisnéis sin a chomhroinnt leo. Mar thoradh air sin, d'fhoilsigh an Chigireacht físeáin faoi fhócasghrúpaí do dhaltaí bunscoile agus do scoláirí iar-bhunscoile sa bhliain 2023. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh sí dhá sheimineár Gréasáin, mar a bhí ceann amháin do mhúinteoirí agus ceann eile d'oideoirí luathbhlianta, chun breac-chuntas a thabhairt ar chur chuige na Cigireachta i leith rannpháirtíocht daltaí agus scoláirí agus ar cén fáth a nglactar an cur chuige sin.

Bíonn cigirí i gcónaí ag féachaint ar bhealaí ar féidir feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as suirbhéanna agus as fócasghrúpaí le linn cigireachta agus ar bhealaí ar féidir a chinntiú go seoltar ár rannpháirteachas le leanaí agus le daoine óga ar bhealach ina n-urramaítear cearta, agus toiliú eolasach agus rannpháirtíocht dheonach á gcur ar áireamh ann. Mar chuid den obair sin, forbraíodh nótaí faisnéise agus acmhainní físeáin i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga chun faisnéis a thabhairt faoi fhócasghrúpaí: gov.ie – Eolas ar chigireacht do leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí (www.gov.ie).

Rinneadh taighde tar éis cigireachta ar cad a d'fhéadfaí a chur in iúl do leanaí agus do dhaoine óga tar éis cigireachta agus ar conas a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh. Rinneadh triail rathúil i ráithe 2 den bhliain 2023. Dearadh leathanach tuairiscithe do leanaí agus do dhaoine óga lena thabhairt isteach sa bhliain 2024.

3.5.16 Foilseacháin ón gCigireacht do leanaí agus do dhaoine óga sa bhliain 2023

Foilsíodh sraith acmhainní faoin gcigireacht agus faoi obair na gcigirí sa scoilbhliain 2022-2023 chun tacú le rannpháirtíocht daltaí agus scoláirí, lena n-áirítear bileoga faisnéise agus físeáin bheoite do leanaí i gcomhthéacsanna luathbhlianta, bunscoile agus iar-bhunscoile, agus ríomhleabhar do na luathbhlianta. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Chigireacht roinnt

tuarascálacha/nuachtlitreacha a bhí dírithe go sonrach ar dhaltaí agus ar scoláirí, mar aon le teachtaireachtaí físeáin ar ardáin meán sóisialta amhail X (Twitter roimhe sin) agus LinkedIn.

3.5.17 Seimineár Gréasáin d'oideoirí a forbraíodh sa bhliain 2023

Ullmhaíodh seimineár Gréasáin nua d'oideoirí luathbhlianta dar teideal 'Rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gCigireachtaí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige a chur chun cinn' agus foilsíodh é ar gov.ie. Is é atá sa seimineár Gréasáin sin ná cóiriú ar sheimineár Gréasáin roimhe do mhúinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tugtar breac-chuntas ann d'oideoirí ar an gcur chuige ceartabhunaithe a ghlacann an Chigireacht i leith rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chigireacht ar shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige a chur chun cinn.

3.5.18 Tacú le daoine eile in obair rannpháirtíochta daltaí agus scoláirí

Tá grúpa oibre comhairleach, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Comhpháirtithe Oideachais, ón gCigireacht agus ón Aonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí, i mbun oibre ó mhí Eanáir 2023 i leith chun na 17 moladh sa tuarascáil a bhreithniú agus a chur chun feidhme. Tá formhór na moltaí curtha chun feidhme anois. Foilseofar tuarascáil cur chun feidhme nuair a bheidh an obair sin tugtha chun críche sa bhliain 2024.

Tá impleachtaí ag cur chun feidhme na moltaí sa tuarascáil don chigireacht maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar chosaint leanaí i saoráidí cónaithe atá bainteach le scoileanna aitheanta agus maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart chun bulaíocht i scoileanna a chosc agus a chomhrac.

Ghlac ionadaithe ón gCigireacht páirt i gcruinnithe de chuid Ghrúpa Taighde, Beartais agus Cleachtais na Roinne Oideachais, agus rannchuidigh siad le téarmaí tagartha an Ghrúpa a fhorbairt, le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid a forbraíodh faoin nGrúpa agus leis an iniúchadh tosaigh ar Straitéis Taighde agus Sonraí na Roinne Oideachais.

3.5.19 Tacaíocht curaclaim

Chabhraigh an Chigireacht le hullmhú a dhéanamh ar ionchuir na Roinne Oideachais i ndréachtdoiciméid churaclaim agus mheasúnachta, amhail an raon leathan curaclam agus sonraíochtaí atá á bhforbairt ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), agus ar fhreagraí na Roinne Oideachais orthu sin. Thug sí tacaíocht leanúnach do chur chun feidhme na Sraithe Sóisearaí, lenar áiríodh tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí a fhorbairt.

Tá an Chigireacht ag tacú le hathfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, lena n-áirítear obair i gcomhar leis an Aonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta de chuid na Roinne Oideachais ar fhorbairt beartais agus ionadaíocht a dhéanamh don Roinn Oideachais ar ghrúpaí forbartha ábhair CNCM. Chomh maith leis sin, thacaigh sí leis an Aonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta maidir leis an obair forbartha leanúnach atá á déanamh ar an straitéis maidir le litearthacht, uimhearthacht agus uimhearthacht dhigiteach.

Sholáthair an Chigireacht ábhair chomhairleacha agus faisnéise don Aonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta maidir leis na torthaí ar mheasúnachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, lenar áiríodh na Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla (NAMER), an Staidéar ar Dhul Chun Cinn ar Litearthacht Léitheoireachta Idirnáisiúnta (PIRLS), agus an Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí (PISA). Sholáthair an Chigireacht

comhairle leanúnach don Aonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta maidir le raon saincheisteanna curaclaim, lenar áiríodh teagasc agus foghlaim na Gaeilge.

3.5.20 Tacú le hobair alt 29

Chaith an Chigireacht 174 lá sa bhliain 2023 ar choistí alt 29 a bhí ag plé le cásanna inar diúltaíodh do dhaltaí a rollú, inar cuireadh daltaí ar fionraí agus inar eisiadh daltaí. Tá an obair sin á stiúradh ag an Aonad Riaracháin Achomhairc laistigh den Aonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí de chuid na Roinne Oideachais.

3.5.21 Scoileanna Eorpacha

Sa bhliain 2023, rinne na Cigirí a sannadh chun obair leis na Scoileanna Eorpacha 12 athbhreithniú ar chonarthaí múinteoirí, dhá chigireacht scoile uile, meastóireacht amháin ar fhoirne múinteoirí a earcaíodh go háitiúil agus dhá iniúchadh chreidiúnaithe ar Scoileanna Eorpacha i scoileanna ar fud chóras na Scoileanna Eorpacha. Chomh maith leis sin, bhí an Chigireacht ina cathaoirleach nó ina ball de raon grúpaí oibre a bhain le cigireacht scoile uile, le hathbhreithnithe siollabais, le measúnacht, le tacaíocht oideachais, le hoideachas cuimsitheach, agus le forbairt a dhéanamh ar an mbeartas i leith athchóirithe oideolaíocha ar an gcuraclam laistigh de chóras na Scoileanna Eorpacha agus ar nósanna imeachta agus próisis um an Baccalaureate Eorpach.

3.5.22 Rannpháirteachas le Buan-Chomhdháil Idirnáisiúnta na gCigireachtaí (SICI)

Tá an Chigireacht ina ball de Bhuan-Chomhdháil Idirnáisiúnta na gCigireachtaí (SICI), ar comhlachas de chigireachtaí náisiúnta agus réigiúnacha oideachais san Eoraip é. Is é aidhm SICI ná tacú le feabhsú an oideachais trí phróisis chigireachta a fheabhsú. Is iad na spriocanna sonracha ná tacú le feabhsú na gcigireachtaí agus inniúlachtaí gairmiúla na gcigirí a fhorbairt chun comhpháirtíocht agus comhar idir cigireachtaí a chur chun cinn agus a chothú agus chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa díospóireacht idirnáisiúnta ar mheastóireacht agus feabhsú cáilíochta san oideachas.

Baintear na spriocanna sin amach trí Chomhthionól Ginearálta bliantúil, trí thrí cinn nó ceithre cinn de cheardlanna cigireachta gach bliain, trí thionscadail éagsúla mheastóireachta agus trí ghníomhaíochtaí comhoibríocha eile. Déanann SICI agus baill chigireachta aonair SICI na gníomhaíochtaí uile i gcomhpháirt.

Déantar ionadaíocht don Chigireacht ag gach ceardlann de chuid SICI agus ag an gComhthionól Ginearálta bliantúil. Thug an Chigireacht láithreoireacht ar théama SICI don bhliain 2023, eadhon An Gaol idir an Chigireacht agus an Taighde, ag Ceardlann SICI i Maidéara i mí an Mhárta 2023. Tá Príomhchigire Cúnta ina bhall reatha de Choiste Feidhmiúcháin SICI, a dhéanann formhaoirseacht ar obair SICI. Mar chuid den ról sin, rinne an t-ionadaí don Chigireacht téama SICI don bhliain 2024, eadhon An Chigireacht i dTimpeallacht Oideachais a bhíonn ag Athrú go Mear, a chur i láthair ag Comhthionól Ginearálta SICI in Bilbao i mí na Samhna 2023.

D'óstáil an Chigireacht cuairt staidéir a thug grúpa cigirí ó Chigireacht na hÍsiltíre i mí an Mhárta 2023. Ba ar an meastóireacht ar litearthacht agus ar uimhearthacht agus ar an meastóireacht ar phleanáil gníomhaíochta i scoileanna DEIS a bhí díriú na cuairte. Ba é a bhí i gceist leis an gcuairt ná láithreoireachtaí, cruinnithe le rannóga ábhartha den roinn, agus cigireachtaí ar scoileanna a leanúint. Rinneadh tagairt d'obair na Roinne ar chúrsaí DEIS san fhoilseachán bliantúil ó Chigireacht na hÍsiltíre ar Staid an Oideachais, agus rannchuidigh ball den Chigireacht le seimineár Gréasáin ar an litearthacht agus an uimhearthacht agus ar dhul i ngleic le míbhuntáiste ó Aireacht Oideachais na hÍsiltíre.

3.5.23 Tacaíocht a thabhairt don Aonad um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le cuairteanna idirnáisiúnta

Sa bhliain 2023, lean an Chigireacht de thacú le hobair an Aonaid um Chomhar Idirnáisiúnta de chuid na Roinne Oideachais trí chomhairle a sholáthar, trí láithreoireachtaí a thabhairt agus trí chuairteanna scoile a eagrú do thoscaireachtaí ar cuairt ó bhallstáit den Aontas Eorpach agus ó áiteanna níos faide i gcéin. Déantar an obair sin i gcomhoibriú le rannóga eile den roinn agus lena cuid gníomhaireachtaí. Thug an Chigireacht láithreoireachtaí ar obair na Roinne Oideachais do dheich dtoscaireacht ar cuairt sa bhliain 2023 ón Liotuáin, ó Fhlóndras sa Bheilg, ón bPolainn, ón Spáinn, ó Mhálta, ón Tuirc, ó Iosrael, ón Nua-Shéalainn, ó Dubai agus ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Foilseacháin ón gCigireacht sa bhliain 2023

- Tionchar Scéim Foghlama agus Tacaíochta Covid-19: Peirspictíochtaí páistí agus daoine óga, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí
- Meastóireacht ar an Soláthar Oideachais do Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Sain-Mhíchumas Foghlama orthu: Ranganna Speisialta atá ceangailte le Bunscoileanna Príomhshrutha in Éirinn
- Clár Oideachais Samhraidh 2022: Dearcthaí páistí agus daoine óga, a dtuismitheoirí agus bhainisteoirí an chláir
- Treoir do Mheastóireachtaí Ionaid Uile ar Sholáthar Ógtheagmhála in Ionaid don Oideachas agus in Ionaid Oiliúna Pobail
- Treoir maidir le Meastóireachtaí ar Shuíomhanna atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais seachas Scoileanna Aitheanta
- A bhfuil le hinsint ag Cigireachtaí Ábhair dúinn faoi chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí: Tuarascáil ilchodach ar thorthaí ó chigireachtaí ábhair le fócas ar an tSraith Shóisearach
- A bhfuil le hinsint ag Cigireachtaí Ábhair dúinn faoi chur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí: Príomhtheachtaireachtaí do scoláirí
- Soláthar Oideachais do Leanaí ón Úcráin, d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus do Leanaí a bhfuil Stádas Aitheanta acu: Treoir do Bhunscoileanna, Meán Fómhair 2023
- Ag Breathnú ar an mBéarla: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar an nGaeilge mar T1 - Bunscoileanna
- Ag Breathnú ar an nGaeilge mar T2 - Bunscoileanna
- Ag Breathnú ar Dhrámaíocht: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar Stair: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar Thíreolaíocht: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar Chorpoideachas: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar Mhatamaitic: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar Cheol: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna

- Ag Breathnú ar Eolaíocht: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar Amharc-ealaín: Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar an mBéarla: Dréacht-Treoir d'Iar-bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar Mhatamaitic: Dréacht-Treoir d'Iar-bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar Amharc-ealaín: Dréacht-Treoir d'Iar-bhunscoileanna
- Ag Breathnú ar Ghnó: Dréacht-Treoir d'Iar-bhunscoileanna
- Nuachtlitir Féinmheastóireachta Scoile (FMS) do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta – Deireadh Fómhair 2023
- Nuachtlitir Féinmheastóireachta Scoile (FMS) d'Iarbhunscoileanna – Deireadh Fómhair 2023
- Rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gCigireachtaí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige a chur chun cinn – Seimineár Gréasáin d'oideoirí
- Rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcigireacht a chur chun cinn – Seimineár Gréasáin do mhúinteoirí
- An tEolas is Deireanaí ón gCigireacht do Leanaí agus do Dhaoine Óga – Nollaig 2023
- An tEolas is Deireanaí ón gCigireacht do Shuíomhanna Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige – Meitheamh 2023
- An tEolas is Deireanaí ón gCigireacht do Bhunscoileanna – Deireadh Fómhair 2023
- An tEolas is Deireanaí ón gCigireacht do Scoileanna Speisialta – Deireadh Fómhair 2023
- An tEolas is Deireanaí ón gCigireacht d'Iar-bhunscoileanna – Deireadh Fómhair 2023
- An tEolas is Deireanaí ón gCigireacht do Bhunscoileanna – Aibreán 2023
- An tEolas is Deireanaí ón gCigireacht do Scoileanna Speisialta – Aibreán 2023
- An tEolas is Deireanaí ón gCigireacht d'Iar-bhunscoileanna – Aibreán 2023

4.6 Iompar Scoile

Is é atá sa Scéim Iompair Scoile ná oibríocht shuntasach a mbainistíonn Bus Éireann í thar ceann na Roinne Oideachais. Breis agus 161,600 leanbh, lenar áiríodh 135,000 dalta a bhí ag taisteal ar sheirbhísí bunscoile agus iar-bhunscoile, 19,800 dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus 6,800 dalta a tháinig go hÉirinn ón Úcráin, iompraíodh iad ar bhonn laethúil chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na tíre le linn na scoilbhliana 2022/2023. B'ionann costas iomlán na scéime sa bhliain 2023 agus €382.02 milliún.

Cuireadh athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile i gcrích sa bhliain 2023. Is é an t-athbhreithniú an t-athbhreithniú is cuimsithí a rinneadh ó bhunú na Scéime sa bhliain 1967 i leith. Chuimsíodh san athbhreithniú an Scéim Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, an Scéim Iompair Bunscoile agus an Scéim Iompair Iar-bhunscoile. Breithníodh ann conas a oibríonn gach gné ar leith de na Scéimeanna faoi láthair, agus aird á tabhairt ar chritéir incháilitheachta, ar threochtaí, ar chostais, ar an bhfáil ar thiománaithe agus ar an éifeachtacht fhoriomlán ó thaobh príomhchuspóirí a chomhlíonadh de.

Rinneadh an t-athbhreithniú d'fhonn mór-éifeachtacht agus mór-inbhuanaitheacht na Scéime a scrúdú, á chinntiú go bhfreastalaíonn sí go leordhóthanach ar dhaltaí agus ar a dteaghlach. Leis an athbhreithniú, cuireadh leis na gealltanais atá tugtha laistigh de Chlár an Rialtais a mhéid a bhaineann siad leis an iompar scoile. Áiríodh leis sin scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ann chun an líon aistear de charr a laghdú agus measúnú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leis an Scéim Iompair Scoile obair i gcomhar leis an gClár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil. Scrúdaíodh san athbhreithniú freisin an acmhainneacht a bhaineann le snáitheanna éagsúla den scéim a chomhtháthú agus le cur chuige níos comhordaithe a ghlacadh le Ranna eile Rialtais a úsáideann seirbhísí iompair freisin.

4.7 Déileáil le Drochúsáid san Am atá thart

I mí Iúil 2023, cuireadh deireadh le glacadh le hiarratais ar Scéim Ex Gratia leasaithe a ceapadh chun an breithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine i gcás *O'Keeffe v Éire* a chur chun feidhme. Leis an scéim, rinneadh soláthar d'íocaíochtaí ex gratia ab ionann agus €84,000 a dhéanamh leis na daoine sin a chomhlíon na critéir atá leagtha amach i dtéarmaí na scéime.

Bunaíodh an scéim ex gratia ar dtús sa bhliain 2015 agus cuireadh i bhfeidhm í chun deis a thabhairt do na daoine sin a thionscain imeachtaí dlí in aghaidh an Stáit i ndáil le drochúsáid ghnéasach scoile lae agus a scoir de na himeachtaí sin ina dhiaidh sin tar éis rialuithe sna cúirteanna intíre iarratas a dhéanamh ar íocaíocht.

Cuireadh an scéim ar sos sa bhliain 2019 tar éis tuarascáil ón Measúnóir Neamhspleách, a bhí den tuairim go raibh an ceanglas maidir le gearán roimhe a thaispeáint ina ualach iomarcach le cur ar iarratais. Athosclaíodh an scéim, agus critéir athbhreithnithe ag gabháil léi, i mí Iúil 2021.

Fuarthas 193 iarratas san iomlán ar an scéim Ex Gratia. Díobh sin, ceadaíodh 128 n-iarratas agus diúltaíodh do 65 iarratas. Bhí iarratasóir ar diúltaíodh dá iarratas/hiarratas in ann achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin chuig Oifigeach Achomhairc neamhspleách. San iomlán, fuarthas 45 achomharc agus d'éirigh le dhá achomharc.

3.7.1 Fiosrúchán Scóipe ar Dhrochúsáid Ghnéasach Stairiúil i Scoileanna Lae agus Cónaithe arna reáchtáil ag Oird Rialta

I mí an Mhárta 2023, bunaíodh fiosrúchán scóipe chun bonn eolais a chur faoi fhreagairt an Rialtais do nochtaí maidir le drochúsáid ghnéasach stairiúil i roinnt scoileanna lae agus cónaithe arna reáchtáil ag oird rialta. Tá an Fiosrúchán Scóipe á stiúradh go neamhspleách ag Mary O'Toole SC.

Bunaíodh an fiosrúchán scóipe tar éis chraoladh an chláir faisnéise dar teideal "Blackrock Boys" i mí na Samhna 2022. Sa chlár faisnéise sin, insíodh scéal Mark agus David Ryan, deartháireacha a d'fhulaing drochúsáid i gColáiste na Carraige Duibhe. Spreag an clár faisnéise líon suntasach nochtaí ó mharthanóirí eile a d'fhreastail ar Choláiste na Carraige Duibhe agus ar Pháirc na Sailí, agus ar scoileanna arna reáchtáil ag oird rialta eile.

Agus aird á tabhairt ar na torthaí atá á lorg ag marthanóirí, déanfaidh treoraí an fhiosrúcháin scóipe moltaí don Aire maidir le scóip agus fairsinge fhreagairt an Rialtais do nochtaí drochúsáide gnéasaí stairiúla i scoileanna lae agus cónaithe arna reáchtáil ag oird rialta. Samhlaítear go bhféadfadh an fhreagairt mholta a bheith ina teimpléad le haghaidh fhreagairtí an rialtais i ndáil le suíomhanna eile freisin.

Bhí an fiosrúchán scóipe le tuairisc a thabhairt don Aire Oideachais faoin 7 Samhain 2023 ar dtús. B'amhlaidh, áfach, mar gheall ar an méid faisnéise a rabhthas le déileáil leis, lena n-áirítear

tríd an bpróiseas rannpháirteachais le marthanóirí atá ina chuid lárnach d'obair an Fhiosrúcháin, a d'iarr Iníon O'Toole síneadh a chur leis an spriocdháta. Tá an fiosrúchán scóipe le tuairisc a thabhairt don Aire faoin 7 Meitheamh 2024 anois.

3.7.2 Tacaí do Mharthanóirí Drochúsáide i bhForais Chónaithe

I mí an Mheithimh 2023, cheadaigh an rialtas tograí le haghaidh pacáiste de thacaí leanúnacha agus de sheirbhísí leanúnacha a sholáthar do mharthanóirí drochúsáide i bhforais chónaithe, ar tacaí agus seirbhísí iad a bhaineann leis an tsláinte, leis an oideachas, leis an tathant agus leis an gcleachtas atá bunaithe ar thráma. Forbraíodh an pacáiste tacaí sin tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil deiridh ón bhfóram comhairleach a bhí faoi stiúir marthanóirí agus tar éis breithniú a dhéanamh ar tuarascálacha agus aighneachtaí ábhartha eile.

Beidh sé riachtanach reachtaíocht a rith chun na tacaí sláinte agus oideachais go háirithe a sholáthar. Maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille sin, rud lena gcumasófar freisin an Bord um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe, nó Caranua, a lánscor, tarchuireadh í chuig an gComhchoiste Oireachtais um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht i mí Mheán Fómhair 2023, agus d'fhoilsigh an Coiste an tuarascáil uaidh i mí na Nollag 2023. Tá sé beartaithe dul chun cinn a dhéanamh ar rith na reachtaíochta sa bhliain 2024.

Ina theannta sin, d'fhostaigh an roinn Sage Advocacy, eagraíocht neamhspleách tathanta a bhfuil cuntas teiste láidir aici i dtaca le tacaí tathanta a sholáthar d'aosaigh leochaileacha, do dhaoine scothaosta agus d'othair cúraim sláinte chun seirbhísí faisnéise, tacaíochta agus tathanta a fhorbairt do mharthanóirí chun cabhrú leo rochtain a fháil ar sheirbhísí agus tacaí ábhartha agus caidreamh a dhéanamh leo. Tá tús curtha ag Sage Advocacy leis an tseirbhís sin a chur i bhfeidhm cheana féin agus beidh sé i dteagmháil le grúpaí agus eagraíochtaí ábhartha chun feasacht ar infhaighteacht na seirbhíse a chur chun cinn.

Foilseacháin a bhaineann leis an Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe

- Scéim Ghinearálta de Bhille um Thacaí do Mharthanóirí Drochúsáide i bhForais Chónaithe, 2023

4.8 An Clár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Chinntigh Oifig an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí formhaoirseacht straitéiseach ar chur chun feidhme agus soláthar Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais ar fud na bliana 2023, mar aon le bainistiú a dhéanamh ar fhreagairt na roinne don chlár oibre um athchóiriú na seirbhíse poiblí agus brú chun cinn a dhéanamh ar chur in iúl agus cur chun feidhme na bpleananna agus clár oibre foriomlán roinne, earnála agus trasrialtais um athchóiriú, agus rannpháirtíocht trasearnála sa phróiseas á cinntiú.

3.8.1 Forbairt – Ráiteas Bliantúil Tosaíochtaí

Leagtar amach in Forbairt, an Ráiteas Bliantúil Tosaíochtaí, treochlár le haghaidh na tosaíochtaí straitéiseacha agus oibríochtúla atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise uainn don tréimhse 2023-2025 a chomhlíonadh. A bhuí le Forbairt, cabhraítear linn bainistiú a dhéanamh ar luas agus seicheamh an athraithe i dtreo spriocanna straitéiseacha fadtéarmacha agus cuirtear ar ár gcumas athrú agus athchóiriú leanúnach san earnáil a léiriú agus tuairisc a thabhairt ar dhul

chun cinn. Eisíodh tuarascálacha ar dhul chun cinn ag deireadh gach ráithe, rud lenar tugadh an t-eolas is deireanaí ar gach gníomh ar leith.

3.8.2 Ráiteas Straitéise 2023-2025

Leagtar amach sa straitéis seo treo straitéiseach agus tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne Oideachais do na trí bliana amach romhainn. Leis an straitéis, leantar dul chun cinn na straitéise 2021-2023 trí dhíriú leantach a chur ar phríomhréimsí amhail tacú le foghlaim leanaí tar éis na paindéime, aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil, cuimsiú imirceach, tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, an t-athrú aeráide a chomhrac agus tacú le rannpháirtíocht ghníomhach leanaí agus daoine óga sa chóras.

Agus an Ráiteas Straitéise sin á ullmhú, ghlac Oifig an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí páirt i mórphróiseas comhairliúcháin sheachtraigh agus inmheánaigh. Áiríodh leis sin dhá imeacht BEACONS (Oideachas a Bheochan dár bPobail ar Scála Náisiúnta). Ba é a bhí iontu sin ná imeachtaí comhairleacha le leanaí, daoine óga, tuismitheoirí agus múinteoirí i gceantar Bhaile Átha Cliath Thiar agus i gceantar Laoise, agus soláthraíodh leo ionchur luachmhar isteach sa straitéis sin.

3.8.3 An Fóram Bunoideachais

Lean an Fóram Bunoideachais de theacht le chéile ar fud na bliana 2023, agus é ag bainistiú luas agus sheicheamh na n-athruithe agus ag déanamh dul chun cinn ar obair i roinnt réimsí breise. Bunaíodh foghrúpa comhairliúchán chun príomhábhair imní i measc geallsealbhóirí a shainaithint a mhéid a bhaineann siad le comhairliúcháin lena ndéileáiltear le nithe suntasacha beartais, seirbhísí agus reachtaíochta, lena sainaithnítear cineálacha féideartha cur chuige chun ábhair imní faoi chleachtais chomhairliúcháin na roinne a leigheas agus lena mbailítear aiseolas ó gheallsealbhóirí chun tacú leis an roinn feabhas leanúnach a chur ar a comhairliúcháin le geallsealbhóirí.

3.8.4 Claochlú agus Nuálaíocht

D'eagraigh Oifig an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí Seachtain Claochlaithe na Roinne Oideachais i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ba é an téama ná fiosrú a dhéanamh agus dul i ngleic leis an gcéad chreat eile don chlaochlú, eadhon Seirbhísí Poiblí Níos Fearr. Le sraith láithreoireachtaí suimiúla faisnéiseacha ar líne ó chainteoirí éagsúla, tugadh deis d'fhoireann na Roinne léargais nua a fháil, rud a spreag iad chun leanúint ar aghaidh ag leabú smaointeoireacht chlaochlaitheach isteach ina róil.

Foilseacháin ón Oifig um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí sa bhliain 2023

- Ráiteas Straitéise 2023-2025
- Forbairt – Ráiteas Bliantúil Tosaíochtaí 2023
- Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023

4.9 Cosaint Sonraí

Phróiseáil an t-aonad 82 Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí agus 412 cheann d'iarrataí Saorála Faisnéise/d'iarrataí ar Rochtain ar Fhaisnéis maidir

leis an gComhshaol sa bhliain 2023.

4.10 Rialachas Sonraí

Ceann de na príomhghníomhartha faoi Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023 is ea an úsáid is fearr a bhaint as sonraí. Trí shonraí a chomhroinnt ar fud an Rialtais, éascaítear soláthar seirbhíse níos fearr, tacaítear le cinnteoireacht níos fearr, bíonn sé níos fusa seirbhísí a rochtain agus brúitear barainneachtaí chun cinn. Sa bhliain 2023, lean an Roinn de pháirt a ghlacadh i dtionscadail lárnacha agus de chomhoibriú le comhpháirtithe laistigh den earnáil oideachais agus den mhórsheirbhís phoiblí araon chun an sreabhadh is éifeachtaí sonraí a chinntiú, lenar áiríodh trí Chatalóg Sonraí na Seirbhíse Poiblí, trí Phlean na Roinne um Shonraí Oscailte a Fhoilsiú agus trí rannpháirtíocht i ngrúpa na gCuradh Bonneagair Sonraí Náisiúnta agus sa líonra Oifigeach Sonraí.

4.11 Caiteachas na Roinne

B'ionann agus €10.8 billiún toradh ollchaiteachais sealadach na Roinne Oideachais sa bhliain 2023. Bhí sé sin comhdhéanta de chaiteachas reatha a bhí cothrom le €9.5 billiún agus de chaiteachas caipitil a bhí cothrom le €1.3 billiún. Leis na leithdháiltí buiséid sa bhliain 2023, rinneadh soláthar do thart ar 2,180 duine de mhúinteoirí nua agus de chúntóirí riachtanas speisialta nua a earcú, do scéim na leabhar scoile in aisce do bhunscoileanna a thabhairt isteach agus do sceideal soláthar foirne 23:1 a bhí íseal go stairiúil a bhaint amach ar leibhéal na bunscoile, i measc nithe eile.

4.12 Cur Chun Feidhme Seirbhísí Comhroinnte

Lean an tsraith tionscadal agus oibríochtaí san ionad Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais (ESBS) ar aghaidh ag méadú sa bhliain 2023. Tá ESBS ag próiseáil párollaí anois do chúig cinn déag de Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Tá dhá Bhord Oideachais agus Oiliúna nua ag aistriú chuig an tseirbhís sa bhliain 2023 agus tá an Bord Oideachais agus Oiliúna deiridh le haistriú i ráithe 1 den bhliain 2024. Ba í 2023 an chéad bhliain iomlán ina raibh Boird Oideachais agus Oiliúna ag baint úsáid as ESBS le haghaidh íocaíochtaí le Printísigh agus le Foghlaimeoirí, agus próiseáladh breis agus 500,000 íocaíocht lena linn.

Tá cúig Bhord Oideachais agus Oiliúna tar éis a bhfeidhm Caiteachais a aistriú chuig ESBS, agus tá ceann eile le haistriú i ráithe 1 den bhliain 2024. Tá cumarsáid á déanamh faoi láthair le Boird Oideachais agus Oiliúna chun an t-ord reatha agus na hamlínte a shainaithint do na Boird Oideachais agus Oiliúna eile maidir leis an bhfeidhm sin a aistriú. Ní dhearnadh an dul chun cinn a bhí beartaithe ar an tionscadal ríomh-earcaíochta sa bhliain 2023 agus dhún an Coiste Stiúrtha é ar deireadh. Is féidir an obair a rinneadh sa tionscadal a úsáid chun bonn eolais a chur faoi réiteach sa todhchaí.

Leanadh den Chlár Feabhsúcháin Pinsean, agus dul chun cinn á dhéanamh ar obair ar shaincheisteanna comhlíonta a bhaineann le riar na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Bhí caidreamh leanúnach ar bun leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) chun tacú léi a cumraíocht pinsinéirí a nuashonrú agus bhí caidreamh leanúnach ar bun le Boird Oideachais Oiliúna chun tacú leo sonraí pinsinéirí a ghlanadh chun cur i bhfeidhm éifeachtúil na méaduithe pinsin do 94% de phinsinéirí Boird Oideachais agus Oiliúna a chumasú.

Tháinig cur chun feidhme Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais Boird Oideachais agus Oiliúna ESBS i bhfeidhm nuair a cuireadh dhá Bhord Oideachais agus Oiliúna leis. Cuireadh Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin leis i mí Iúil agus cuireadh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí leis i mí na Samhna, agus próiseáladh 14,350 sonrasc ab fhiú breis agus €30.4m san iomlán sa bhliain 2023. Ceann de na príomhnithe ar díríodh orthu sa bhliain 2023 ba ea an tionscadal Comhdhlúthaithe TF deiridh do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, agus é le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024. Rinneadh dea-dhul chun cinn ar thionscadail feabhsúcháin airgeadais sa bhreis, agus Tiontú MLG i bhfeidhm anois do cheithre Bhord Oideachais agus Oiliúna, Bainistíocht Tairiscintí agus Conarthaí i bhfeidhm anois d'ocht mBord Oideachais agus Oiliúna, agus Bainistíocht Feidhmíochta Fiontar Dinimiciúil i bhfeidhm anois do naoi mBord Oideachais agus Oiliúna.

Lean foireann Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais na Roinne Oideachais de thacú le clár seirbhísí comhroinnte RBATNE agus den chlár sin a thógáil agus é ag déileáil leis an leathnú seirbhísí faoin tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Párolla Ard-Oideachais (HEPSS). Sa bhliain 2023, d'éirigh le foireann HEPSS céim an Chruthúnais Coincheapa den tionscadal a chur i gcrích le haistriú Ollscoil Luimnigh (UL) i mí na Bealtaine. D'aistrigh dhá Institiúid Ardoideachais sa bhreis chuig HEPSS sa bhliain. D'aistrigh an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD) i mí Feabhra agus d'aistrigh Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, campas Cheatharlach, i mí Dheireadh Fómhair tar éis aontú a réiteach Bainistíochta Acmhainní Daonna agus Párolla lena campas i bPort Láirge. Tá seirbhísí á gcur ar fáil anois do shé Institiúid Ardoideachais. Tá dhá institiúid eile le haistriú sa bhliain 2024, eadhon Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS) agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU), agus tá aontú a réiteach Bainistíochta Acmhainní Daonna agus Párolla le déanamh ag an am céanna.

Lean an tAonad ar aghaidh ag obair le HEAnet agus EduCampus, agus é ag cistiú a gcuid oibre ar sheirbhísí comhroinnte Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a sholáthar don earnáil oideachais. Is é HEAnet an tseirbhís de chuid an Líonra Náisiúnta Taighde agus Oideachais (NREN) a sholáthraíonn nascacht Idirlín agus seirbhísí comhroinnte TFC do thuairim is milliún duine de mhic léinn, de thaighdeoirí agus de bhaill foirne ar fud na n-earnálacha bunoideachais, iar-bhunoideachais, breisoideachais agus ardoideachais. Sa bhliain 2023, chuir cliaint Chéim 1 agus Chéim 2 tús leis an bpróiseas chun iad a chur leis an tseirbhís Lárionad Oibríochtaí Slándála/Bainistíocht Teagmhas Slándála (SOC/SIEM) don earnáil oideachais. Is é is EduCampus ann ná soláthraí tacaíochta feidhmchlár TFC seirbhísí comhroinnte don earnáil ardoideachais, agus thacaigh sé le cumaisc leanúnacha na nInstitiúidí Teicneolaíochta chun Ollscoileanna Teicneolaíochta nua a chruthú ar fud na bliana 2023 agus isteach sa bhliain 2024.

Lean SSIU de thacaíocht a thabhairt don athchóiriú soláthair agus do sholáthar láraithe a chur chun cinn sa bhliain 2023. Rinne Bord an Chláir Soláthair Oideachais (EPPB) formhaoirseacht ar fhorbairt agus cur chun feidhme seirbhísí soláthair phoiblí don earnáil oideachais agus oiliúna de réir bheartas an Rialtais um athchóiriú soláthair, agus sholáthair sé fóram don earnáil chun dúshláin agus réitigh a phlé. Bunaíodh soláthar le haghaidh creat lárnach do Throscán Scoile (lena n-áirítear scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna), a tugadh chun críche le cúnamh ón Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP), an 1 Samhain, agus luach íostarraingthe ionchais iomlán de €27.3m aige.

4.13 Pinsin agus Párolla

Sa bhliain 2023, phróiseáil an Roinn Oideachais sochair aoisliúntais do níos mó ná 1,800 duine, idir mhúinteoirí, bhaill foirne neamhtheagaisc agus a marthanóirí. Mar chuid den phróiseas aoisliúntais, rinne an roinn soláthar do bhreis agus 900 seirbhís inphinsin a aistriú chuig comhlachtaí eile seirbhíse poiblí agus uathu araon, riar sí breis agus 1,400 iarraidh meas-seirbhíse, agus phróiseáil sí breis agus 1,600 ceist dlí teaghlaigh. De bhreis air sin, phróiseáil an tAonad Pinsean 130 iarratas ar bhlianta breise seirbhíse gairmiúla d'fhostaithe sa mhórearnáil

oideachais. Próiseáladh breis agus 41,000 ceist a bhain le seirbhís do chustaiméirí sa bhliain 2023. Tá an tAonad Pinsean ag leanúint le ráitis sochar pinsin a eisiúint chuig na baill de scéimeanna agus tá sé ag obair go gníomhach ar fheabhsuithe chun an líon ráiteas is féidir a eisiúint a mhéadú. Tá na feabhsuithe sin ina gcuid de mhórthionscadal atá ar bun chun feabhas a chur ar acmhainn agus feidhmíocht an Aonaid Phinsean ach próisis agus nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a nua-aoisiú.

4.14 Iniúchóireacht Inmheánach

Tá an Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí sa roinn freagrach as dearbhuithe a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leorgacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na bpróiseas um bainistíocht riosca, um chórais rialaithe inmheánaigh agus um rialachas.

Déantar clár iniúchóireachta bliantúil na Rannóige Iniúchóireachta Inmheánaí a ullmhú faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta, agus tuairiscíonn an Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí don Choiste ar stiúradh an chláir sin agus ar thabhairt chun críche na dtuarascálacha iniúchóireachta. Rinne an Coiste Iniúchóireachta naoi dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a bhreithniú agus a cheadú sa bhliain 2023. Rianaíonn an rannóg, ar bhonn ráithiúil, an dul chun cinn ar chur chun feidhme na moltaí a thagann as tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí. Tuairiscíonn Údarás Iniúchóireachta CSE do Choiste Iniúchóireachta RBATNE gach bliain ar na fionnachtana suntasacha, na moltaí suntasacha agus na saincheisteanna suntasacha a eascraíonn as a chuid oibre iniúchóireachta.

Níor tugadh aird Cheann an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí agus Iniúchóireachta AE ná aird an Choiste Iniúchóireachta ar aon nochtadh cosanta inmheánach sa bhliain 2023.

4.15 Soláthar poiblí glas

Ceanglaítear le beartas soláthair na Roinne Oideachais go gcuirfear breithniúcháin timpeallachta san áireamh le linn earraí agus seirbhísí a fhoinsiú. Bíonn ag méadú ar an díriú ar sholáthar poiblí glas. I measc na samplaí ábhartha tá gléasanna fóin póca agus earraí glantacháin nach bhfuil feidhm ar bith leo a thuilleadh a athúsáid agus a athchúrsáil.

Foilseacháin a bhaineann le soláthar poiblí Glas

- Treochlár Teicniúil na hEarnála Scoileanna um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2023 go 2030
- Sainordú na hEarnála Scoileanna um Ghníomhú ar son na hAeráide

4.16 Cumarsáid na Roinne

D'oibrigh an Roinn Oideachais go hinmheánach chun feabhas a chur ar aschur cumarsáide gach rannóige sa roinn. Ba mar thoradh air sin a foilsíodh Treoirlínte Cumarsáide na Roinne Oideachais.

Ar fud na bliana 2023, lean an Roinn Oideachais d'obair go comhoibríoch le comhpháirtithe oideachais chun ábhair a tháirgeadh agus chun príomhtheachtaireachtaí atá ábhartha don earnáil a chur chun cinn, agus í ag tógáil ar obair a rinneadh roimhe sin chun uainiú agus seicheamhú cuí ábhar a chinntiú.

Bhí na gníomhaíochtaí cumarsáide uile a raibh fógraíocht ar áireamh leo faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla nua – ba cheart 20% den ábhar ar fad a bheith ar fáil i nGaeilge agus ní foláir 5% den chaiteachas ar fad ar chainéil fógraíochta a bheith caite ar na meáin Ghaeilge.

Forbraíodh straitéis agus plean cumarsáide iomlán chun tacú le soláthar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá sé sin á chur chun feidhme faoi láthair, agus é beartaithe comhdháil mhór a eagrú nuair a bheidh dea-dhul chun cinn déanta.

Cuireadh tús le hanailís agus soláthar feabhsaithe maidir le leathanaigh Ghréasáin na Roinne ar gov.ie sa bhliain 2023, agus tuilleadh oibre beartaithe don bhliain 2024. Áirítear leis sin prionsabail deartha UX a úsáid chun athchóiriú a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear ábhar oideachais ar fáil ar líne. Is príomhcholún den phlean gníomhaíochta um sheirbhís do chustaiméirí é sin agus beidh sé ina chuid mhór d'obair na foirne sa bhliain 2024.

4.17 Daltaí ón Úcráin

Bhí 18,003 dhuine de leanaí agus de dhaoine óga ón Úcráin rollaithe i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna in Éirinn ag deireadh mhí na Nollag 2023. Leanann an Roinn Oideachais de thacú le scoileanna maidir lena bhfreagairtí láithreacha do leanaí agus daoine óga ón Úcráin, go háirithe trí na Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga. Is é príomhról na bhFoirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga ná cabhrú le háiteanna scoile a aimsiú do na leanaí sin agus tacú le scoileanna freastal ar a gcuid riachtanas.

4.18 Caidreamh na Foirne Seachtraí

Bainistíonn an Roinn Oideachais caidreamh tionsclaíoch san earnáil scoileanna agus breisoideachais, lena n-áirítear roinnt fóraim foirne a oibriú agus ceannaireacht a thaispeáint ag raon suíomhanna tionsclaíocha, amhail an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an Chúirt Oibreachais. Chun cuspóirí beartais agus oibriúcháin a chomhlíonadh go rathúil, oibrímid i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe oideachais chun timpeallacht chobhsaí caidrimh thionsclaíoch a chinntiú trí fhreagairtí tráthúla éifeachtacha do shaincheisteanna. Tá ról againn freisin i dtacú le húsáid éifeachtach a bhaint as an bhfórsa saothair oideachais chun ár gcuspóirí a bhaint amach trí ionadaíocht a dhéanamh don earnáil ag cainteanna náisiúnta pá agus trína chinntiú go gcomhlíontar beartas pá an Rialtais.

Tugann an Roinn Oideachais faoi idirbheartaíocht caidrimh thionsclaíoch thar ceann an Stáit san earnáil oideachais agus oiliúna, agus tugann sí comhairle maidir le caidreamh tionsclaíoch agus le dlí na fostaíochta don Aire. Rinne an Roinn Oideachais formhaoirseacht ar oibriú an chomhaontaithe 'Ag Dul Ó Neart go Neart' san earnáil sa bhliain 2023 agus d'eisigh sí ciorcláin lena gcuirtear na méaduithe pá atá dlite chun feidhme.

Sa bhliain 2023, thángthas ar chomhaontú idir an roinn agus Fórsa maidir le téarmaí agus coinníollacha rúnaithe scoile. Thug an Roinn Oideachais faoi thionscadal suntasach a bhain le cur chun feidhme a dhéanamh ar an gcomhaontú, ar mar thoradh air a aistríodh rúnaithe chuig párolla roinne i mí Mheán Fómhair 2023.

Sa bhliain 2023, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais 39 gcinn de chiorcláin/de nótaí a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha foirne.

Ciorcláin a bhaineann le caidreamh na foirne

- Ciorclán 0064/2023 – Liúntais Athbhreithnithe Chothaithe Intíre a bheidh in éifeacht ón 14 Nollaig 2023 agus atá iníoctha le Baill Foirne de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus le Comhaltaí de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus de Choistí Reachtúla de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna
- Ciorclán 0063/2023 – Saoire Foréigin Baile do bhaill foirne seachas daoine atá fostaithe mar Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta i mBoird Oideachais agus Oiliúna
- Ciorclán 0062/2023 – Íocaíocht an Liúntais Uirlisí le hOibrithe Ceardaíochta – 2023
- Ciorclán 0061/2023 – Socruithe do Thoghchán Foirne chuig Bord BOOÁCDL
- Ciorclán 0060/2023 – Saoire Foréigin Baile do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0059/2023 – Saoire Foréigin Baile do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0058/2023 – Saoire Force Majeure agus Saoire Bhreoiteachta Teaghlaigh do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0057/2023 – Rochtain do mhúinteoirí téarma shocraithe/do mhúinteoirí sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus do mhúinteoirí páirtaimseartha ar an bPainéal Forlíontach Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2024/25
- Ciorclán 0056/2023 – Beart costas maireachtála chun tacú le freastal ar an méadú i gcostais reatha scoile
- Ciorclán 0055/2023 – Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis do bhaill foirne seachas daoine atá fostaithe mar Mhúinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta i mBoird Oideachais agus Oiliúna
- Ciorclán 0053/2023 – Sosanna Beathú Cíche do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0052/2023 – Sosanna Beathú Cíche do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0051/2023 – Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0050/2023 – Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0047/2023 – Scéim Saoire Uchtaíche do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0048/2023 – Scéim Saoire Uchtaíche do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0046/2023 – Athbhreithniú ar Thuarastail Rúnaithe Scoile arna Maoiniú Roimhe faoi Mhaoiniú Deontas Coimhdeach
- Ciorclán 0045/2023 – Athbhreithniú ar thuarastail d'Oifigigh Chléireachais agus Feighlithe atá fostaithe i Scoileanna Náisiúnta faoi Scéim 1978/79 agus d'Oifigigh Chléireachais atá fostaithe in Iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978 faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023 ("An Comhaontú")

- Ciorclán 0044/2023 – Athbhreithniú Tuarastal do Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023 (“An Comhaontú”)
- Ciorclán 0043/2023 – Athbhreithniú ar thuarastail grád áirithe seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023
- Ciorclán 0042/2023 – Athbhreithniú Tuarastal do Chúntóirí Riachtanas Speisialta faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023 (“An Comhaontú”)
- Ciorclán 0041/2023 – Athbhreithniú ar Thuarastail Múinteoirí faoin gcomhaontú pá dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023
- Ciorclán 0038/2023 – Ag Dul ó Neart go Neart – Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2022: Cur i bhFeidhm na Margála Earnála, le héifeacht ón 1 Feabhra 2022 – Íocaíocht Liúntais MGO/Ard-Dioplóma le múinteoirí iar-bhunscoile ar an Scála Pá do Mhúinteoirí roimh 2011
- Ciorclán 0037/2023 – Neamhláithreachtaí Páirteacha Do Choinní Seirbhíse Cúrsaí Sláinte do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile
- Ciorclán 0032/2023 – Scéim Mhaoirseachta agus Ionadaíochta – Roghnú Isteach do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2022
- Ciorclán 0033/2023 – An Scéim Saoire Cúramóra do Chúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0025/2023 – Saoire Cuardaigh agus Tarrthála ar bhonn Deonach do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta
- Ciorclán 0023/2023 – Scéim chun Creidmheas Incriminteach a Bhronnadh ar Mhúinteoirí Iar-bhunscoile a bhfuil seirbhís roimhe seo acu mar Dhuine Acmhainne Ógtheagmhála nó mar Chomhordaitheoir Ógtheagmhála
- Ciorclán 0011/2023 – Athbhreithniú ar Thuarastail d’Oifigigh Chléireachais agus d’Fheighlithe atá fostaithe faoi Scéim 1978-79 faoin gcomhaontú pá dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart le héifeacht ón 01 Márta 2023
- Ciorclán 0010/2023 – Athbhreithniú ar Thuarastail Rúnaithe Scoile agus Ball Foirne Cothabhála Scoile i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha faoin gcomhaontú pá dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart le héifeacht ón 01 Marta 2023
- Ciorclán 0009/2023 – Athbhreithniú ar Thuarastail agus Liúntais de Ghráid Áirithe seachas Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna faoin gcomhaontú pá dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart le héifeacht ón 01 Marta 2023
- Ciorclán 0008/2023 – Athbhreithniú ar Thuarastail Cúntóirí Riachtanas Speisialta faoin gcomhaontú pá dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart le héifeacht ón 01 Marta 2023
- Ciorclán 0007/2023 – Athbhreithniú ar Thuarastail Múinteoirí faoin gcomhaontú pá dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart le héifeacht ón 01 Márta 2023

4.19 Obair go comhoibríoch le comhghleacaithe ar fud státseirbhís agus sheirbhís phoiblí na hÉireann, an Aontais Eorpaigh agus fóraim idirnáisiúnta chun tacú le cur chuige réidh uile-Rialtais i leith seirbhísí oideachais in Éirinn.

Lean an Roinn Oideachais de chaidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí agus comhpháirtithe idirnáisiúnta agus Aontais Eorpaigh chun tacú lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta agus chun cabhrú le baint amach an chuspóra atá againn maidir lena chinntiú go gcuirtear an dea-chleachtas idirnáisiúnta san áireamh le linn beartais oideachais a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Ar fud na bliana 2023, áiríodh leis sin ionadaíocht ardchaighdeáin a dhéanamh ag cruinnithe idirnáisiúnta agus Aontais Eorpaigh agus ag comhdhálacha, etc., agus feabhas á chur ar an gclú atá ar Éirinn as comhar idirnáisiúnta oideachais le hinstitiúidí idirnáisiúnta ábhartha, amhail ECFE agus UNESCO (Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe), agus le tíortha eile. Thacaigh Aonad Idirnáisiúnta na Roinne Oideachais lena lán cuairteanna, lenar áiríodh toscaireachtaí ó Rialtais agus ó eagraíochtaí eile oideachais, ar an Roinn, ar ghníomhaireachtaí agus ar scoileanna. Tá freagracht ar an aonad freisin as bainistiú a dhéanamh ar scéimeanna a bhfuil mar aidhm leo múinteoirí a earcú chun freastal ar riachtanais na scoileanna Eorpacha agus chun ár ngealltanais i leith na scéimeanna cúntóirí Béarla a chomhlíonadh chun tacú lenár n-aidhmeanna a bhaineann le comhar Aontais Eorpaigh.

Lean an Roinn Oideachais de chomhar oideachais leis an mBreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann a thógáil, agus í ag comhlíonadh na ngealltanas ábhartha i gClár an Rialtais agus ag comhlíonadh na ngealltanas a thug an Rialtas sa chonradh Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua do Thuaisceart Éireann. Baineadh é sin amach trí rannpháirtíocht a chur chun cinn faoin Meabhrán Tuisceana maidir leis an Oideachas faoin Meabhrán Tuisceana maidir leis an gComhlimistéar Taistil a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe de bharr an Bhreatimeachta agus trí thacaíocht leanúnach a thabhairt do ranna agus eagraíochtaí Thuaisceart Éireann agus trí rannpháirteachas leo sin.

Lean an Roinn Oideachais de rannchuidiú le cur chun feidhme an Chláir PEACE IV de chuid an Aontais Eorpaigh i réimse an oideachais chomhroinnte agus le forbairt an Chláir PEACEPLUS nua faoin ngné um Fhoghlaim Chomhroinnte le Chéile.

4.20 Staitisticí

Lean an rannóg staitisticí de thacú le Sprioc 3 den Ráiteas Straitéise, agus í ag soláthar na sonraí tráthúla a theastaíonn ó rannóga éagsúla eile agus ag comhlíonadh ár n-oibleagáidí idirnáisiúnta tuairiscithe. Ag obair di i gcomhpháirt leis an Rannóg Párolla/TF, sholáthair an rannóg anailís sonraí mhionsonraithe faoin bhfórsa saothair múinteoirí agus rannpháirteachas suntasach leis an earnáil chun tuairisciú ar an bhfórsa saothair ar bhonn leanúnach. Tá an obair sin ag tacú leis an soláthar múinteoirí. Lean an rannóg staitisticí de thuairisc a thabhairt ar rolluithe daltaí ón Úcráin chun tacú le réimsí éagsúla den roinn (an Fhoireann Tacaíochta Daltaí, Cuimsiú Sóisialta, Airgeadas Scoileanna agus eile). Is díol suntais é go ndearna an rannóg staitisticí dearadh, tógáil agus seoladh ar an mol sonraí um léargais ar staitisticí oideachais freisin, ar mol é lena gcomhdhlúthaítear sonraí oideachais agus lena soláthraítear léargais níos doimhne orthu sin.

Foilseacháin ón Aonad Staitisticí sa bhliain 2023

- Táscairí Oideachais 2022
- Feasachán Staitistiúil 2023
- Rátaí coinneála daltaí i scoileanna dara leibhéal – Cohórt iontrála 2016
- Sracfhéachaint ar an Oideachas

- Nótaí Faisnéise ECFE
- An Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí (PISA)
- An Staidéar ar Dhul Chun Cinn ar Litearthacht Léitheoireachta Idirnáisiúnta (PIRLS)
- An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (PIAAC)
- An Staidéar Idirnáisiúnta ar Threochtaí i Matamaitic agus Eolaíocht (TIMSS)

4.21 Clár tógála scoileanna

Is é is aidhm don Roinn Oideachais bonneagar iomchuí le haghaidh timpeallachtaí foghlama a chur fáil le go bhfuil fáil ag gach foghlaimeoir ar thimpeallacht foghlama nua-aimseartha. Rud príomha a ndíríonn an roinn air is ea cóiríocht a chur ar fáil chun freastal ar éileamh ar áiteanna scoile i gceantair ina bhfuil rolluithe ag ardú.

Beidh méid os cionn €6 billiún á infheistiú ag an Roinn idir an bhliain 2021 agus an bhliain 2025 chun acmhainn a chur leis, chun forbairt, agus chun saoráidí scoile ar fud na tíre a uasghrádú do chóir a bheith milliún mac léinn agus breis agus 100,000 ball foirne a fhoghlaimíonn agus a oibríonn inár scoileanna gach lá. Leis an infheistíocht sin, tógfar ar an dea-dhul chun cinn atá á dhéanamh maidir le hacmhainn a mhéadú chun freastal ar athruithe déimeagrafacha agus maidir le soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Leis an infheistíocht sin, éascófar freisin díriú méadaithe ar nuachóiriú an stoic scoile atá ann cheana agus cabhrófar leis an gcóras scoileanna a aistriú chuig ré carbóin ghlan-nialasaigh faoin mbliain 2050.

Rinne an Roinn infheistíocht is ionann agus thart ar €4.3 billiún i gcistiú caipitil idir na blianta 2020 agus 2023, ar infheistigh €3.7 billiún di sa Chlár Tógála Scoileanna.

Soláthraíodh 330 tionscadal tógála scoile sa bhliain 2023 agus leanadh ar aghaidh ag tógáil breis agus 270 ceann de thionscadail tógála scoile ar mhórscála agus de thionscadail tógála cóiríochta breise scoile ag deireadh na bliana 2023. Cuirfear an chuid is mó díobh sin i gcrích sa scoilbhliain 2024/2025, agus breis agus 150 tionscadal ag dul isteach i gcéim na tógála sa bhliain 2023.

Cuireadh breis agus 40 tionscadal tógála scoile i gcrích i scoileanna speisialta, agus breis agus 200 seomra ranga nua á soláthar idir an bhliain 2020 agus an bhliain 2023. Tá sé sin de bhreis ar thart ar 600 seomra ranga nua do sholáthar Riachtanas Speisialta Oideachais a tógadh i scoileanna príomhshrutha.

Bhain 2,300 tionscadal leas as athchóiriú agus cothabháil riachtanach ar bheagscála i scoileanna tríd an Scéim Oibreacha Éigeandála agus tríd an Scéim Oibreacha Samhraidh ó bhí an bhliain 2020 ann. Soláthraíodh breis agus 700 tionscadal sa bhliain 2023 amháin.

Leanann an roinn de dhul chun cinn a dhéanamh chun an acmhainn bonneagair san earnáil scoileanna a mhéadú, agus díriú láidir á leagan ar aghaidh a thabhairt ar an éileamh a eascraíonn as déimeagrafaic ar leibhéal na hiar-bhunscoile agus ar an ngá atá le háiteanna scoile breise mar gheall ar leathnú na tithíochta i gcodanna den tír. Tá soláthar cóiríochta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcroílár thosaíochtaí na roinne agus ina phríomhthoisc taobh thiar de phleananna infheistíochta freisin.

3.22 Dul Chun Cinn ar an mBille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí)

Foilsíodh an Bille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) i mí Mheán Fómhair 2019. Is é príomhaidhm an Bhille ná feabhas a chur ar an dóigh a ndéanann scoileanna teagmháil le mic léinn agus lena dtuismitheoirí trí cheangal a chur ar gach scoil dul i gcomhairle le mic léinn agus lena dtuismitheoirí ar phleananna, beartais agus gníomhaíochtaí aonair de chuid na scoile. Cabhróidh sé sin lena chinntiú go n-éistfidh scoileanna le tuairimí éagsúla na mac léinn agus na dtuismitheoirí agus go bhfreagróidh siad dóibh. Tionscnaíodh an Bille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) sa Seanad agus chuaigh sé go rathúil tríd an Dara Céim sa Dáil i mí Iúil 2021. Tá an Roinn Oideachais ag leanúint de chaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí chun dul chun cinn a dhéanamh ar an reachtaíocht.

Foilseacháin a bhaineann leis an Aonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí

- An Óige a Choinneáil Saor ón bhFón Cliste
- Cineáltas: Plean Forfheidhmithe an Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2023-2027
    - Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 agus ar Fhorbairt Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht

3.22 Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhísí a sholáthar i nGaeilge, i gcomhréir leis an reachtaíocht agus trínár Scéim Teanga agus trínár gCairt Custaiméirí. Sa bhliain 2023, d'oibrigh an Roinn chun feasacht a mhúscailt i measc baill foirne ar na ceanglais Ghaeilge sa bhreis atá in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, agus chun baill foirne a chur ar an eolas faoi dheiseanna oiliúna Gaeilge. D'oibrigh an Roinn freisin chun tuilleadh faisnéise trí Ghaeilge a sholáthar don phobal trínár gcuid seirbhísí agus tionscnamh, go háirithe trínár suíomh Gréasáin agus trínár mbealaí meán sóisialta.

I gcomhréir le halt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), chuir an Roinn faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Teanga an fhaisnéis iomchuí maidir le fógraíocht ag an Roinn don bhliain 2023. Maidir leis an gceanglas á rá go gcinnteoidh comhlacht poiblí gur i nGaeilge a bheidh 20 faoin gcéad ar a laghad d'aon fhógraíocht arna déanamh ag an gcomhlacht in aon bhliain, tharla sé gur i nGaeilge a bhí 28% d'fhógraíocht na Roinne sa bhliain 2023. Maidir leis an gceanglas á rá go ndéanfar 5 faoin gcéad ar a laghad d'aon airgead a chaithfidh an comhlacht ar fhógraíocht in aon bhliain a úsáid chun fógraíocht a chur amach i nGaeilge trí na meáin Ghaeilge, tharla sé gur i nGaeilge trí na meáin Ghaeilge a bhí 3.3% de chaiteachas fógraíochta na Roinne sa bhliain 2023.

Aguisín A – Sonraí Corparáideacha

Achoimre ar ghníomhaíochtaí na Cigireachta, 2023

Rinne an Chigireacht 2717 gcinn san iomlán de chigireachtaí/chuairteanna comhairleacha ar scoileanna agus ar shuíomhanna a chur i gcrích sa bhliain 2023, faoi mar atá leagtha amach thíos.

Achoimre ar ghníomhaíochtaí na Cigireachta, 2023

	Achoimre ar chigireachtaí	
Tábla 1	Cigireachtaí ar shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige atá ag glacadh páirt sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige*	509
Tábla 2	Cigireachtaí ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta	1000
Tábla 3	Cigireachtaí ar iar-bhunscoileanna	530
Tábla 4	Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile	361
Tábla 5	Cigireachtaí ar ionaid oideachais	16
Tábla 6	Cigireachtaí eile, cuairteanna comhairleacha eile agus gníomhaíochtaí meastóireachta eile	301
An líon iomlán cigireachtaí/cuairteanna comhairleacha ar shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige, ar scoileanna, ar ionaid oideachais agus ar shuíomhanna eile oideachais		**2717**

**An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige*

Tábla 1: Cigireachtaí ar shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige atá ag glacadh páirt sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, 2023

Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta	
Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta – Cúram agus Oideachas na Luath-Óige	429
Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta – Breith go Sé	16
Cigireacht Leantach Luathbhlianta	64
An Líon Iomlán Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta	**509**

Tábla 2: Cigireachtaí ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta, 2023

Cigireachtaí ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta	
Meastóireacht Scoile Uile	0
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	124
Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna DEIS*	4
Meastóireacht ar Ranganna Luath-Idirghabhála do Leanaí a bhfuil Uathachas orthu	15
Meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair do dhaltaí agus scoláirí ón Úcráin	53
Cigireacht Theagmhasach (iomlán)	383

Meastóireacht ar sholáthar do Bhéarla mar Theanga Bhreise	56
Meastóireacht le haghaidh aitheantas mar scoil Ghaeltachta (Bunscoil)	58
Cigireacht Leantach	4
Meastóireacht ar an Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu	17
Meastóireacht Curaclaim (iomlán)	260
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Cigireachtaí Tosaigh	11
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Cigireachtaí Deiridh	15
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe: Cigireachtaí Tosaigh	0
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe: Cigireachtaí Deiridh	0
An líon iomlán cigireachtaí ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta	**1000**

**DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna): Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cuimsiú Oideachais*

Tábla 3: Cigireachtaí ar iar-bhunscoileanna, 2023

Cigireachtaí ar iar-bhunscoileanna	
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	38
Cigireacht Ábhair	269
Meastóireacht Cláir	8
Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna	5
Meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair do dhaltaí agus scoláirí ón Úcráin	46
Meastóireacht le haghaidh aitheantas mar scoil Ghaeltachta (Iar-bhunscoil)	10
Cigireacht Theagmhasach	101
Cigireacht Leantach	7
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Cigireachtaí Tosaigh	14
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Cigireachtaí Deiridh	12
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe: Cigireachtaí Tosaigh	5
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe: Cigireachtaí Deiridh	3
Meastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu	12
An líon iomlán cigireachtaí ar iar-bhunscoileanna	**530**

**DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna): Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cuimsiú Oideachais*

Tábla 4: Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile, 2023

Cuairteanna Féinmheastóireacht Scoile	
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile ar bhunscoileanna	250
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile ar iar-bhunscoileanna	111
An Líon Iomlán Cuairteanna Comhairleacha Féinmheastóireacht Scoile	**361**

Tábla 5: Cigireacht ar ionaid oideachais, 2023

Cigireachtaí ar ionaid oideachais	
Cigireacht Theagmhasach	7
Cigireacht Leantach	0
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Cigireachtaí Tosaigh	0
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Cigireachtaí Deiridh	0
Meastóireacht ar Ionaid Oideachais (Soláthar Ógtheagmhála)	9
An líon iomlán cigireachtaí ar ionaid oideachais	**16**

Tábla 6: Cigireachtaí eile agus cuairteanna comhairleacha eile, 2023

Cigireachtaí eile/meastóireachtaí eile ar an soláthar do dhaltaí agus do dhaoine óga	
Cigireacht ar Choláistí Gaeilge	25
Cigireacht ar Aonaid Sainchúraim	5
Cigireacht a rinneadh faoi alt 24 den Acht Oideachais, 1998	0
Cigireachtaí i Scoileanna Eorpacha	17
Cigireachtaí i gColáistí Teagasc	1
Cigireacht ar champaí Litearthachta/Uimhearthachta DEIS do leanaí (lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla)	44
An Clár Cuimsithe Samhraidh	134
Meastóireacht ar chúrsaí samhraidh forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí	62
An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	2
An Ciste Sármhaitheasa Scoile: cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	11
Iomlán na gcigireachtaí/meastóireachtaí eile	**301**

Tábla 7: Foilsiú tuairiscí cigireachta, 2023

Foilsiú tuairiscí cigireachta	
Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta (luathbhlianta)	494
Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta: Cigireacht Leantach (luathbhlianta)	49
Meastóireacht Curaclaim (bunscoil)	284
Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna DEIS (bunscoil agus iar-bhunscoil)	9
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Cigireachtaí Tosaigh (bunscoil agus iar-bhunscoil)	31
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Cigireachtaí Deiridh (bunscoil agus iar-bhunscoil)	33

Coláistí Gaeilge	16
Meastóireachtaí ar Scoileanna in Aonaid Sainchúraim agus in Ionaid Choinneála Leanaí	4[3]
Meastóireacht ar an Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (bunscoil)	12
Meastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (iar-bhunscoil)	18
Meastóireacht ar Ionaid Oideachais (Soláthar Ógtheagmhála)	1
Cigireacht leantach (bunscoil agus iar-bhunscoil)	9
Cigireachtaí Ábhair (iar-bhunscoil)	292
Ag Tacú le Soláthar Sábháilte na Scolaíochta	0
Meastóireacht Cláir (iar-bhunscoil)	9
Meastóireacht Scoile Uile (bunscoil)	0
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (bunscoil)	84
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (iar-bhunscoil)	15
An líon iomlán tuairiscí a foilsíodh[4]	**1360**

Tábla 8: Tuarascálacha a eisíodh chuig scoileanna agus chuig ionaid agus nár foilsíodh, 2023

Eisiúint tuairiscí cigireachta	
Meastóireacht le haghaidh aitheantas mar scoil Ghaeltachta (bunscoil)	47
Meastóireacht le haghaidh aitheantas mar scoil Ghaeltachta (iar-bhunscoil)	6
Cigireacht theagmhasach (le seiceáil frithbhulaíochta)	2
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe: Cigireachtaí Tosaigh	3
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i Saoráidí Cónaithe: Cigireachtaí Deiridh	3

[3] Ba iad na tuairiscí a foilsíodh sa bhliain 2023 agus a bhain le hAonaid Sainchúraim ná cigireachtaí ábhair ar Mhatamaitic agus ar Bhéarla.

[4] Tá an líon tuairiscí a foilsíodh sa bhliain 2023 difriúil leis an líon cigireachtaí a rinneadh sa bhliain toisc nach féidir gach cineál tuairisce a fhoilsiú agus toisc nach mbaineann gach ceann díobh le cigireachtaí a rinneadh sa bhliain reatha.

Meastóireacht ar Ranganna Luath-Idirghabhála do Leanaí a bhfuil Uathachas orthu	9
An líon iomlán tuairiscí a eisíodh	**70**

Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte	**2015**	**2016**	**2017**	**2018**	**2019**	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**
Ceisteanna Parlaiminte ar Tugadh Freagra orthu	3657	3434	4209	4260	4918	4561	4875	4651	4746
Meabhráin don Rialtas a Fuarthas le haghaidh Tuairimí	160	108	144	167	208	107	180	197	169
Freagraí ar Shaincheisteanna Tráthúla	36	18	38	41	30	18	13,624	51	48
Freagraí ar Dhíospóireachtaí Atrátha (Tosaithe)	41	11	43	55	29	18	24	45	49
Uiríll a fuarthas in Oifig an Aire agus in Oifig **na nAirí Stáit**	7330	6130	6557	7266	885	12907	3880	1993	9816

Seirbhísí Faisnéise	**2023**
Fiosruithe Ginearálta Faisnéise	12,486
Fiosruithe Ginearálta maidir le Seirbhís do Chustaiméirí	141
Gearáin Fhoirmiúla a Fuarthas	23
Glaonna fóin ar an Aonad um Sheirbhís do Chustaiméirí	42,303
Iarrataí Saorála Faisnéise A Fuarthas A Dúnadh	 389 384
Iarrataí ar Rochtain d'Ábhair Sonraí A Fuarthas A Dúnadh	 82 79
Preaseisiúintí a Eisíodh	87
Leantóirí ar Twitter	85,700

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Tuigeann an Roinn Oideachais an príomhról atá aici maidir le baint amach an phríomhchirt atá ag an duine chun oideachais a chur chun cinn, a chosaint agus a choimirciú. Tá an ceart chun oideachais ar áireamh i roinnt coinbhinsiúin idirnáisiúnta um chearta an duine a bhfuil Éire ina páirtí iontu, eadhon:

- An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (Airteagal 13)
- An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh (Airteagal 28)
- An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (Airteagal 10)
- An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú (Airteagal 5) agus
- An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (Airteagal 24)

Eochairghné dá chinntiú go gcomhlíonann Éire na hoibleagáidí atá uirthi faoi na coinbhinsiúin sin is ea misean na roinne arb é atá ann leanaí agus daoine óga a éascú, tríd an bhfoghlaim, barr a gcumais a bhaint amach agus rannchuidiú le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann. Cinntítear leis freisin go n-aithníonn córas oideachais na hÉireann cearta leanaí agus daoine óga chun oideachais, gan beann ar na himthosca. Tá cur chun cinn an chomhionannais agus chearta an duine agus rochtain ar chóras cothromasach a chinntiú mar bhonn agus thaca ag ár misean agus brúnn sé ár ngnáthobair laethúil chun cinn.

Leanfaidh an roinn de fhreastal ar láithrithe ag Éirinn os comhair chomhlachtaí faireacháin Chonarthaí na Náisiún Aontaithe chun cuntas a thabhairt ar chur chun feidhme an chirt chun oideachais faoi na conarthaí sin.

Tá an roinn tiomanta freisin do thimpeallacht oibre a chinntiú don fhoireann ina gcuirtear rannpháirtíocht dhearfach, cumarsáid oscailte, cothroime, comhionannas agus meas chun cinn.

Úsáid Fuinnimh agus Caiteachas Fuinnimh sa bhliain 2022

Baineadh amach an cuspóir a bhí ag clár laghdaithe agus bainistithe fuinnimh na Roinne Oideachais chun úsáid fuinnimh a laghdú faoi 33% faoin mbliain 2020, agus laghdú 39.4% ónár mbonnlíne sa bhliain 2009 bainte amach faoi dheireadh na bliana sin. Tá an roinn fós ar an mbealach ceart chun an sprioc atá aici feabhsú 50% in éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030 a bhaint amach.

Leanann clár cuimsitheach gníomhartha fuinnimh agus athruithe iompraíochta d'éifeachtúlacht fuinnimh sa roinn a spreagadh. I measc na mórfheabhsuithe tá córais fomhéadraithe agus Córais Bainistíochta Foirgnimh a shuiteáil ag láithreáin na Roinne agus uasghrádú leantach an tsoilsithe chuig roghanna eile atá níos tíosaí ar fhuinneamh, amhail soilse LED.

Cuireadh ar áireamh sna taifid na figiúirí don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, a bunaíodh go hoifigiúil an 2 Lúnasa 2020 agus atá comhlonnaithe den chuid is mó leis an roinn ó bhí an bhliain 2020 ann. B'ionann agus €541,980.20 an caiteachas iomlán ar fhuinneamh don roinn sa bhliain 2022.

Catagóir	2009 (kWh)	2019 (kWh)	2020 (kWh)	2021 (kWh)	2022 (kWh)	2023 (kWh)
Leictreachas	8,267,804	5,380,170	4,628,557	4,381,782	4,649,104	2,267,601
Fuinneamh Teirmeach	2,567,208	3,138,052	2,647,680	2,621,109	2,308,280	4,904,967
Iomlán	10,835,012	**8,518,222**	**7,276,236**	**7,002,890**	**6,957,384**	**7,172,568**

* Is é is Riachtanas Iomlán Fuinnimh Phríomhúil (TPER) ann ná tomhas ar úsáid fuinnimh ina gcuirtear san áireamh an fuinneamh a úsáidtear agus/nó a chaillltear lasmuigh de theorainn na heagraíochta, go háirithe sa leictreachas a úsáidtear a ghiniúint agus a dháileadh. Is é an tomhas caighdeánach a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar úsáid fuinnimh é.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Bíonn an Roinn tiomanta i gcónaí do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh chun príomhthosaíochtaí agus príomhghníomhartha a chur chun cinn. Anuraidh, forbraíodh an Plean Cur Chun Feidhme Náisiúnta 2022-2024, agus leagtar cúig chuspóir straitéiseacha amach ann. Oibríonn an roinn chun a chinntiú go dtacaímid lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun a chinntiú go ndéanaimid ár gcuid sa phlean sin a sholáthar.

Ar aon dul le cur chuige ‘uile-Rialtais’ na hÉireann i leith na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, tá freagracht ar gach Aire ar leith as spriocanna forbartha inbhuanaithe aonair ábhartha a chur chun feidhme. Tá freagracht ar an roinn as cur chun feidhme na nithe seo a leanas a threorú mar chuid de Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4, Oideachas ar Ardchaighdeán – oideachas ar ardchaighdeán cuimsitheach agus cothrom a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách:

2. An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)

Seoladh an Dara Straitéis Náisiúnta ó Éirinn ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: OFI go 2030 i mí an Mheithimh 2022 agus tá Plean Cur Chun Feidhme do na blianta ó 2022 go 2026 ag gabháil léi. Leis an straitéis, glactar cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil, ó fhoghlaim agus cúram na luathóige go dtí an t-oideachas agus taighde tríú leibhéal agus níos faide anonn chun teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla agus le fiontair. Chomh maith le tacú le baint amach Sprioc 4.7 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, beidh OFI go 2030 ina chumasóir le haghaidh gach ceann de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Leagtar cúig phríomhréimse tosaíochta amach in OFI go 2030: 1) Beartas a chur chun cinn; 2) Timpeallachtaí foghlama a athrú ó bhonn; 3) Cumas oideoirí a fhorbairt; 4) Daoine óga a chumhachtú agus a shlógadh; agus 5) Dlús a chur le gníomhaíochtaí ar leibhéal áitiúil. I gcroílár na straitéise atá cur chuige institiúide uile i leith OFI, rud lena mbunathraítear spásanna oideachais ina n-áiteanna agus ina spásanna le haghaidh inbhuanaitheachta agus cuimsithe agus lena leabaítear OFI ar fud timpeallachtaí teagaisc agus foghlama, timpeallachtaí taighde agus timpeallachtaí oibriúcháin. Tá na gníomhartha atá leagtha amach sa straitéis ag teacht le cuspóirí an Phlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus le cuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus tacaíonn siad le baint amach na gcuspóirí sin.

6. DEIS

Gabhtar an coincheap ‘Gan Aon Duine a Fhágáil ar Leataobh’ i bPlean DEIS 2017, ar príomhthionscnamh beartais é a bhfuil mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil ar leibhéal na scoile, agus conairí chuig deiseanna níos fearr á soláthar dóibh sin as pobail atá i mbaol míbhuntáiste agus eisiaimh shóisialta. Soláthraítear raon leathan tacaí do gach scoil chun tacú le cuimsiú gach dalta agus chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá le sárú ag daltaí ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach. Agus na tacaí uilíocha sin á bhforlíonadh aige, soláthraítear leis an gclár DEIS bealach spriocdhírithe cothromasach chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil comhchruinnithe ar leibhéal na scoile lena

gcuirtear cothromas chun cinn ar fud na hearnála bunscoile agus na hearnála iar-bhunscoile. Baineann scoileanna sa chlár DEIS leas as raon tacaí spriocdhírithe, lena n-áirítear poist bhreise teagaisc sa seomra ranga, poist do chomhordaitheoirí teagmhála baile, scoile agus an phobail, cistiú deontais DEIS, deontais bhreisithe leabhar, tacaí curaclaim, rochtain tosaíochta ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus rochtain ar an gClár Críochnaithe Scoile. Chomh maith leis sin, tá rochtain tosaíochta ag gach scoil DEIS ar an gclár Béilí Scoile a bhfuil cistiú is ionann agus thart ar €90m aige. I mí an Mhárta 2022, méadaíodh rochtain ar an scéim go 322 scoil breise, agus leibhéil bhreise tacaíochta á dtabhairt do 39 scoil DEIS atá ann cheana ar chostas breise €32m. Fágann sé sin go dtacaíonn an clár DEIS anois le breis agus 240,000 dalta i mbreis agus 1,200 scoil, arb ionann é agus 30% de na scoileanna ar fad. Tacaítear leis an méadú trí mhéadú 20% ar chistiú don chlár, ó €150m sa bhliain 2021 go breis agus €180m ón mbliain 2023 ar aghaidh. Aithnítear rath an chláir DEIS ar fud an domhain, agus é aimsithe go bhfuil ag Éirinn ceann de na rátaí luathfhágála scoile is ísle, agus aimsíodh i measúnachtaí idirnáisiúnta go bhfuil aici córas oideachais a fheidhmíonn ar chaighdeán ard agus atá níos cothromasaí ná córais oideachais in áiteanna eile.

7. Ráiteas Polasaí um Oideachas STEM 2017-2026

Rannchuidíonn an polasaí um oideachas STEM le comhlíonadh sprioc 4.5 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, rud a bhfuil sé mar aidhm leis deireadh a chur le héagothromaíochtaí inscne san oideachas.

I mí na Samhna 2020, d'fhoilsigh an Roinn Athbhreithniú ar an Litríocht chun Sainaithint a Dhéanamh ar Idirghabhálacha Éifeachtacha ar son Aghaidh a Thabhairt ar Chothromaíocht Inscne in Oideachas STEM i Suíomhanna Oideachais Luathbhlianta, Bunscoile agus Iar-bhunscoile. Leagtar amach sa tuarascáil a bhfuil ar eolas faoi na príomhbhacainní ar rannpháirtíocht cailíní in oideachas STEM agus i bhfoghlaim STEM, agus béim á leagan inti freisin ar idirghabhálacha éifeachtacha ar féidir leo rannpháirtíocht cailíní in oideachas STEM a mhéadú.

Forbraíodh sraith moltaí chun gníomhartha náisiúnta a threorú maidir le cothromaíocht inscne in oideachas STEM. Foilsíodh an Plean Forfheidhmithe um Oideachas STEM go 2026 an 03 Márta 2023. Ba bhoinn eolais faoin bplean forfheidhmithe nua iad na haschuir ón bpróiseas comhairliúcháin agus na moltaí maidir le cothromaíocht inscne in oideachas STEM agus na moltaí maidir le hoideachas STEM agus na healaíona atá á bhforbairt faoi láthair.

Foilseacháin a bhaineann le hoideachas STEM

- An Plean Forfheidhmithe um Oideachas STEM go 2026

8. An Straitéis maidir le Litearthacht, Uimhearthacht agus Inniúlacht Dhigiteach

Tá an *Straitéis maidir le Litearthacht, Uimhearthacht agus Inniúlacht Dhigiteach 2011-2020* as feidhm anois agus tá straitéis leantach á forbairt. Leis an gcéad leagan eile den Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta, comhlíonfar sprioc 4.6 de na Spriocanna Forbartha

Inbhuanaithe, rud a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú *“go mbainfidh gach duine óg agus sciar maith daoine fásta, idir mhná agus fhir, litearthacht agus uimhearthacht amach”*.

Choimisiúnaigh an roinn taighde chun sainaithint éachtaí, bearnaí, dea-chleachtas agus réimsí féideartha gníomhaíochta don straitéis 10 mbliana nua a chur ar áireamh. Cuirfear aiseolas ó rannpháirteachas le geallsealbhóirí agus ó chomhairliúchán poiblí san áireamh freisin le linn don roinn an straitéis nua a fhorbairt.

9. Athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile

Cuireadh athbhreithniú ar an Scéim Iompair Scoile i gcrích sa bhliain 2023. Is é an t-athbhreithniú an t-athbhreithniú is cuimsithí a rinneadh ó bhunú na Scéime sa bhliain 1967 i leith.

Chuimsíodh san athbhreithniú an Scéim Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, an Scéim Iompair Bunscoile agus an Scéim Iompair Iar-bhunscoile. Breithníodh ann conas a oibríonn gach gné ar leith de na Scéimeanna faoi láthair, agus aird á tabhairt ar chritéir incháilitheachta, ar threochtaí, ar chostais, ar an bhfáil ar thiománaithe agus ar an éifeachtacht fhoriomlán ó thaobh príomhchuspóirí a chomhlíonadh de.

Rinneadh an t-athbhreithniú d’fhonn mór-éifeachtacht agus mór-inbhuanaitheacht na Scéime a scrúdú, á chinntiú go bhfreastalaíonn sí go leordhóthanach ar dhaltaí agus ar a dteaghlach. Leis an athbhreithniú, cuireadh leis na gealltanais atá tugtha laistigh de Chlár an Rialtais a mhéid a bhaineann siad leis an iompar scoile. Áiríodh leis sin scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ann chun an líon aistear de charr a laghdú agus measúnú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leis an Scéim Iompair Scoile obair i gcomhar leis an gClár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil. Scrúdaíodh san athbhreithniú freisin an acmhainneacht a bhaineann le snáitheanna éagsúla den scéim a chomhtháthú agus le cur chuige níos comhordaithe a ghlacadh le Ranna eile Rialtais a úsáideann seirbhísí iompair freisin.

10. Clár Treo-Aimsitheora Iarfheistithe Fuinnimh do Scoileanna

An Clár Treo-Aimsitheora Iarfheistithe Fuinnimh do Scoileanna, rud a bhfuil sé mar sprioc aige úsáid fuinnimh agus astaíochtaí CO2 a laghdú faoi 51%, d’iarfheistigh sé 41 scoil go dtí seo agus tá obair ar bun ar 15 scoil eile. Tá buiséad €35 mhilliún ag clár treo-aimsitheora na scoilbhliana 2023/24.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an Scéim Iompair Scoile agus tá scrúdú á dhéanamh lena linn ar roghanna chun an líon turas de charr a laghdú, ar ghealltanais maidir le gníomhú ar son na haeráide agus ar acmhainneacht na Scéime Iompair Scoile chun inbhuanaitheacht san iompar a chur chun cinn. Tá athbhreithniú á dhéanamh freisin ar thionscnaimh lena spreagtar siúl agus rothaíocht chun na scoile, lena n-áirítear an Clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil a n-oibríonn Clár na Scoileanna Glasa é i gcomhpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis na húdaráis áitiúla.

Aguisín D – Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne

Comhlachtaí Neamhthráchtála atá faoi Choimirce na Roinne
11. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 12. An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (CICA) 13. An Foras Taighde ar Oideachas (ERC) 14. An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) 15. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 16. An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) 17. An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe (RIRB) 18. An Coiste Athbhreithnithe um Shásamh Institiúidí Cónaithe (RIRC) 19. An Bord um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe: CARANUA 20. Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC)

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na comhlachtaí neamhthráchtála stáit atá faoi choimirce na Roinne seo, lena n-áirítear mionsonraí teagmhála agus mionsonraí boird, a fháil ar ár leathanach Gréasáin ar ghníomhaireachtaí:

https://www.gov.ie/en/organisation-information/341d4e-bodies-under-the-aegis-of-the-department-of-education-and-skills/?referrer=http://www.education.ie/en/The-Department/Agencies/

Aguisín D – Naisc dhíreacha chuig tuilleadh faisnéise ar gov.ie

Faisnéis Staitistiúil	Staitisticí Oideachais
Tuairiscí ón gCigireacht	Tuairiscí Cigireachta
Reachtaíocht Oideachais	Reachtaíocht Oideachais
Na Foilseacháin Uile	Foilseacháin ón Roinn Oideachais
Ciorcláin ón Roinn	Ciorcláin ón Roinn
Oideachas Speisialta	Oideachas Speisialta
Scoileanna a Dhearadh	Scoileanna a Thógáil agus a Dhearadh
Preaseisiúintí	Preaseisiúintí ón Roinn
Seirbhísí na Roinne	Seirbhísí na Roinne
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais